




An tUbhchruth,
160 Bóthar Shiol Bhroin,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath D04 FW28
Teileafón: +353 1 677 1700 | www.eirgrid.ie

Plean um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 2026

Meastóireacht ar Rannpháirtíocht
na bPáirtithe Leasmhara Líonraí



EirGrid.ie



1 Réamhrá

Maidir leis an bplean seo

4

Brollach

5

2 Ár Straitéis um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara an Líonra

Maidir leis an bplean seo

10

An comhthéacs ina n-oibrímid

10

Athbhreithniú Praghsanna 6

10

Straitéis Chorparáideach EirGrid

11

Straitéis EirGrid um Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

11

Brollach

12

Cé muid féin agus cad a dhéanaimid

14

Nasctha ar mhaithe le dul chun cinn

14

Ár Straitéis Chorparáideach

15

Ár straitéis um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

16

Ár luachanna

17

Ár bprionsabail rannpháirtíochta

17

Cén chaoi a n-oibrímid?

17

An speictream rannpháirtíochta

18

Príomhfhócais rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara

19

Cé hiad ár bpáirtithe leasmhara?

19

Earnáil na tionsclaíochta

20

Reachtúil agus eile

20

An tSochaí

21

Liosta na bpáirtithe leasmhara

21

REACHTÚIL

21

AN tSOCHAÍ

21

TIONSCAL

21

EILE 23

Ár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a fheabhsú

24

Sracfhéachaint ar Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ag EirGrid 2026

28

Tionscadail feabhsaithe eangaí agus rannpháirtíocht phoiblí 31

Léargas ginearálta

31

Straitéis	31
Ar deireadh, táimid i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus leanúint de bheith ag obair go nuálach agus aiseolas ar an obair a dhéanaimid á chur san áireamh againn.	31
An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí.	32
Pleanáil eangaí	32
Rannpháirteachas leis an bPobal	33
Rannpháirtíocht le húinéirí talún	34
Fóraim Phobail agus Thionscail	34
Cistí sochair pobail	34
Measúnú ar an Tionchar Sóisialta	35
Rannpháirteachas le grúpaí comhshaoil	35
Rannpháirtíocht le pobail iascaireachta	35
Seónna Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh	36
Cur chun feidhme: pleanáil	36
Cur chun feidhme: Seachadadh	41
Custaiméirí agus naisc agus tionscadail nasctha	54
Léargas ginearálta	54
Cad a dhéanaimid	54
An chaoi a n-oibrímid	54
Rannpháirtíocht Fheabhsaithe	54
Straitéis	55
Fís do Chustaiméirí EirGrid	55
Clinicí do chustaiméirí	55
Meon na gCustaiméirí a Thomhas	55
Rannpháirtíochtaí a bhaineann le Bainistíocht Cuntais	56
Uirlis do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM)	56
Clár Éartha Tarchuir (TOP) 2026	56
Fóram Trípháirtí	56
Comhairle Chomhairleach ‘Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú’	57
Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP)	57
Cur chun feidhme: An Custaiméir agus Naisc	57
Beartas um Nasc Seasmhach (BNS)	62
Léargas ginearálta	62
Straitéis	62
Seimineáir Ghréasáin	62
Tuarascálacha ar shrianta	62

Cur i bhfeidhm	63
Seoladh Anuas Gaoithe agus Gréine	67
Léargas ginearálta	67
Tuairisciú maidir le seoladh anuas gaoithe agus gréine	67
Straitéis	67
Meitheal Seolta Anuas	67
Cur i bhfeidhm	68
An eangach agus an margadh a oibriú agus a fhorbairt	69
Léargas ginearálta	69
Straitéis	69
Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite ar Tír agus Amach ón gCósta (STLI) - Rannpháirtíocht cheantanna	69
Seisiún eolais faoi cheant STLI	69
Dearadh ceant STLI a chomhordú leis an DCEE agus na rialtóirí (DCEE) agus CRU	70
Oibriócháí margaidh toillte a chomhordú	70
Cruinnithe Ghrúpa Úsáideoirí an Oibreora Margaidh (MOUG)	70
Glaonna seachtainiúla le rannpháirtithe	70
Ceardlanna Tionsclaíochta Margaí Cumhachta na Todhchaí	70
An Grúpa Idirchaidrimh Theicniúil um Margaí Cumhachta na Todhchaí (TLG)(TLG)	70
Nuachtlitreacha	71
Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí (GCRP)	71
Fóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta	71
Athbhreithniú, Forbhreathnú agus Athbhreithniú Lár na Bliana ar an gClár Éartha Tarchuir (TOP)	71
Comhairle Chomhairleach ‘Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú’	71
Grúpa Chumann na Margaí Seachtracha (EMAG)	71
Cur chun feidhme:	72
Rannpháirteachas sa mhargadh	72
Ceantanna fadtéarmacha	75
Rannpháirtithe MargaidhSEM	77
Oibriócháí córais.seirbhísí córais, agus bainistíocht éartha seirbhíse	78
Oibriócháí amach anseo	80
Rannpháirtíocht Eorpach, Rialtais agus beartais	82
Léargas ginearálta	82
Straitéis	82
Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)	82

Gníomhaireachtaí Eorpacha	83
Comhoibriú OCT amach ón gcósta	83
Líonra Oibreoirí Córais Idirnáisiúnta (ISON)	83
Comhoibriú le OCTanna eile	83
CIGRE	83
An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA)	84
An Tionscnamh Eangach In-athnuaite (RGI)	84
Tascfhórsaí agus Grúpaí Oibre Rialtais	84
Fóraim agus grúpaí stiúrtha	84
Cumarsáid agus tuairisciú corparáideach	84
Corparáid Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC)	84
Ard-Stiúarthóireacht an Fhuinnimh (DG ENER)	85
Coiste Speisialaithe AE-RA um Fhuinneamh (SCE)	85
Oibreoir Córais Fuinnimh Náisiúnta (NESO)	85
OCEaN RGI	85
Rannpháirtíocht Pleanála, Comhshaoil agus Bithéagsúlachta	85
Cur i bhfeidhm	86
Amach ón gcósta	91
Léargas ginearálta	91
Straitéis	91
Tascfhórsa um Sheachadadh Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWDT)	91
Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)	91
Comhoibriú OCT amach ón gcósta	92
Comhordú Céim 1	92
Amach ón gCósta a Chumhachtú - An Cósta Theas(Céim 2 Tonn Nua)	92
Rannpháirtíocht na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE)	92
Rannpháirteachas níos leithne le páirtithe leasmhara	93
Rannpháirtíocht Ceantanna na Scéime Tacaíochta don Leictreachas In-athnuaite Amach ón gCósta (STILAC)	93
Meabhrán Tuisceana (MT) le Fiontraíocht Éireann agus GFT	93
Rannpháirtíocht chomhshaoil agus bithéagsúlachta	93
Rannpháirtíocht le pobail iascaireachta	94
Cur i bhfeidhm	95
Céim 1 95	
Rannpháirtíochtaí Tascfhórsa DCEE	95
Comhaontuithe nasctha	95
Rannpháirtíochtaí Plean Ullmhachta Sócmhainní Amach ón gCósta	96
Slabhra soláthair, soláthar agus rannpháirtíocht sa mhargadh	97

Céim 1 Rannpháirtíocht an Ghrúpa Comhordaithe	98
Rannpháirtíochtaí tionscadail aonair atá beartaithe	98
Céim 2 99	
Meithleacha eile	100

Ár gcomhpháirtíocht le hÚinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST)

104

Léargas ginearálta	104
Straitéis	104
An Phunann Seachadta Gréasáin (NDP)	104
Clár Éartha Tarchuir (TOP)	104
Clár Comhpháirteach um Chlaohlú Éartha Seirbhíse (JOTP)	105
Plean Dreasachta Comhpháirteach Ilbhliana OCT/ÚST	105
Meithleacha / Fóraim	105
Comhchoistí ÚST/OCT	105
An Chairt um Bonneagar a Sholáthar	106
An Coiste Seachadta Gréasáin (NDC)	106
Oifig Chomhpháirteach um Bainistíocht an Chláir	106
Cur chun feidhme	106

Ár gcomhpháirtíocht leis an Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD)

111

Léargas ginearálta	111
Straitéis	111
An Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais	111
Meitheal Samhail Oibriúcháin OCT-OCD	111
Comhairle Chomhairleach SOEF	111
Cruinniú ráithiúil feidhmiúcháin	111
Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála	112
Cruinniú de Phainéal Oibríochtaí an Chomhaontaithe Bonneagair	112
Cur chun feidhme	112

Slándáil an tsoláthair

116

Léargas ginearálta	116
Straitéis	116
Leordhóthanacht an chórais agus ceantanna margaidh toillte	116
Giniúint éigeandála shealadach agus aonaid ceantanna margaidh toillte atá ann cheana a choinneáil	116
Riosca-Ullmhacht	117

Ullmhacht i gcás éigeandála	117
Comhoibriú le DCEE, CRU agus oibreoirí eile san earnáil fuinnimh	117
Comhoibriú le DCEE agus GIS	117
Comhoibriú le Líonraí BSL agus le GNI maidir le cumarsáid éigeandála	117
Staid an chórais agus cumarsáid ionchais	118
Cur chun feidhme	118

Taighde ar Fhuinneamh 121

Léargas ginearálta	121
Straitéis	121
Coiste Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta ENTSO-E	121
Tuarascáil nuálaíochta	121
Fóram Taighde EirGrid	122
Litreacha Tacaíochta	122
CleanerGrid (Eangach níos Glaine)	122
Suirbhéanna agus sásraí aiseolais	122
Lá oscailte agus imeacht líonraithe PhD	123
Lá taispeána agus insinte tráchtas	123
Líonra OCTanna Eorpacha faoi Oiliúint	123
Cur chun feidhme	123

Inbhuanaitheacht 126

Léargas ginearálta	126
Straitéis	126
Comhpháirtíochtaí agus príomhpháirtithe leasmhara	126
Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI):	127
SciFest:	127
Cur chun feidhme	127

Pleanáil straitéiseach agus líonraí a bheidh ann amach anseo 133

Léargas ginearálta	133
Pleanáil gréasáin neodraigh	133
Forbairt ar hidrigin ghlas agus stóráil fuinnimh	133
Comhoibriú idirnáisiúnta	134
Taighde agus staidéir maidir leis an gcóras cumhachta	134
Straitéis	134
Cur chun feidhme	135

C1 = Eanáir - Márta

C2 = Aibreán - Meitheamh

C3 = Iúil - Meán Fómhair

C4 = Deireadh Fómhair - Nollaig

1. Réamhrá

Maidir leis an bplean seo

In 2018, thug an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRU) dreasacht nua isteach le haghaidh EirGrid (mar Oibritheoir Córais Tarchurtha), agus Líonraí BSL (mar Oibritheoir Córais Dáilte) i dtaca le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.

Is é is cuspóir don dreasacht seo, mar atá luaite ag an CRU, cultúir a chur chun cinn laistigh den Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) agus den Oibritheoir Córais Dáilte (OCD) a chuireann páirtithe leasmhara (i.e. custaiméirí, gineadóirí, pobail áitiúla agus eile) i gcroílár an méid a dhéanann na cuideachtaí líonra. Cinntíonn sé sin go soláthraíonn na hOibritheoirí Córais torthaí ardcháilíochta do chustaiméirí fuinnimh agus don phobal i gcoitinne. Bhunaigh an CRU Painéal ina raibh ionadaithe ó pháirtithe leasmhara chun measúnú agus marcáil a dhéanamh ar EirGrid agus Líonraí BSL maidir le cáilíocht, dea-chur chun feidhme agus éifeachtacht a straitéise páirtithe leasmhara sa bhliain roimhe seo. Cinntear leis an scór sin an dreasacht airgeadais a fhaigheann na cuideachtaí, rud a imríonn tionchar díreach ar na hioncaim dreasachta a thuilltear.

Leis an bpróiseas seo éilítear ar EirGrid ár straitéis agus ár seachadadh maidir le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a léiriú, agus iad sin a bheith cuimsitheach agus cothrom le dáta, mar aon lenár gcainéil agus ár dtionscnaimh chun dul i gcomhar le páirtithe leasmhara agus tionchar dearfach inléirithe a imirt ar pháirtithe leasmhara, ar ghrúpaí páirtithe leasmhara nó ar an ngnó.

Leagtar amach sa doiciméad seo na gealltanais atá beartaithe againn le haghaidh 2026 agus conas is féidir lenár bpáirtithe leasmhara páirt a ghlacadh ann. Beidh tionchar leanúnach ag aiseolas ó pháirtithe leasmhara ar fud an tionscail, na sochaí agus comhlachtaí reachtúla ar ár gcur chuige i leith rannpháirtíochta.

An comhthéacs ina n-oibrímid

Téimid i dteagmháil go gníomhach le lucht déanta beartas, leis an tionscal agus leis an tsochaí ar gach leibhéal, ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal Eorpach, i gcomhréir lenár gculpóirí straitéiseacha agus le beartas Rialtais. Mar sin féin, is gnó rialáilte muid freisin, agus tarlaíonn ár rannpháirtíocht laistigh de thimpeallacht rialála. Lenár straitéis rannpháirtíochta soláthraítear na prionsabail agus na huirlisí chun a chinntiú, bimis ag caint lenár gcustaiméirí nó lenár bpobail áitiúla, go bhfuilimid soiléir faoinár n-oibleagáidí rialála agus ár gculpóirí. Leis an bplean seo díritear ar ár rannpháirtíocht laistigh dár sainchúram mar OCT agus is ceanglas é faoi PR5 [CRU/20/154](#), Athbhreithniú Praghsanna CRU 5 Creat Rialála, Dreasaichtaí agus Páipéar Cinnidh um Dhreasaichtaí agus Tuairisciú, agus tá sé beartaithe leanúint ar haghaidh faoi shocruithe Athbhreithniú Praghsanna 6 (PR6).

Athbhreithniú Praghsanna 6

Is é Athbhreithniú Praghsanna 6 (PR6) an creat trína ndéanann CRU meastóireacht agus formheas ar an gcéad chéim eile d'infheistíocht in uasghrádú bhonneagar leictreachais agus bhonneagar gaolmhar na hÉireann.

I mí Iúil 2025, d'fhoilsigh CRU [Dréacht-chinneadhPR6](#), sraith páipéar comhairliúcháin inar leagadh amach raon tograí maidir leis an ioncam ceadaithe le haghaidh EirGrid agus Líonraí BSL don tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030.

Is toradh iad na tograí a leagtar amach mar chuid de na Dréacht-chinntí seo ar phróiseas fairsing ilbhliantúil lenar bhain rannpháirtíocht fhorleathan, anailís chríochnúil ar phleananna gnó cuideachtaí líonra, tograí a fhorbairt le haghaidh creat rialála lena bhféachtar leis na rioscaí agus na héiginnteachtaí éagsúla do chuideachtaí agus do chustaiméirí a bhainistiú, agus liúntais ioncaim a thacaíonn le claochlú chóras fuinnimh na hÉireann. Leagtar amach sa Dréacht-chinneadh rún an CRU leanúint ar haghaidh leis an meastóireacht ar Dhreacht Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara lena n-áirítear Plean Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara OCTanna fhoilsiú agus an ceanglas dul i gcomhairle leis.

Agus é seo á scríobh, tá an próiseas sin fós ar siúl agus tá coinne le Cinneadh Críochnaitheach CRU faoi dheireadh 2025.

Straitéis Chorparáideach EirGrid

Tá deireadh ag teacht anois le tréimhse straitéise corparáidí 2020-2025 de chuid EirGrid. Tá a Straitéis Chorparáideach 2026-2030 á forbairt ag Grúpa EirGrid faoi láthair, straitéis a mheastar a sheolfar in 2026. Mar chuid d'fhorbairt na straitéise seo, tá EirGrid ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go ndéantar riachtanais agus tuairimí páirtithe leasmhara a ghabháil agus a chur san áireamh agus ár bplean á fhorbairt againn. Cuideoidh an straitéis chorparáideach nua seo lenár gcuid oibre a mhúnlú do na cúig bliana amach romhainn agus leagfaidh sí béim ar na príomhréimsí fócais don eagraíocht sa tréimhse seo.

Straitéis EirGrid um Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Le linn 2024, chuir EirGrid feabhas mór ar ár ndoiciméadacht rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara chun é a dhéanamh i bhfad níos struchtúrtha agus níos mionsonraithe, agus ghlac ár bpáirtithe leasmhara go dearfach leis sin. In 2025, lean EirGrid dár straitéis um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a fhorbairt i gcomhréir leis an straitéis chorparáideach thuasluaite. Tá an obair sin ar bun faoi láthair.

In oirchill Chinneadh Deiridh PR6 ó CRU agus Straitéis Chorparáideach nua EirGrid, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil EirGrid i dtréimhse aistrithe agus go mbeidh tuilleadh faisnéise maidir lenár straitéis chorparáideach agus ár gcur chuige ailínithe maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ar fáil in 2026.

Brollach



Is cúis áthais dom Plean um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara EirGrid 2026 a chur i láthair.

Léirítear sa doiciméad seo ár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara atá beartaithe againn le haghaidh 2026 mar oibritheoir córais tarchurtha na hÉireann. Sonraítear ann freisin na torthaí atá beartaithe do gach ceann de na rannpháirtíochtaí sin.

Tá ról uathúil ag EirGrid, mar oibritheoir córais tarchurtha d'Éirinn, maidir lenár gcóras cumhachta a athrú ó bhonn chun cabhrú freastal ar riachtanais an lae inniu agus na todhchaí. Tá sé ríthábhachtach é sin a bhaint amach chun níos mó neamhspleáchais agus slándála fuinnimh a scaoileadh, chomh maith le tacú le fás eacnamaíoch náisiúnta agus réigiúnach agus le sochaí athléimneach ísealcharbóin.

Agus muid ag ullmhú chun bogadh ar aghaidh go dtí an chéad tréimhse rialála Athbhreithnithe Praghsanna eile (PR6) in 2026, leanfaidh ár gcuid oibre de bheith ag díriú ar bhonneagar tarchurtha ríthábhachtach a sheachadadh de réir mar a leanfaimid lenár n-iarrachtaí an líonra a dhícharbónú agus an soláthar agus an t-éileamh á gcothromú ag an am céanna. Táimid ag obair freisin ar athruithe a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibrímid an córas cumhachta chun athléimneacht an chórais a chinntiú agus éifeachtúlacht agus cumas a fheabhsú ag an am céanna.

Ar an gcaoi chéanna, beidh bonneagar aamach ón gcósta ina rannchuidiú ríthábhachtach chun ár spriocanna a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon. Trínár rannpháirtíocht lárnach sa spás fuinnimh amach ón gcósta agus in-athnuaite, tá ról lárnach ag EirGrid in iarrachtaí na hÉireann astaíochtaí a laghdú agus ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Tá ról breise ag EirGrid freisin, ar leis sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta agus atá freagrach astu, nithe a bhfuilimid ag ullmhú dóibh faoi láthair.

Tá forbairt agus athchóiriú an mhargaidh chomh maith lenár n-athimeascadh i margaí na hEorpa le nasc an Idirnascaire Cheiltigh fós ina bpríomhthosaíochtaí agus muid ag leanúint de chreat iomaíoch a sholáthar a thacaíonn le hinfheistíocht. Chun na cláir sin a chur i gcrích agus chun tacú leis na hathruithe is gá do rannpháirtithe sa mhargadh, tá gá le rannpháirtíocht agus comhoibriú le raon páirtithe leasmhara.

Trí thosaíocht a thabhairt do rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ar fud ár gclár oibre go léir, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh an deis ag páirtithe leasmhara bonn eolais a chur faoinár gcinnteoireacht.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil libh as an aiseolas luachmhar ar fad a fuaireamar go dtí seo agus táim ag tnúth le comhoibriú leanúnach amach anseo.



2. Ár Straitéis um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara an Líonra

Cé muid féin agus cad a dhéanaimid

Is é EirGrid, mar Oibritheoir Córais Tarchurtha, a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn an eangach tarchurtha in Éirinn. Iompraíonn an eangach cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a dteastaíonn sí. Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na heangaí leictreachais chuig todhcháí ísealcharbóin inbhuanaithe.

Tugann an eangach cumhacht don tionscal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Tugann sé cumhacht freisin don líonra dáileacháin, atá á reáchtáil ag Líonraí BSL, a sholáthraíonn an leictreachas a úsáidtear i dtithe, i ngnólachtaí, i scoileanna, in ospidéal agus i bhfeirmeacha.

Táimid á rialú mar sholáthraí seirbhíse monaplachta. Déanaimid ár seirbhísí ar mhaithe le gach úsáideoir leictreachais agus chun tacú leis an ngeilleagar. Cinntímid go mbíonn leictreachas ar fáil i gcónaí nuair a bhíonn gá leis agus san áit a bhfuil gá leis, gach soicind de gach lá, agus go ceann blianta fada amach romhainn. Déanaimid an costas seo go héifeachtach agus ar mhaithe le gach úsáideoir leictreachais.

Is é EirGrid, mar Oibreoir Margaidh in Éirinn, i gcomhpháirt le SONI, mar Oibreoir Margaidh i dTuaisceart Éireann, a reáchtálann an margadh mórdhíola leictreachais uile-oileáin (An Margadh Leictreachas Aonair) tríd an gcomhfhiontar conarthach Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO), rud a chinntíonn go mbíonn cumhacht iontaofa ag úsáideoirí leictreachais i gcónaí ar phraghas iomaíoch. Déanaimid é sin ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ó thaobh costais de, ar mhaithe le gach úsáideoir leictreachais.


I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne an Rialtóir Fónais (RF) agus CRU faoi seach SONI agus EirGrid a athainmniú mar Oibritheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (OAML) i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn faoi seach. Soláthraíonn na OAMLanna, ag obair le chéile mar SEMOpx, ceantanna lá roimh ré agus socraíocht cúplála ion-lae maidir le trádáil sa Mhargadh Leictreachais Aonair.

Leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide um Rialtas na hÉireann, cuirtear cumhacht ghaoithe amach ón gcósta i gcroílár thiomantas an Stáit 80% dár leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais. Tá sé de chúram ar EirGrid an bonneagar eangaí tarchurtha amach ón gcósta a fhorbairt, a oibriú agus úinéireacht a bheith aige air, rud a thabharfaidh an chumhacht a ghineann feirmeacha gaoithe amach ón gcósta isteach inár n-eangach leictreachais náisiúnta.

Tá EirGrid freagrach as idirnaisc le heangacha comharsanacha a fhorbairt agus a oibriú, amhail leis an Eangach Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe tríd an Idirnascaire Thoir Thiar. Tá idirnaisc ar bun againn amach anseo le Tuaisceart Éireann (tríd an Idirnascaire Thuaidh Theas) agus leis an bhFrainc (tríd an Idirnascaire Ceilteach). Cumasaímid freisin idirnaisc arna bhforbairt agus arna n-oibriú ag tríú páirtithe, amhail an tIdirnascaire Greenlink. Tugaimid dár n-aire go gcuirtear uailmhianta maidir le hidirnascaidh breise thar na cinn atá ann cheana agus atá á dtógáil in iúl i [Ráiteas Beartais Náisiúnta an Rialtais maidir le hIdirnascaidh Leictreachais 2023](#).

Nasctha ar mhaithe le dul chun cinn

Ag EirGrid, téimid i dteagmháil go réamhghníomhach leis an tsochaí, leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara reachtúla ar fud na hÉireann agus mhór-roinn na hEorpa. Tá comhoibriú bunúsach chun ligean do EirGrid ár spriocanna a bhaint amach agus athrú dearfach a spreagadh do chách ag an am céanna.



Ár Straitéis Chorparáideach

Teastaíonn níos mó leictreachais ó Éirinn, agus ní mór dó a bheith níos glaine. Tá ról ar leith ag EirGrid maidir leis an gcóras cumhachta a athrú agus maidir le hÉirinn a bheith réidh don fhuinneamh in-athnuaite.


Tá bonn eolais ag ár straitéis 2020-25 ó spriocanna athraithe aeráide agus ar an idirthréimhse is gá chuig todhchaí ísealcharbóin in-athnuaite. Chun go n-oibreoidh an straitéis agus chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá gá le heangach leictreachais níos láidre agus níos solúbtha.

Ciallaíonn sé seo níos mó piolóin, níos mó línte lasnairde, níos mó fostáisiúin agus níos mó cáblaí faoi thalamh. Chun ár leictreachas a dhaingniú sa lá atá inniu ann agus chun todhchaí chobhsaí a chinntiú do na glúnta atá le teacht.

Tá a Straitéis Chorparáideach 2026-2030 á forbairt ag Grúpa EirGrid faoi láthair, straitéis a mheastar a sheolfar in 2026.

Mar chuid d'fhorbairt na straitéise seo, tá EirGrid ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go ndéantar riachtanais agus tuairimí páirtithe leasmhara a ghabháil agus a chur san áireamh agus ár

bplean á fhorbairt againn. Cuideoidh an straitéis chorparáideach nua seo lenár gcuid oibre a mhúnlú do na cúig bliana amach romhainn agus leagfaidh sí béim ar na príomhréimsí fócais don eagraíocht sa tréimhse seo.



Ár Straitéis Chorparáideach 2020-25.

Ár straitéis um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Tá rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara riachtanach chun ligean do EirGrid an córas cumhachta a athrú ó bhonn do na glúnta atá le teacht agus tá sé mar chuid dár straitéis chorparáideach trí na spriocanna tacaíochta seo a leanas:

Ag obair le páirtithe leasmhara ar son athrú dearfach agus dul i mbun rannpháirtíochta ar mhaithe le torthaí níos fearr do chách

Aithnímid an gá atá le comhoibriú agus idirphlé oscailte lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun ár spriocanna a bhaint amach. Chomh maith le teagmháil a dhéanamh leo siúd a mbíonn tionchar ag an méid a dhéanaimid orthu, oibrímid gach lá leo siúd a bhfuil sócmhainní tarchurtha eangaí acu agus a thógann

iad. Faighimid treoir ón Rialtas agus ó na rialtóirí, agus oibrímid i gcomhpháirtíocht leo chun beartas Rialtais a bhaint amach.

Feabhas a chur ar an eangach agus ar an margadh uile-oileáin

Chun a chinntiú go bhfuil oibriú agus forbairt an chórais chumhachta agus an mhargaidh sábháilte, slán agus iontaofa, téimid i mbun oibre ó lá go lá agus comhoibrímid go rialta lenár gcustaiméirí, le comhlachtaí ionadaíocha tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Trí rannpháirtíocht rialta, thráthúil agus éifeachtach na bpáirtithe leasmhara, tá sé mar aidhm againn ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach a léiríonn éifeachtúlacht agus nuálaíocht araon.

Ár luachanna

Tá rannpháirtíocht éifeachtach ríthábhachtach do gach uile fheidhm ar fud ár n-eagraíochta agus tá luachanna EirGrid mar bhonn taca léi. Léiríonn na luachanna seo ár meon agus ár gcur chuige agus muid ag dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara go léir chomh maith lena chéile.

Táimid trédhearcach Táimid oscailte, ionraic agus réamhghníomhach inár gcumarsáid Leis an Trédhearcacht, cothaítear Muinín	Táimid comhoibríoch Oibrímid lenár gcomhghleacaithe agus lenár bpáirtithe seachtracha chun torthaí a bhaint amach dár bpáirtithe leasmhara Leis an gComhoibriú, gintear Rath	Táimid freagrach Táimid muiníneach as ár gcuid inniúlachtaí agus soiléir maidir lenár gcuid teorainneacha. Leis an bhfreagracht , cumasaítear cumasú	Táimid uaillmhianach Cuirimid brú orainn féin ar gcuspóirí a chur i grích. Leis an Uaillmhian , seachadaítear Feidhmíocht
--	--	--	---

Ár bprionsabail rannpháirtíochta

D'fhorbraíomar prionsabail rannpháirtíochta EirGrid chun bonn eolais a chur faoi thorthaí níos fearr inár gcinnteoireacht.

Tá na prionsabail seo mar bhonn ag gach rannpháirtíocht leis an tionscal, le custaiméirí, le pobail agus le baill den phobal.

Fiúntach Rannpháirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara a luaíthe agus is féidir.	Ionchuimsitheach Eolas a thabhairt i dteanga shimplí, inrochtana.	Comhsheasmhach Dóthain ama a thabhairt do dhaoine chun a gcuid tuairimí a nochtadh.	Comhoibríoch Dóthain deiseanna soiléire a chur ar fáil don rannpháirtíocht.	Cómhalartach Cinntí agus tosca a dhéanann difear do na cinntí sin a mhíniú.	Soiléir Cumarsáid a dhéanamh le gach duine a bhí i dteagmháil linn agus mínigh conas a rinne an t-aiseolas difear don chinneadh deiridh.
---	---	---	---	---	--


Cén chaoi a n-oibrímid?

Ar fud ár gcuid oibre ar fad, bíonn deiseanna ag páirtithe leasmhara tionchar a imirt ar ár gcinntí ar bhealaí éagsúla.

Cé gur minic a bhíonn tosca rialála nó tosca eile ann bainteach leis an gcinnteoireacht, táimid oscailte don chomhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara, agus is mian linn an comhar sin a spreagadh go gníomhach, chun réitigh agus cuir chuige nua a fhorbairt le chéile.

An speictream rannpháirtíochta

Is uirlis é an speictream rannpháirtíochta a úsáidimid go coitianta chun na cineálacha éagsúla cur chuige i leith rannpháirtíochta a chatagóiriú. Cuireann sé ar ár gcumas tuiscint a fháil ar conas is féidir tionchar a imirt ar chinneadh agus na modhanna is fearr a roghnú le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach páirtithe leasmhara. Tá sé tábhachtach go mbeimid soiléir lenár bpáirtithe leasmhara faoin leibhéal tionchair is féidir a imirt ar aon ábhar chun a chinntiú go bhfuil comhthuiscint againn ar chuspóir ár rannpháirtíochta agus go mbíonn rannpháirtíochtaí trédhearcach i gcónaí.



An Speictream Rannpháirtíochta.

Bíonn cur chuige EirGrid le rannpháirtíocht curtha in oiriúint i gcónaí. Déanaimid machnamh ar na leibhéil éagsúla tuisceana teicniúla ar na páirtithe leasmhara atá rannpháirteach chomh maith le cineál an tionscadail nó an tionscnaimh.

I gcás gach príomhthionscadail nó príomhthionscnaimh, bainimid úsáid freisin as plean rannpháirtíochta saincheaptha ina sainaithnítear na bealaí a úsáidimid chun faisnéis a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara. D'fhéadfadh na bearta seo a leanas bheith ina measc:

- Teagmháil dhíreach le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara trí ríomhphost agus ar an bhfón

- Bróisiúir agus nuashonruithe tionscadail a chur ar fáil trí ríomhphost, suíomh gréasáin agus seachadadh díreach
- Fóraim phobail a bhunú do gach mórtionscadal eangaí
- Rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhdhálacha tionscail / trádála a théann i dteagmháil go díreach le forbróirí agus soláthraithe
- Fóraim, meithleacha agus ceardlanna tionscail a óstáil agus páirt a ghlacadh iontu
- Fógraíocht sa phreas áitiúil agus náisiúnta
- Faisnéis a chur ar fáil tríd ár suíomh gréasáin
- Fógraíocht agus aimplíú ar chainéil meán sóisialta EirGrid
- Fógraíocht ar ardáin dhigiteacha eile
- Litreacha chuig úinéirí talún agus comhlachtaí reachtúla
- Urlabhraithe a chur ar fáil le haghaidh plé ar na meáin chraolta (náisiúnta agus réigiúnach)
- Urlabhraithe a chur ar fáil le haghaidh plé ar na meáin chlóite (náisiúnta agus réigiúnach)
- Seimineáir ghréasáin a stiúradh
- Suirbhéanna ar chustaiméirí

Príomhfhócais rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara

Tá rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara dírithe ar a chinntiú go mbíonn an deis ag na daoine a mbíonn tionchar ag ár gcuid oibre orthu tionchar a imirt ar thoradh sula ndéantar cinneadh, agus iad ar an eolas faoi oibleagáidí rialála EirGrid ag an am céanna.

Trí dhul i dteagmháil go gníomhach lenár bpáirtithe leasmhara go léir, tá sé mar aidhm ag EirGrid an méid seo a leanas a chur ar fáil:



Cé hiad ár bpáirtithe leasmhara?

Tá timpeallacht páirtithe leasmhara EirGrid dinimiciúil i bhfianaise na n-athruithe leanúnacha a tharlaíonn san éiceachóras fuinnimh. Trí riachtanais, éilimh agus leasanna athraitheacha na bpáirtithe leasmhara a aithint agus a thuiscint, is féidir linn ár rannpháirtíochtaí a fheabhsú trí na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na bpáirtithe leasmhara. Chun

ionchuimsitheacht a chur chun cinn, déanaimid an cleachtadh mapála sin ag leibhéal gráinneach, rud a chinntíonn go ngabhaimid ár bpáirtithe leasmhara uile. I measc na bpáirtithe leasmhara áirítear:

Earnáil na tionsclaíochta

Cuimsíonn ár gcustaiméirí iad siúd atá nasctha go díreach leis an gcóras tarchurtha. Gineann roinnt custaiméirí leictreachas ó gnáthfhoinsí nó ó fhoinsí in-athnuaite. Tá éileamh ard ar leictreachas ag custaiméirí eile, nach féidir ach leis an gcóras tarchurtha a sholáthar. Soláthraíonn Ballstáit eile na seirbhísí riachtanacha chun an córas tarchurtha a oibriú, amhail taobh an éilimh agus aonaid stórála. Soláthraíonn custaiméirí idirnascaire seirbhísí fuinnimh agus córais do chórais leictreachais eile. Téimid i dteagmháil freisin leis na soláthróirí leictreachais agus leis na páirtithe leasmhara a bhfuil leas acu in oibriú agus i bhfeabhsú an chórais tarchurtha.

Tá sé mar aidhm ag EirGrid seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara an tionscail eile laistigh dár srianta rialála. Tugaimid freagra ar réimse leathan riachtanas ar fud na hearnála mórdhíola fuinnimh in Éirinn. Aithnímid go bhfuil go leor dár gcustaiméirí rithabhachtach chun 80% de riachtanais leictreachais na hÉireann a bhaint amach ó fhoinsí in-athnuaite agus ó chóras leictreachais ísealcharbóin tríd an méid seo a leanas:

- Giniúint leictreachais
- Stóráil Leictreachais
- Soláthróirí leictreachais,
- Idirnasc
- Teicneolaíochtaí breise
- Soláthar na seirbhísí riachtanacha chun an córas a oibriú go slán, go háirithe ag amanna ina mbíonn dul i bhfód mór ar ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite.

Leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí agus le ‘Ráiteas Beartais an Rialtais [maidir leis an gCreat le haghaidh Chóras Tarchur Eischósta Leictreachais na hÉireann](#),’ cuireadh de chúram ar EirGrid eangach nua leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt agus úinéireacht a bheith aici uirthi. Tugtar isteach leis sin raon níos éagsúla fós de pháirtithe leasmhara a mbeidh EirGrid rannpháirteach leo sna blianta amach romhainn. Cuirfidh EirGrid leis an gcaidreamh atá ann cheana le forbróirí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, le heagraíochtaí sa slabhra soláthair, le gnólachtaí innealtóireachta, le sainchomhairleachtaí, le gníomhaireachtaí Rialtais agus leis an Meitheal Oibre ar Bhia Mara agus ar Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta chun eangach nua leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt agus a sheachadadh. Tá rannpháirtíocht le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara tionscail eile tábhachtach dúinn chun cruth a chur ar an gcaoi a bhfreastalaímid ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí, agus ar an gcaoi a ndéanaimid an córas tarchurtha a phleanáil, a fhorbairt agus a oibriú.

Reachtúil agus eile

Bímid i dteagmháil le:

- Gnólachtaí,
- An Saol Acadúil,
- Eagraíochtaí ionadaíocha an tionscail,
- ENRanna agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha,
- Údaráis pholaitiúla, agus
- Comhlachtaí reachtúla agus comhlachtaí stáit eile ar gach leibhéal.

Cuidíonn sé seo linn léargas a fháil orthu siúd a bhfuil spéis ar leith acu inár bpleananna nó i saincheist ar leith. Cinntíonn sé freisin go bhfuilimid ag plé leis an mbeartas a théann i bhfeidhm ar ár n-oibriochtaí agus dá bhrí sin ar ár gcustaiméirí.

Téimid i dteagmháil le go leor grúpaí sainleasa ar fud go leor réimsí ar nós an chomhshaoil, na turasóireachta agus na hoidhreachta. Chomh maith leis sin, téimid i dteagmháil leis na ranna Rialtais ábhartha ar bhonn rialta.

An tSochaí

Cuireann EirGrid pobail i gcroílár ár gcinnteoireachta agus bonneagar eangaí á sholáthar againn. Nuair a smaoinimid ar fhorbairt eangaí, téimid i gcomhairle le húinéirí talún áitiúla, le pobail áitiúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu agus leis an bpobal i gcoitinne. Áirítear leis seo:

- Úinéirí talún nó cuideachtaí aonair ar leo talamh,
- Baill de phobail áitiúla,
- Gnólachtaí agus grúpaí, agus
- Údaráis áitiúla agus ionadaithe tofa.

Tá gá le hathrú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar an eangach suas go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Chun tacú leis sin, tá méadú comhréireach déanta againn ar ár rannpháirtíocht le húinéirí talún agus le pobail. Is príomhthosaíocht leanúnach é foghlaim conas is fearr fás agus feabhas a chur ar ár gcuid oibre.

Agus muid ag leanúint de bheith ag obair i dtreo spriocanna rialtais, beidh orainn leanúint de bhonneagar eangaí nua a fhorbairt — de bhreis ar mar a rinneadh le deich mbliana anuas. Tá sé tábhachtach go bhfaighimis tacaíocht ó úinéirí talún aonair, óna gcomharsana, agus óna bpobail níos leithne sna réimsí ina bhfuil bonneagar straitéiseach á sholáthar againn. Tá rannpháirtíocht luath ríthábhachtach chun a áirithiú go n-éistfear le hábhair imní daoine. Déanaimid ár ndícheall i ngach cás oibriú go dlúth le páirtithe leasmhara chun a chinntiú, nuair is féidir, go ndéanfaimid na tionscadail is insólathartha a bharrfheabhsú trí rannpháirtíocht le pobail áitiúla.


Liosta na bpáirtithe leasmhara

Tá roinnt samplaí de na páirtithe leasmhara is minice a mbímid ag dul i dteagmháil leo liostaithe sa tábla thíos. Tá lucht féachana difriúil ag gach rannpháirtíocht agus níl aon ord tosaíochta ann. Ní féidir tátal tábhachta a bhaint as ord an liosta. Tá an liosta seo neamh-uileghabhálach.

Grúpa Páirtithe Leasmhara	Lena n-áirítear
Custaiméirí	Gineadóirí, idirnascairí, úsáideoirí móra fuinnimh, soláthróirí fuinnimh, comhbhailitheoirí ar thaobh an éilimh, soláthraithe stórála fuinnimh
Tionscal an Fhuinnimh	Oibritheoir Córais Dáilte (OCD), Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST), Líonraí Gáis Éireann,, Grúpaí Ionadaíoch Tionscail, Grúpaí Ionadaíoch Eanála, Forbróirí, Soláthraithe
Oibreoirí Córais Tarchurtha (OCTanna)	Réseau de Transport d'Électricité (RTE), an tOibreoir Náisiúnta Oibritheoir Córais Fuinnimh (NESO) agus eile
Comhlachtaí Tionscail	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, Comhlachas Meiriceánach, Comhlachas na hÉireann, Comhlachas na Fraince, Comhlachais na Breataine-na hÉireann, Gnó i bPobal na hÉireann, Fuinneamh Gaoithe na hÉireann, Cumann Fhuinneamh Gréine na hÉireann

Grúpa Páirtithe Leasmhara	Lena n-áirítear
Pobail, úinéirí talún, Ionadaithe Tofa, Eagraíochtaí Deonacha & Pobail	Pobail a bhfuil mórtionscadail bhonneagair, ionadaithe tofa agus eile
Comhpháirtithe Oideachais, Tomhaltóirí Leictreachais, Saoránaigh Fuinnimh, an Pobal	Rannpháirtíochtaí agus comhpháirtíochtaí sochaíocha níos leithne
Rialtas agus Gníomhaireachtaí Rialtais	Ranna ábhartha agus gníomhaireachtaí ábhartha
An tAontas Eorpach (AE)	An Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, An Chomhairle Eorpach
Boird Chomhairleacha an Rialtais	Éire: An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, an Chomhairle Oidhreachta. RA: An Coiste um Athrú Aeráide
Údaráis Áitiúla	Comhairlí áitiúla, údaráis phleanála, Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA)
Gníomhaireachtaí poiblí	Gníomhaireachtaí poiblí ábhartha
Bonneagar	Iarnród Éireann, Bonneagar Iompair Éireann, Uisce Éireann, an Oifig um Bainistiú Bóithre (RMO), An Coimisiún um Rialáil Fónais (CRU), An Coiste um Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM), Údarás Rialála an Limistéir Mhuirí (MARA) an Oifig um an Margadh Gáis and Leictreachais (OFGEM), Coimisiún Rialála Fuinnimh na Fraince (CRE) URNI (Rialtóir Fónais Thuaisceart Éireann), Coimisinéirí Shoilse na hÉireann
Rialáil	
Na meáin	Meáin chlóite (réigiúnach agus náisiúnta), meáin chraolta (réigiúnach agus náisiúnta), trádáil, airgeadas, feirmeoireacht, muirí, digiteach agus sóisialta
ENRanna	Cairde an Domhain, Cumann Feirmeoirí na hÉireann (IFA), Líonra Comhshaoil na hÉireann, SciFest, Nuálaithe Sóisialta Óga (YSI), Soláthraithe teicneolaíochta tríú páirtí a chruthaíonn, a choinníonn ar bun agus a thacaíonn leis na réitigh agus na seirbhísí teicneolaíochta crua-earraí agus bogearraí lena gcumasaítear na hoibríochtaí eangai agus margaidh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo
Comhpháirtithe Teicneolaíochta	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA), an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), Lárionad Beartais na hEorpa (EPC), An Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach (EPRI), Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC), CIGRE (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Chórais Mhórleictreacha)
Meithleacha Machnaimh, Institiúidí Taighde agus Beartais	
An Saol Acadúil	Ollscoileanna agus comhlachtaí taighde

Grúpa Páirtithe Leasmhara	Lena n-áirítear
Institiúidí Cairte	Innealtóirí na hÉireann, Cuntasóirí Cairte, Institiúid um Pleanáil, Institiúid na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta
Neamhpholaitiúil - An Eoraip	Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E), Comhordú Oibreoirí na gCóras Leictreachais, Suiteálaithe Gáis Cláraithe, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), Oifig Chomhleithdháilte, European Subsea Cable Association, ACER



Ár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a fheabhsú

Déanann¹ Painéal NSEE measúnú bliantúil ar fheidhmíocht EirGrid OCT i dtaca le hAthbhreithniú Praghsanna 5 (AP5) ar Dhreasacht um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara.

Agus machnamh á dhéanamh againn ar ár gcur chuige i leith an phlean seo, chuireamar san áireamh aiseolas agus moltaí Phainéal Meastóireachta Rannpháirtíochta na bPáirtithe Leasmhara Lónra (NSEE) do OCT (mar a dhoiciméadaítear i [dTuarascáil Dúnta](#) 2024) de réir mar a leanaimid dár straitéis agus dár ngníomhaíochtaí um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a thógáil agus a neartú.

Chuireamar i dtábhacht cuid de na príomhthionscnaimh a bhfuil EirGrid ag obair orthu cheana féin, atá ábhartha do na moltaí seo, thíos:

Bheadh tuilleadh faisnéise maidir le tagarmharcáil úsáideach chun dearcadh níos fearr a fháil ar an obair rannpháirtíochta atá a cur i gcrích ag EirGrid. Ba cheart tagarmharcáil inmheánach a dhéanamh go soiléir chun comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht agus méadrachtaí agus cleachtais laistigh den OCT chun cuidiú le dea-chleachtais agus réimsí feabhais a shainaithint. Bheadh sé tairbheach don tuarascáil doiciméadú a dhéanamh má tá an rannpháirtíocht ag teacht leis an dea-chleachtas. Bheadh sé sin ina chuidiú go háirithe i dtaca le tagarmharcáil idirnáisiúnta agus malartú eolais.

De réir mar a leanaimid orainn ag cur feabhas ar eispéireas na bpáirtithe leasmhara, tá EirGrid ag plé go réamhghníomhach le OCTanna eile, ní hamháin ar fud na hEorpa ach ar scála domhanda, chun léargais a roinnt maidir le dea-chleachtas um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara. Agus ár straitéis chorparáideach nua agus ár gcur chuige comhfhreagrach maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara á bhforbairt againn, cuirfimid na tuairimí sin san áireamh.

Maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus leis an bpobal, is cosúil go bhfuil cur chuige nuálach á úsáid ag an OCT agus tá sé gníomhach ar fud na tíre ag plé le pobail éagsúla lena n-áirítear úinéirí talún, feirmeoirí, agus iascaigh. D'fhéadfadh go mbeadh deis ann leas a bhaint as na pobail seo chun tionchar agus éifeachtacht a ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta a mheas, lena n-áirítear fóraim phobail agus maoiniú ar mhaithe leis an bpobal

I mí na Nollag 2021, chun meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail ar thógáil bonneagair leictreachais in Éirinn agus ar a éifeacht ar dhlús a chur leis an aistriú fuinnimh níos leithne, sheol EirGrid clár taighde trí bliana le foireann taighde Ionad MaREI. . Is é MaREI an tIonad Taighde um Fhuinneamh, Aeráid agus Muir de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, atá ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain, arna chomhordú ag an ERI i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ba é aidhm an tionscadail iniúchadh a dhéanamh ar straitéis rannpháirtíochta poiblí EirGrid atá ag teacht chun cinn trí thaighde eimpíreach agus cáilíochtúil, agus í a mhapáil agus a thagarmharcáil i gcoinne treochtaí idirnáisiúnta agus samplaí de rannpháirtíocht an phobail le bonneagar eangaí fuinnimh. Áiríodh leis sin léargais ildisciplíneacha a tharraingt ar rannpháirtíocht an phobail le hidirnascairí, réimse ar tugadh aird theoranta air ar fud an domhain. D'fhéach an tionscadal freisin le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag maoiniú sochar pobail trí anailís chomparáideach a dhéanamh ar thrí chás-staidéar éagsúla in Éirinn.

Ba é an bunús a bhí leis sin go n-éilíonn aistriú fuinnimh na hÉireann níos mó ná uasghrádú ar bhonneagar na heangaí teicniúla amháin ach go n-éilíonn sé freisin athrú domhain sochaíoch ar an gcaoi a dtéann pobail i dteagmháil le córais fuinnimh agus ar an gcaoi a mbaineann siad tairbhe astu. Trí thionscadal STEPS, scrúdaigh taighdeoirí an chaoi a bhfuil EirGrid ag cur rannpháirtíocht an phobail i gcroílár a

Leagtar amach mionsonraí maidir le Dreacht um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara AP5 den EirGrid OCT in ¹ Cuid 7.7 de [CRU/20/154](#), CRU/20/154, Creat Rialála, Dreachtachtaí agus Páipéar Cinnidh Tuairiscithe AP5 de chuid CRU.

straitéis bonneagair chun cabhrú leis an athrú sin a bhaint amach. D'oibrigh siad i gcomhar le páirtithe leasmhara agus le pobail, rinne siad scáthú orthu, d'fhreastail siad orthu, agus rinne siad léirmheas ar an rannpháirtíocht fhairsing a rinne EirGrid, ag labhairt go díreach le páirtithe leasmhara agus le pobail, rinne siad comparáid idir cuir chuige idirnáisiúnta, agus scrúdaigh siad tionchar na ngníomhaíochtaí sin trí mhodhanna taighde ildisciplíneacha.

I measc na bpríomhthorthaí bhí:

- Meastar gur uirlisí luachmhara iad Cistí Sochair Pobail chun tacú le pobail a ndéantar difear dóibh agus chun gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal an phobail a chur chun cinn ach tá gá le fothú acmhainneachta níos láidre agus ailíniú le spriocanna inbhuanaitheachta náisiúnta fadtéarmacha.
- Éilíonn rannpháirtíocht éifeachtach tacaíocht láidir eagraíochtúil agus ailíniú idir spriocanna straitéiseacha agus tionscnaimh áitiúla.
- Cuireann straitéis sé chéim agus fóraim phobail EirGrid spásanna cuimsitheacha ar fáil don idirphlé, rud a chuireann ar chumas na bpobal tionchar a imirt ar roghanna teicneolaíochta agus tacú le spriocanna forbartha inbhuanaithe níos leithne.
- Baineann taighde idirnascaire tairbhe as lionsa ildisciplíneach, lena n-ionchorpraítear peirspictíochtaí cultúrtha agus oidhreacht chun rannpháirtíocht an phobail a dhoimhniú.

Chuir an tionscadal moltaí ar fáil freisin maidir le rannpháirtíocht phoiblí fadtéarmach a fhorbairt, lena n-áirítear treoir agus straitéisí meastóireachta tionchair chun saoránacht fuinnimh a chothú.

Mar fhocal scoir, leagtar béim sa taighde ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht luath, chuimsitheach agus oiriúnaitheach an phobail maidir le haistriú fuinnimh na hÉireann a chur i gcrích. Cuideoidh taighde MaREI le EirGrid a chur chuige a bheachtú, ag cinntiú go leanfaidh an comhoibriú le pobail ag forbairt go láidir agus ag neartú de réir mar a théann Éire i dtreo todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe.

Ba é an bunús a bhí leis sin go n-éilíonn aistriú fuinnimh na hÉireann níos mó ná uasghrádú ar bhonneagar na heangaí teicniúla amháin ach go n-éilíonn sé freisin athrú domhain sochaíoch ar an gcaoi a dtéann pobail i dteagmháil le córais fuinnimh agus ar an gcaoi a mbaineann siad tairbhe astu. Trí thionscadal STEPS, scrúdaigh taighdeoirí an chaoi a bhfuil EirGrid ag cur rannpháirtíocht an phobail i gcroílár a straitéise bonneagair chun cabhrú leis an athrú sin a bhaint amach. D'oibrigh siad i gcomhar le páirtithe leasmhara agus le pobail, rinne siad scáthú orthu, d'fhreastail siad orthu agus rinne siad léirmheas ar an rannpháirtíocht fhairsing a rinne EirGrid, agus iad ag labhairt go díreach le páirtithe leasmhara agus le pobail.

Tá OCT chun tacaíocht bainistíochta níos sinsearaí don straitéis um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a léiriú, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, chun saincheistean a dhíbhlocáil agus chun acmhainní a ghealladh. Bheadh sé tairbheach dá léireadh OCT an chaoi a bhformhuiníonn an fhoireann shinsearach ceannaireachta rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus an chaoi a bhfuil siad rannpháirteach go gníomhach i dtacú leis an straitéis.

Tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara EirGrid formhuiníthe go hiomlán ag ár bhfoireann feidhmiúcháin a thagann le chéile go rialta le páirtithe leasmhara tionscail freisin chun a chinntiú go leanfar dá léargais agus dá n-aiseolas a ghabháil ar leibhéal sinsearach.

Chomh maith lenár rannpháirtíocht rialta, bhí baill d'fhoireann feidhmiúcháin EirGrid ag plé chomh maith le custaiméirí agus comhlachtaí ionadaíocha chun a chinntiú go bhfuil páirtithe leasmhara tionscail rannpháirteach go gníomhach i dtacú le forbairt Straitéis Chorporáideach Ghrúpa EirGrid 2026-2030.

Mhol an Painéal gur cheart do OCT rannpháirtíocht níos soiléire sa mhargadh agus rannpháirtíocht níos soiléire sa bheartas agus sa phróiseas nasctha a léiriú. Ní mór don iarracht a bheith níos tráthúla agus níos trédhearcaí. Ba cheart é sin a fheabhsú tríd an rannpháirtíocht leanúnach le hionadaithe tionscail

chun ionchur a fháil maidir le próiseas na dtairiscintí nasctha atá ann cheana i ndáil le Treoir RED III agus leis an mBeartas um Nasc Seasmhach. Tugadh faoi deara gur cheart do OCT leanúint d'fheabhas a chur ar an gcomhoibriú agus ar an rannpháirtíocht le haghaidh tionscadal ag gach céim den phróiseas nasctha.

Maidir le Treoir REDIII, i mí na Nollag 2024 agus i mí Eanáir 2025, bhuail EirGrid le hionadaithe tionscail ag lorg ionchur maidir leis an bpróiseas tairisceana atá ann cheana ó chustaiméirí a bhfuil taithí acu agus ó ghrúpaí ionadaíocha tionscail i ndiaidh Threoir REDIII agus fhoilsiú Threoir an Bheartais um Nasc Seasmhach - Gineadóir agus Seirbhísí Córais ('BNS-SGC'). Chuir páirtithe leasmhara tionscail aiseolas agus ábhair inní tosaigh ar fáil chun cabhrú lenár dtogra próisis nua a mhúnlú, togra a cuireadh faoi bhráid an CRU an 31 Eanáir 2025. Leis sin, tabharfar isteach próiseas nua um Measúnú Teicniúil Ardleibhéil ('HLTA'), chun dlús a chur le hamlínte próisis tairisceana agus chun rannpháirtíocht níos luaithe a cheadú.

Trí na rannpháirtíochtaí sin, tá sé mar aidhm ag EirGrid tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara chomh maith le deis a thabhairt aiseolas a ionchorprú nuair is féidir linn, agus soiléireacht á tabhairt ag an am céanna maidir lenár n-oibleagáidí agus ár gcuspóirí rialála.

Maidir leis an bpróiseas tairisceana naisc, tá athruithe á dtabhairt isteach tar éis an cheanglais REDIII a chomhlíonadh agus BNS-SGC a thabhairt isteach, rud a chruthóidh próiseas clinic dhá chéim chun a chinntiú go mbeidh tionscadail aibí go leor ag custaiméirí ar iarratas a dhéanamh ar an bpróiseas. Leis an gclinic dhá chéim beidh rannpháirtíocht lánbhí luath agus an deis saincheisteanna a aithint níos luaithe sa phróiseas. Éascóidh tairseach nua iarratais ar líne turas níos rianúla do chustaiméirí freisin.

Mhol comhalta den Phainéal gur cheart don OCT breithniú a dhéanamh ar 'Ghrúpa Idirchaidrimh um Thionscal na nAthnuaite' a chruthú, d'fhorbróirí mórskála agus d'fhorbróirí amach ón gcósta, chun a chur ar chumas foinsí in-athnuaite fuinnimh rannpháirtíocht fheabhsaithe a bheith acu leis an OCT.

Aontaíonn EirGrid go bhfuil comhoibriú leanúnach ríthábhachtach. Bhunaigh agus d'éascaigh CRU agus EirGrid grúpa oibre ar dtús i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara eile. Dá n-athbhunófaí an fóram seo, bheadh EirGrid an-sásta dul i mbun oibre arís. Idir an dá linn, leanann EirGrid de bheith i dteagmháil le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara tionscail ar fud roinnt fóram éagsúil.

Tugadh faoi deara gur tacaíodh le 22 tionscadal taighde in 2023 ach nár soláthraíodh aon fhaisnéis maidir le huimhreacha tionscadail le haghaidh 2024. Bheadh sé tairbheach dá bhféadfaí na méadrachtaí a sholáthar le haghaidh 2024 agus do bhlianta roimhe sin, le príomhthorthaí ó na tionscadail sin..

Aithníonn EirGrid an moladh sin ón bpainéal agus féachfaidh sé le nuashonruithe ar ár gcláir nuálaíochta a chur san áireamh i dTuarascáil 2025 um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara. Idir an dá linn, tá nasc chuig [Tuarascáil Bhliantúil ar Nuálaíocht](#) 2024 EirGrid curtha leis an doiciméad seo inar féidir nuashonruithe a rianú ar bhealach níos mionsonraithe.

Ba cheart don OCT sceideal de na comhairliúcháin uile atá ar na bacáin a chur ar fáil a mhéid is féidir roimh ré chun a chur ar chumas na bpáirtithe leasmhara pleanáil éifeachtach a dhéanamh

Tuigeann EirGrid an gá atá le pleanáil agus ullmhú éifeachtach maidir le comhairliúcháin. Dá bhrí sin, cuirtear na comhairliúcháin uile a bheidh ar siúl, chomh fada agus is eol dúinn, don bhliain amach romhainn san áireamh ag deireadh gach Plean Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara.

Déanann EirGrid iarracht freisin go leor ama a thabhairt don tionscal chun freagairt d'aon chomhairliúcháin bhreise, agus ag an am céanna cinntíonn siad go mbeidh an comhairliúchán críochnaithe laistigh den tréimhse a shanntar.

Moladh don OCT a bheith níos sonraithe faoin gcaoi a n-úsáidtear sásraí chun páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas agus faoin gcaoi a ndéantar monatóireacht agus tuairisciú ar fhreagraí in EirGrid. Ina theannta sin, bheadh sé úsáideach a fheiceáil conas a dhéantar monatóireacht agus tuairisciú ar mheicníochtaí rannpháirtíochta sa chuideachta agus trasna sruthanna oibre éagsúla, mar shampla, an mbaintear úsáid as ceachtanna oibre i réimse amháin le haghaidh tionscadail eile.

De réir mar a leanaimid de bheith ag forbairt straitéis rannpháirteachais le páirtithe leasmhara EirGrid, ceann dár bpríomhfhócas is ea comhsheasmhacht agus soiléireacht a chinntiú inár rannpháirtíochtaí uile. Mar shampla, lean EirGrid de Cheardlanna an Mhargaidh Chumhachta don Todhchaí a fheabhsú agus bhí na rannpháirtithe sásta leo. Mar thoradh air sin, tá EirGrid ag léiriú go leor de na feabhsuithe sin i réimsí eile den ghnó faoi láthair, lena n-áirítear an Grúpa Úsáideoirí Oibríochtaí Margaidh (MOUG)..

Moladh freisin go bhféadfadh EirGrid measúnuithe neamhspleácha rialta ar mheon nó ar mhuinín a dhéanamh le grúpaí páirtithe leasmhara.

I rith 2026, leanfaimid orainn ag obair ar thionscnaimh le cur lenár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara tionscail agus custaiméirí a fheabhsú, mar a shonraítear sa chaibidil maidir le Custaiméirí agus Naisc sa phlean seo.

Ós rud é go bhfuil ár straitéis chorparáideach nua á forbairt agus cur chuige comhfhreagrach maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, tugann EirGrid dá aire an moladh seo chun meon neamhspleách rialta nó measúnú iontaoibhe a dhéanamh.

I mí na Bealtaine 2025, thug foireann Rannpháirtíochta Páirtithe leasmhara cuireadh do Rannpháirtithe sa Mhargadh a n-aiseolas a roinnt tríd ár gcéad suirbhé ar Ghrúpa Úsáideoirí na nOibreoirí Margaidh (MOUG). Fuaireamar aiseolas dearfach agus moltaí luachmhara, ar féidir go leor díobh a thabhairt ar aghaidh chuig cruinnithe amach anseo. Comhroinneadh torthaí an tsuirbhé ag cruinniú Mheabhrán Comhthuisceana mhí Mheán Fómhair [anseo](#).

Amach anseo, tá sé beartaithe againn tuilleadh suirbhéanna a eisiúint chun leanúint d'aiseolas na rannpháirtithe a bhailiú agus chun a chinntiú go léireofar a gcuid moltaí sna cruinnithe atá ar na bacáin. De réir a chéile, cuideoidh sé sin lenár rannpháirtíocht le rannpháirtithe sa mhargadh a neartú agus le caidrimh láidre chomhoibríocha a thógáil.

Sracfhéachaint ar Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ag EirGrid 2026

Seo a leanas achoimre ar phríomhthionscnaimh rannpháirteachais le páirtithe leasmhara EirGrid don bhliain 2026:

Tionscadail feabhsaithe eangaí agus rannpháirtíocht phoiblí

- Seachadadh luathaithe bonneagair eangaí a chumasú trí chlár cuimsitheach rannpháirtíochta réamhghníomhaí le páirtithe leasmhara
- Páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le hoibreacha atá ar na bacáin agus oibreacha leanúnacha ar bhonn réamhghníomhach, agus aiseolas a lorg go gníomhach ó pháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht
- Tairbhí tionscadail a uasmhéadú tríd an gCiste Sochair Pobail, tríd an Straitéis Bhithéagsúlachta, agus tríd an Measúnú Tionchair Shóisialta

An Custaiméir agus Naisc

- Taithí chustaiméirí EirGrid a fheabhsú agus cur leis trí rannpháirtíocht réamhghníomhach le custaiméirí
- Feabhas a chur ar an bpróiseas réamh-rannpháirtíochta chun tacú leis an bpróiseas tairisceana naisc
- An suirbhé bliantúil do chustaiméirí a fheabhsú agus a chur in oiriúint

Beartas um Nasc Seasmhach (BNS)

- Tús áite a thabhairt do Chumarsáid shoiléir chomhsheasmhach a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara uile
- Leanúint de bheith ag lorg aiseolais ó pháirtithe leasmhara (nuair is féidir)
- Dul i gcomhairle maidir leis an mbeartas nasctha sa todhchaí

Seoladh Anuas Gaoithe agus Gréine

- Ba chloch mhíle thábhachtach é foilsíú an Phrótacail Rannpháirtíochta.
- Torthaí maidir le príomhchuspóirí Mheitheal an tSeolta Anuas a chur faoi bhráid Chomhairle Chomhairleach ‘Ár dTodhchaí Leictreachais A Mhúnlú’
- Spás a chruthú le haghaidh idirphlé oscailte agus comhroinnt eolais maidir leis an ábhar an-chasta seo

An eangach agus an margadh a oibriú agus a fhorbairt

- Rannpháirtíochtaí sa Chlár Margaidh Straitéiseach (SMP):
- A bheith ag obair i dtreo Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (FASS) a sheachadadh
- Rannpháirtíocht sa Chlár um Sceidealú agus Seoladh (SDP)
- An Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite Amach ón gCósta (STILAC) a Chur i gCrích Ceant Lí Ban
- Tús a chur leis an bpróiseas soláthair chun Céim 2 de na Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin a sheachadadh
- Dul i gcomhairle maidir leis na Socruithe Conarthacha le haghaidh Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh agus páipéar moltaí ina dhiaidh sin a fhoilsiú do CRU maidir leis an ábhar

Rannpháirtíocht Eorpach, Rialtais agus beartais

- Tacú le forbairt beartais thar roinnt tionscnamh tábhachtach
- Leanúint den rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na hEorpa, lena n-áirítear OCTanna eile
- Tacú leis an Rialtas maidir le hullmhú d’Uachtaránacht na hÉireann

Amach ón gcósta

- Oibriú i gcomhar le chéile chun tacú le seachadadh bonneagair amach ón gcósta agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a nascadh leis an eangach
- A chinntiú go mbeidh forbairt an chórais tarchurtha amach ón gcósta déanta i gcomhar le páirtithe leasmhara tábhachtacha
- Tacú le hullmhacht EirGrid dár ról mar Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha

Ár gcomhpháirtíocht le hÚinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST)

- Oibrímid leis an ÚST chun tacú le soláthar sábháilte, slán, éifeachtúil agus costéifeachtach an bhonneagair
- Tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhoibriú idir EirGrid agus an ÚST
- Ailíniú leantach a chinntiú ar fud ár gclár comhpháirteach oibre (OCT agus ÚST)

Ár gcomhpháirtíocht leis an Oibritheoir Córais Dáilte (OCD)

- Leanúint de chomhordú idir an OCT agus an OCD a fheabhsú
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais ar bhonn comhpháirteach agus réitigh uilechórais a sholáthar
- Oibriú go comhoibríoch chun croí-ghníomhaíochtaí deartha na samhla oibriúcháin a chur chun cinn

Slándáil an tsoláthair

- Leanúint den obair le príomhpháirtithe leasmhara chun riachtanais an fháis ar éileamh leictreachais in Éirinn a bhaint amach
- Oibriú in éineacht le príomhpháirtithe leasmhara chun ullmhacht i gcás éigeandála a fheabhsú
- Leanúint den tacaíocht le CRU maidir le riachtanais nuashonraithe an Phlean Riosca-Ullmhachta a chur chun feidhme

Taighde ar fhuinneamh

- Oibriú i gcomhar le hinstiúidí acadúla éagsúla chun ár dtionscnamh CleanerGrid a fhás
- Caidreamh nua acadúil a chothú chun tionscnaimh a shainaithnítear inár straitéis Nuálaíochta agus Taighde a fhorbairt
- Dul i mbun oibre leis an lucht acadúil chun tacú le nuálaíocht agus taighde i réimsí a bhaineann le straitéis Nuálaíochta agus Taighde EirGrid

Inbhuanaitheacht

- A bheith rannpháirteach sa ghníomhú ar son na haeráide agus claochlú an chórais leictreachais a bhrú chun cinn
- Leanúint lenár gcomhpháirtíochtaí chun tacú le sochaí inbhuanaithe a fhorbairt
- A bheith rannpháirteach chun ár dtionscnaimh inbhuanaitheachta a bhrú chun cinn agus le bheith mar eagraíocht fhreagrach

Pleanáil straitéiseach agus líonraí a bheidh ann amach anseo

- Oibriú go comhoibríoch ar fud na hÉireann agus na hEorpa chun pleananna straitéiseacha a fhorbairt don líonra tarchurtha a bheidh ann amach anseo
- Oibriú le Líonraí Gáis Éireann chun an phleanáil a chomhordú maidir leis an gcóras cumhachta agus na córais gháis a bheidh dícharbónaithe amach anseo
- Leanúint de bheith ag forbairt na hoibre atá riachtanach chun gréasán neodrach a chumasú

3. Ár bPleananna Gréasáin 2026 le haghaidh Rannpháirteachais

Tionscadail feabhsaithe eangaí agus rannpháirtíocht phoiblí

Léargas ginearálta

Tá sé riachtanach dár gcuid oibre go mbeadh teagmháil againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile. Ní féidir linn ár spriocanna um gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach agus soláthar inbhuanaithe leictreachais a chinntiú do na glúnta amach romhainn ach amháin le tacaíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara.

Léirítear inár Straitéis Teagmhála Poiblí an chaoi a bhforbraímid caidreamh ar an talamh agus a bhfaighimid aiseolas ar thionscadail sula dtosaíonn siad ionas gur féidir linn torthaí níos fearr a bhaint amach do chách.

Sula ndéanaimid an eangach a fhorbairt nó a uasghrádú, déanaimid teagmháil le húinéirí talún, ionadaithe pobail, grúpaí leasmhara, páirtithe leasmhara áitiúla chun tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais agus ar an gceantar áitiúil araon, agus faisnéis á roinnt go tráthúil agus go hionchuimsitheach ag an am céanna.

Ina theannta sin, oibrímid go réamhghníomhach le grúpaí comhshaoil speisialaithe, agus le páirtithe leasmhara reachtúla ábhartha eile amhail ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, údaráis phleanála agus comhlachtaí forordaithe eile chun a chinntiú go bhfuil tionscadail EirGrid comhsheasmhach le beartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá sé d’aidhm ag EirGrid oidhreacht dhearfach pleanála agus comhshaoil. Tá forbairt agus athchóiriú an mhargaidh chomh maith lenár n-athimeascadh i margaí na hEorpa le nasc an Idirnascaire Cheiltigh fós ina bpríomhthosaíochtaí agus muid ag leanúint de chreat iomaíoch a sholáthar a thacaíonn le hinfheistiú.

Mar shampla, bithéagsúlacht na hÉireann a fheabhsú agus aon tionchar féideartha a bhaineann le forbairt bonneagair straitéisigh rithabhachtach a theorannú ag an am céanna.


Straitéis

Ar deireadh, táimid i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus leanúint de bheith ag obair go nuálach agus aiseolas ar an obair a dhéanaimid á chur san áireamh againn.

Mar chuid dár gcur chuige, bainimid úsáid as próiseas comhsheasmhach sé chéim mar chreat chun roghanna a fhiosrú agus cinntí a dhéanamh. Ár gcur chuige maidir le rannpháirteachas Mar chuid dár gcur chuige, úsáidimid próiseas comhsheasmhach sé chéim mar chreat chun roghanna a fhiosrú agus cinntí a dhéanamh.

De ghnáth, bíonn rannpháirteachas leis an bpobal, le pobail áitiúla, le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara eile ag tarlú le linn chéimeanna 3 agus 4, agus arís ag céimeanna 5 agus 6 ar an scéim cistí Sochair Pobail. Mar sin féin, tá cineál na rannpháirtíochta curtha in oiriúint don tionscadal ag gach céim agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara á gcur san áireamh ag an am céanna. Mar shampla déanfaimid iarracht i gcónaí dul i mbun comhairliúchán foirmiúil tráth a mbeidh páirtithe leasmhara in ann bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht ach freisin nuair a bheidh faisnéis shubstaintiúil le cur i láthair. Déantar é sin chun cuma cleachtas ‘bosca seiceála’ a sheachaint agus chun moill a d’fhéadfadh a bheith ar sheachadadh príomhthionscadal a sheachaint.

Is féidir rannpháirtíocht lenár gcustaiméirí, leis an earnáil fuinnimh i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara reachtúla agus eile a bheith ag gach céim.



An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí.

I gcás gach príomhthionscadail nó príomhthionscnaimh, bainimid úsáid freisin as plean rannpháirtíochta saincheaptha ina sainaithnítear na bealaí a úsáidfimid chun faisnéis a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara. Maidir le rannpháirtíocht phoiblí, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Fóraim phobail a bhunú do gach mórtionscadal eangaí.
- Ríomhphoist chuig custaiméirí agus páirtithe leasmhara.
- Bileoga faisnéise tionscadail, nuachtlitreacha agus nuashonruithe.
- Litreacha chuig úinéirí talún agus comhlachtaí reachtúla.
- Cruinnithe duine le duine.
- Laethanta eolais.
- Imeachtaí don Phobal.
- Fógraíocht sa phreas áitiúil agus náisiúnta, ar chainéil na meán sóisialta agus ar ardáin dhigiteacha eile.
- Faisnéis a chur ar fáil tríd ár suíomh gréasáin.

Maidir le tionscadail forbartha eangaí, áirítear lenár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara freisin promóisean in áiteanna poiblí agus laethanta oscailte sa cheantar áitiúil inar féidir le daoine den phobal bualadh leis an bhfoireann tionscadail agus a gcuid ceisteanna a fhreagairt. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear foirmeacha aiseolais ar líne agus ag laethanta oscailte, trí fhórais agus seimineáir ghréasáin agus trí ríomhphost nó litir. Is féidir le páirtithe leasmhara dul i dteagmháil go díreach le hOifigigh Idirchaidrimh Pobail (CLOs) nó le hOifigigh Idirchaidrimh Talmhaíochta (ALOs) agus le hOifigigh Idirchaidrimh Iascaigh (FLO) tiomnaithe le haghaidh gach tionscadail forbartha eangaí. Is féidir le custaiméirí dul i dteagmháil go díreach lena mBainisteoir Cuntais Chustaiméirí.

Pleanáil eangaí

Tá sé riachtanach freisin dár dtionscadail go n-oibreoimid i gcomhar le páirtithe leasmhara reachtúla agus neamhreachtúla (lena n-áirítear comhlachtaí forordaithe). Maidir le rannpháirtíocht reachtúil páirtithe leasmhara ar thionscadail, (agus go deimhin le haghaidh gníomhaíochtaí neamhthionscadail eile) déanfaidh ár bhfoireann Pleanála & Comhshaoil teagmháil dhíreach le páirtithe leasmhara ábhartha, agus go ginearálta cuirfidh siad an tionscadal i láthair ina chomhthéacs forbartha straitéisí níos leithne, comhthéacs ábhartha beartais agus plean rialaithe, agus pléfidh siad réimse saincheisteanna teicniúla, comhshaoil agus éiceolaíocha a thagann chun cinn mar chuid de chomhaontú ar raon feidhme togra tionscadail.

Chomh maith leis seo, bíonn EirGrid ag plé le páirtithe leasmhara reachtúla in dhá phríomhfhorbairt eile:

1) Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht Réamhiarratais

Le linn na gcéimeanna éagsúla de fhorbairt an tionscadail, rachaidh EirGrid i mbun comhairliúcháin réamhiarratais shonraigh leis an údarás toilithe ábhartha, agus le comhlachtaí forordaithe eile a shainaithnítear. Áirítear leis seo comhairliúchán foirmiúil réamhiarratais leis an gCoimisiún Pleanála (ACP)

agus/nó leis na húdaráis phleanála ábhartha, chomh maith le teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara comhshaoil

agus páirtithe leasmhara eile amhail an tSeirbhís um Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Bonneagar Iompair Éireann, agus na rannóga ábhartha éagsúla de na húdaráis áitiúla. Ligeann sé seo dúinn caidreamh a chothú leis na comhlachtaí forordaithe sin a dhéanfaidh aighneachtaí maidir le togra tionscadail, nó a bheidh ag cinneadh ar thogra tionscadail sa deireadh, ar bhealach oscailte agus trédhearcach - chun an togra atá ag teacht chun cinn a chur i láthair agus comhairle fhoirmiúil a fháil maidir lena raon feidhme agus maidir le nithe ábhartha eile.

Chomh maith leis sin, tugann sé deis dúinn breac-chuntas a thabhairt ar na roghanna eile a breithníodh le haghaidh tionscadail, chomh maith le forbheathnú a thabhairt ar an ngá straitéiseach agus ar an gcomhthéacs pleanála agus beartais le haghaidh forbairt bheartaithe.

Trí oibriú ar an mbealach seo, is féidir le EirGrid aon amhras nó saincheisteanna a eascraíonn do na páirtithe leasmhara sin a thuiscint óna ndearcadh sonrach féin, ionas gur féidir aghaidh a thabhairt orthu a luaite is féidir, rud a chinntíonn iarratas pleanála atá láidir, agus a chuireann togra i láthair atá i gcomhréir le prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

2) Rannpháirtíocht pleanála

Faoi láthair, ullmhaíonn foireann phleanála EirGrid Plean Cur Chun Feidhme Eangaí, gach cúig bliana. Is plean ar an leibhéal náisiúnta é seo, atá faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta. Is ionann a ullmhú agus a nuashonrú tráthúil agus an próiseas déanta pleananna forbartha reachtúla a leanann údaráis phleanála, lena n-áirítear dréacht a fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin phoiblí, agus glacadh deiridh. Mar sin féin, is plean straitéiseach é de réir a nádúir a léiríonn raon feidhme agus cur chuige pleanála an Chreata Náisiúnta Pleanála (NPF).

Ar leibhéal réigiúnach, tá EirGrid i mbun trí Chreat straitéiseacha um Fhorbairt Eangaí a ullmhú agus a fhoilsiú, chun léiriú a dhéanamh ar na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha (RSESanna) atá ullmhaithe ag na trí Thionól Réigiúnacha, agus a chaithfidh, de réir dlí, a bheith i bhfeidhm ar an gcóras pleanála áitiúil. Tugann na pleananna seo pictiúr cuimsitheach ar fhorbairt phleanáilte na heangaí ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnacha, mar aon lenár gcur chuige maidir le dearadh, toiliú, cúram comhshaoil agus seachadadh.

Ar deireadh, ar an leibhéal áitiúil, tá EirGrid ag forbairt roinnt creat-doiciméad atá sonrach don tionscadal freisin.

Rannpháirteachas leis an bPobal

Trí rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm againn tacaíocht leanúnach a bhaint amach dár gcuid oibre agus a chinntiú go bhfuil an seachadadh ailínithe le hamlínte an tionscadail.

Tá sé d'aidhm againn freisin feasacht a mhúscailt faoi obair EirGrid agus faoinár misean chun torthaí níos fearr a bhaint amach do chách. Cuid rithabhachtach de seo ná eolas a chothú sa phobal ionas go mbeidh tuiscint láidir ag páirtithe leasmhara ar ár gcuid oibre.

Sa ról atá againn mar Oibreoir Córais Tarchurtha, tá ról lárnach againn i ndíchárbónú earnáil an leictreachais, ag tacú le feidhmiú céimneach na giniúna in-athnuaite, agus ag cabhrú leis an Rialtas uailmhianta aeráide na hÉireann a bhaint amach agus ag an am céanna ag tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Stáit

Ar deireadh, tá sé thar a bheith tábhachtach dúinn ag EirGrid caidreamh láidir a chothú ar fud na réigiún ina bhfuilimid gníomhach. Ní hamháin chun muinín a chothú ach freisin chun a chinntiú go bhfuil caidreamh oibre ceart i bhfeidhm chun glacadh, forbairt agus seachadadh a éascú amach anseo.

Rannpháirtíocht le húinéirí talún

Tá rannpháirtíocht úinéirí talún ríthábhachtach chun bonneagar eangaí a ghlacadh agus a sholáthar ar an iomlán. Tá Aonad Bainistíochta Talún ag EirGrid le foireann Oifigeach Idirchaidrimh Talmhaíochta a théann i dteagmháil le húinéirí talún ar thionscadail ag na céimeanna forbartha is luaithe. Bíonn plé againn le húinéirí talún agus muid ag iarraidh pleanáil cá háit an bonneagar ar fad a chur. Is é ról an Oifigigh Idirchaidrimh Talmhaíochta faisnéis tionscadail a sholáthar d'úinéirí talún, agus tuiscint a fháil ar na leasanna agus na srianta sonracha maidir le gach gabháltas talún aonair. Tríd an eolas sin a fhorbairt, tá Oifigigh Idirchaidrimh Talmhaíochta in ann oibriú go dlúth le húinéirí talún chun aiseolas a bhailiú agus chun aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna nó ábhair inní a ardaítear maidir le tionscadail tarchurtha atá beartaithe.

Fóraim Phobail agus Thionscail

Trínár bhFóraim Phobail agus Thionscail, cuidímid lena chinntiú go mbíonn deiseanna rialta ag na daoine a bhfuil tionchar aige seo orthu páirt a ghlacadh go díreach i bpleanáil na hoibre atá beartaithe ina gceantar.

Tá cathaoirleacht neamhspleách ar gach fóram pobail, agus áirítear leis an mballraíocht ionadaithe ó ghrúpaí pobail áitiúla chomh maith le comhairleoirí contae áitiúla agus baill den chomhlachas tráchtála. Áirítear seo a leanas lenár bhfóraim do pháirtithe leasmhara:

- **Fóraim Phobail** (éagsúil ar fud gach tionscadal nua forbartha eangaí) e.g. Fóram Pobail Cheiltigh, Chonnacht Thuaidh agus Chill Dara na Mí.
- **Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú** (Cuireann Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú fóram ar fáil le haghaidh idirphlé idir páirtithe leasmhara agus foireann tionscadail EirGrid. Seasann na baill ar son tuairimí gnólachtaí áitiúla i ndáil le Baile Átha Cliath a Chumhachtú agus tugann siad aiseolas agus treoir maidir le riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla. Foilsítear tuarascálacha na gcruinnithe sin ar [shuíomh gréasáin Chlár Bhaile Átha Cliath](#), gabhtar an t-aiseolas ón dá fhóram agus cuirtear ar fáil don phobal é. **Líon na mball: 10**)
- **Baile Átha Cliath a Chumhachtú Fóram Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara** (Is fóram uathúil é seo do Baile Átha Cliath a Chumhachtú agus tugann sé le chéile bainisteoirí páirtithe leasmhara ó roinnt comhlachtaí poiblí éagsúla a oibríonn sa chathair agus timpeall uirthi. **Líon na mball/gcomhlachtaí: 8**)
- **Líon na mball de Chomhairle Chomhairleach Ár dToghcháí Leictreachais a Mhúnlú (TLM): 30 aoí ar tugadh cuireadh dóibh** (*Féach ar ár gcaibidil ar an gComhairle Chomhairleach Ár dToghcháí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) le haghaidh tuilleadh faisnéise ar Chomhairle Chomhairleach TLM.*)
- **Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath** (Tugann Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath an deis dúinn oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí reachtúla eile chun smaointe agus faisnéis a roinnt maidir le hoibreacha bonneagair atá beartaithe ar fud na cathrach. **Líon na mball: 45**)
- **Fóram Chomhéadain HV** (Bhunaigh EirGrid Fóram Chomhéadain HV ag deireadh 2022. Le Cathaoirleach neamhspleách, is cumasóir ríthábhachtach é chun páirtithe leasmhara tábhachtacha ó earnálacha an leictreachais agus na mbóithre a thabhairt le chéile. Tá an obair faoin bhfóram sonrach seo ag teacht chun deiridh agus tá an grúpa seo in idirthréimhse. **Líon na mball/gcomhlachtaí: 8**)

Cistí sochair pobail

- Tuigimid an tábhacht a bhaineann le pobail áitiúla maidir le tacú lenár dtionscadail forbartha eangaí agus dá bharr sin, bhunaigh EirGrid an scéim Ciste Sochair Pobail. Tríd an scéim seo, cumasaímid gach Fóram Pobail chun tionscadail éagsúla athchóirithe agus feabhsúcháin ina gceantar áitiúil a mhaoiniú.

- Déanann gach Fóram Pobail cinneadh le chéile maidir leis an gcaoi is fearr a gcaithfear an maoiniú agus is minic a dhírítear an t-airgead ar dheiseanna chun tacú le folláine fhisiciúil agus mheabhrach an phobail áitiúil.
- Tríd an scéim ríthábhachtach seo, is féidir linn a bheith gníomhach ag tabhairt ar ais do na ceantair a bhfuil tionchar ag ár gcuid oibre orthu.

Measúnú ar an Tionchar Sóisialta

In 2026, déanfaidh EirGrid modheolaíocht nua maidir le Measúnú ar an Tionchar Sóisialta (SIA) a thriail ar bhonn píolótach lena n-áirítear go ndéanfar cinntí a dhéanfar le linn chéimeanna an Chreata um Fhorbairt Eangaí agus aird á tabhairt ar na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bheidh acu i dtéarmaí bhraistint áite an phobail ghlaclaí agus luachanna doláimhsithe eile.

Leis an gcur chuige uailmhianach nua seo i leith SIA, féachtar le cur leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus cuideofar linn ní hamháin maolú a dhéanamh ar na tionchair shóisialta a d'fhéadfadh a bheith ag pobail ach feabhas a chur freisin ar an tionchar dearfach agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag ár dtionscadail.

Rannpháirteachas le grúpaí comhshaoil

Ag EirGrid, tá athchóiriú dúlra na hÉireann chomh lárnach dár straitéis agus atá dícharbónú. Agus ó d'fhógair rialtas na hÉireann an éigeandáil bithéagsúlachta agus aeráide in 2019, tá dlús mór curtha againn lenár ngníomhaíocht bithéagsúlachta chun a chinntiú go bhfuil ár dtionchar dearfach agus forásach araon.

Tá ár bhFoireann Éiceolaíochta inmheánach i gceannas ar gach tionscnamh bithéagsúlachta de chuid EirGrid agus cinntíonn sí go ndéantar bithéagsúlacht a chomhtháthú i gcinnteoireacht.

Is ball mór le rá é EirGrid sna fóraim agus sna fócasghrúpaí bithéagsúlachta seo a leanas:

- An Comhrialtas Amach ón gCósta um Fhuinneamh agus Dúlra (OCeaN).
- Grúpa Oibre um Bhainistíocht Chomhtháite Fásra de chuid Tionscnamh na hEangaí In-athnuaite
- Malartú Eolais OCT de chuid Tionscnamh na Eangaí In-athnuaite ar Shaincheistean a bhaineann le BirdLife
- Fóram Náisiúnta um Measúnacht Chuí faoi chathaoirleacht na Roinne Oidhreachta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- Fóram Náisiúnta um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) faoi chathaoirleacht Údaráis Chomhshaoil na hÉireann le haghaidh SEA.
- Grúpa oibre tionscail na hÉireann ar Ghnóthachan Glan Bithéagsúlachta.
- Comhdháil Rannóg Éiceolaíochta na hÉireann d'Institiúid Chairte na hÉiceolaíochta agus na Bainistíochta Comhshaoil (CEIEM).
- Gnó ar son na Bithéagsúlachta.
- Shíniomar gealltanais Gnó ar son an Dúlra freisin.

Rannpháirtíocht le pobail iascaireachta

Bíonn Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh tiomnaithe EirGrid ag plé leis an bpobal iascaireachta go sonrach maidir le tionscadail amach ón gcósta. Is príomhpháirtithe leasmhara iad na hiascairí i bhforbairt an fhuinnimh amach ón gcósta agus bíonn FLO i dteagmháil le pobail mhuirí ó cheann ceann na bliana.

Tá EirGrid mar chuid den Ghrúpa Oibre ORE/Bia Mara freisin - grúpa a bhunaigh an Rialtas chun plé a éascú ar chúrsaí a eascraíonn as idirghníomhaíocht na dtionscal bia mara agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, ag cur dea-chleachtas chun cinn agus ag spreagadh idirchaidreamh le hearnálacha eile sa timpeallacht mhuirí.

Seónna Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh

Tar éis rath ár n-imeachtaí Seó Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh, féachfaimid le leanúint ar aghaidh leis na himeachtaí sin in 2026. Tá na himeachtaí sin, i gcomhpháirtíocht le ESBN, SEAI agus le tacaíocht ó na húdaráis áitiúla ábhartha, dírithe ar phobail áitiúla a chur ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag EirGrid an eangach leictreachais a dhéanamh slán i bhfad na haimsire, agus faisnéis á roinnt ag an am céanna maidir le micrighiniúint, iarfheistiú tí, uasghráduithe fuinnimh agus saincheisteanna forbartha fuinnimh réigiúnaigh. Sa bhliain amach romhainn, leanfaimid orainn ag tógáil ar an tsamhail rathúil rannpháirtíochta seo chun feabhas a chur ar an tuiscint atá ag pobail ar an gcaoi ar féidir leo tacú le dul chun cinn na hÉireann i dtreo todhchaí níos glaine agus níos in-athnuaite.

Cur chun feidhme: pleanáil

Tá punann suntasach tionscadal ag EirGrid agus tá a straitéisí rannpháirtíochta féin ag gach ceann acu. Mar gheall ar an méid ollmhór oibre atá ar siúl, níl sa liosta thíos ach na príomhghníomhaíochtaí a bhaineann le pleanáil agus seachadadh agus níl sé uileghabhálach.

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Creataí Straitéiseacha maidir le Forbairt na hEangai (do na trí Thionól Réigiúnacha)	Rannpháirtíochtaí pleanála: Beidh EirGrid i mbun obair rialta le páirtithe leasmhara reachtúla amhail na trí Thionól Réigiúnacha, údaráis phleanála áitiúla ábhartha, gníomhaireachtaí comhshaoil, agus comhlachtaí forordaithe eile..	Rannpháirtíochtaí pleanála: Tugann na rannpháirtíochtaí seo deis luath chun cumarsáid agus rannpháirtíocht a dhéanamh maidir lenár riachtanais forbartha eangai - lena n-áirítear tionscadail eangai atá beartaithe do réigiún nó do limistéar riaracháin ar leith a aithint, agus ár gcur chuige straitéiseach i leith fhorbairt eangai. Cuireann siad deiseanna ar fáil dúinn freisin ár bpleananna agus ár mbeartais a thabhairt isteach i bpleananna forbartha reachtúla amach anseo.
Tionscadail a sheachadadh tríd an bpróiseas pleanála agus toilithe	Cruinnithe réamh-phleanála: Leanfaimid ag iarraidh cruinnithe réamhphleanála a fháil le haghaidh tionscadail aonair a bhfuil cead pleanála ag teastáil uathu leis an údarás pleanála faoi seach (isteach ón gcósta) - An Coimisiún Pleanála (ACP) agus an t-údarás pleanála ábhartha, agus leis an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) (amach ón gcósta) i gcás ina bhfuil Toiliú Limistéir Mhuirí (MAC) agus Ceadúnas Úsáide Muirí (CÚM) ag teastáil.	Cruinnithe réamh-phleanála: Tugann an tionscnamh seo deis dúinn comhairle a chur ar ACP agus/nó údaráis áitiúla ábhartha faoi thionscadail atá le teacht a bhfuil ceanglais phleanála agus/nó ceanglais toilithe ag baint leo. Cuirfidh na cruinnithe seo ar ár gcumas freisin faisnéis a roinnt, aon saincheisteanna nó deiseanna a thagann chun cinn a phlé, agus bealaí oibre a bhunú chun na

	Déanfaidh EirGrid teagmháil leis na comhlachtaí forordaithe ábhartha freisin. In 2026, tá sé beartaithe againn go mbeidh 2-3 chruinniú comhairliúcháin réamhiarratais ar leith ann.	tionscadail a chur i gcrích go rathúil tríd an bpróiseas toilithe. Cuideoidh sé seo freisin le tacú le breithniú tráthúil agus le cinneadh a dhéanamh ar iarratais tríd an bpróiseas pleanála.
Nuashonrú ar raon feidhme staidéir chomhshaoil fianaisebhunaithe	Raon feidhme Staidéir Chomhshaoil Fianaisebhunaithe EirGrid: Fianaisebhunaithe EirGrid á nuashonrú againn chun an bonn fianaise eolaíoch a athnuachan d'fhonn cruinneas réamhaisnéise tionchair agus sonraíocht maolaithe a uasmhéadú araon. I measc na bhfócas ar leith tá tionscadail cábla faoin thalamh agus tionscadail amach ón gcósta. Rachaidh EirGrid i mbun oibre leis na comhlachtaí seo a leanas: • An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. • Údaráis SEA eile. • Comhpháirtithe acadúla	Raon feidhme Staidéir Chomhshaoil Fianaisebhunaithe EirGrid: Tá sé d'aidhm ag an rannpháirtíocht seo: • Bailíochtú a dhéanamh ar an mbonn fianaise eolaíoch. • Ailíniú le beartas agus reachtaíocht atá le teacht. • Ailíniú le clár taighde atá le teacht atá maoinithe ag GCC.
Rannpháirtíocht leis an bhFoireann Pleanála agus Comhshaoil le Líonraí BSL	Rannpháirtíocht le Líonraí BSL: Leanfaimid orainn ag plé go rialta le Foirne Pleanála agus Comhshaoil ESB i rith 2026, lena n-áirítear cruinnithe foirne iomlána ráithiúla	Rannpháirtíocht le Líonraí BSL: Tugann an fóram seo deis d'EirGrid agus do BSL oibriú go dlúth chun saincheisteanna roinnte a aithint, faisnéis a roinnt agus deiseanna a aithint chun feabhas a chur ar sheachadadh bonneagair tarchuir tríd an bpróiseas pleanála, comhshaoil agus toilithe. Tá an cur chuige comhroinnte seo i leith pleanáil agus toiliú bonneagair leictreachais chun leasa ACP agus na n-údarás áitiúil freisin agus iad ag déileáil le hiarratais phleanála.
Rannpháirtíocht le foirne pleanála agus comhshaoil gealltóirí reachtúla eile	Rannpháirteachas pleanála i gcoitinne: Leanfaimid de bheith ag obair i ndlúthchomhar le foirne pleanála agus comhshaoil gealltóirí reachtúla eile amhail Uisce Éireann, Líonraí	Rannpháirteachas pleanála i gcoitinne: Tabharfaidh na rannpháirtíochtaí seo deis d'EirGrid oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí reachtúla eile chun

	BSL, DAA agus Iarnród Éireann. Déantar é seo d'fhonn ár saineolas uile a úsáid le chéile chun deiseanna a fhiosrú le haghaidh cur chuige níos sruthlínithe, níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí i leith pleanáil agus toiliú bonneagair rithábachtach Stáit. Buailfidimid le chéile gach ráithe in 2026 le ceardlanna breise de réir mar is gá.	deiseanna comhoibrithe a aithint agus chun smaointe agus faisnéis a roinnt maidir le conas feabhas a chur ar sheachadadh bonneagair straitéisigh tríd an bpróiseas pleanála, comhshaoil
Nasc le gnólachtaí	Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath: Leanfaidh EirGrid de leas a bhaint as aon deiseanna comhoibrithe le baill DIF agus leanfaidh siad de bheith páirteach sna trí thionscadal oll-sholáthair mar chuid den chéad chéim eile de chlár Bhaile Átha Cliath EirGrid. Cabhróidh an rannpháirtíocht seo le cur isteach a laghdú, caidreamh le páirtithe leasmhara a fheabhsú agus ligeann sé do EirGrid oibriú chomh héifeachtúil agus is féidir ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath. Buailfidimid le chéile gach ráithe in 2026 le ceardlanna breise de réir mar is gá.	Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath: Tugann Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath deis d'EirGrid oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí reachtúla eile chun deiseanna comhoibrithe a aithint agus chun smaointe agus faisnéis a roinnt maidir le hoibreacha bonneagair atá beartaithe ar fud na cathrach.
	An Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú: Buailfidh An Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú le chéile 3-4 huairé in 2026. Is é cuspóir na gcuinnithe seo plé a dhéanamh ar thionscadail chábla Bhaile Átha Cliath agus an fhostáisiúin lárnaigh araon.	An Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú: Trí Fóram Gnó maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú, bhíomar in ann castachtaí na gceantar a bhfuil tionchar ag an obair forbartha atá beartaithe orthu a aithint níos fearr ionas gur féidir linn an bealach is fearr feidhmíochta agus an toradh is fearr is féidir a chinntiú do chách. Trí rannpháirtíocht rialta leis an bhfóram in 2026, tá sé d'aidhm againn a chinntiú (nuair is féidir) go gcuirfidimid riachtanais an phobail ghnó san áireamh de réir mar a théann an tionscadal chun cinn.
Fóram Idirphlé AV	Fóram Idirphlé AV:	Fóram Idirphlé AV:

	I mí na Bealtaine 2025, bhain trí cinn de na cúig mheitheal (WG1, 2, agus 3) a spriocanna amach agus dúnadh iad. The publication of the Engagement Protocol was a key milestone. Mar chuid den Phrótacal Rannpháirtíochta, tiocfaidh buanchoiste le chéile ar bhonn rialta chun féachaint an bhféadfaí sineirgí a chruthú nó comhoibriú le forbairtí bonneagair náisiúnta eile.	Tá dhá cheann de na cúig mheitheal (Meitheal 4 agus 5) ag dúnadh a spriocanna agus comhaontófar caighdeán nua maidir le dearadh agus cúrsaí airgeadais in 2026. Leanfar leis an rannpháirtíocht go dtí go mbainfear na spriocanna amach.
Rannpháirtíocht Fhóram Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú:	Fóram Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú: Buailfidh an Fóram Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú le chéile 3-4 huaire in 2026. Is é cuspóir na gcruinnithe seo plé a dhéanamh ar thionscadail chábala Bhaile Átha Cliath agus an fhostáisiúin lárnaigh araon.	Fóram Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara maidir le Baile Átha Cliath a Chumhachtú: Éascaíonn Fóram Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara ár gcomhoibriú le comhlachtaí amhail an Ghníomhaireacht Forbartha Talún chomh maith le heagraíochtaí móra amhail SEAI, An Post agus Bus Átha Cliath. Tá sé d’aidhm ag ár rannpháirteachas in 2026 leis an bhfóram seo a chinntiú go gcuirtear na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara ar an eolas faoi amlíne foriomlán an tionscadail agus na gníomhaíochtaí pleanáilte a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar a ngnólachtaí agus a seirbhísí.
lascaigh a chosaint	Grúpa Oibre um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) Bia Mara: In 2026, leanfaidh EirGrid de bheith rannpháirteach sa Ghrúpa Oibre um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) Bia Mara agus ina fhoghrúpaí.	Grúpa Oibre um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) Bia Mara: <i>Tabhair do d’aire, go dtagraíonn na hamlínte sa doiciméad seo don bhlaiin féilire:</i> Éascóidh na rannpháirtíochtaí seo an plé ar chúrsaí a eascraíonn as idirghníomhaíocht na dtionscal bia mara agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, cuirfidh siad dea-chleachtas chun cinn agus roinnfidh siad é, agus spreagfaidh siad idirchaidreamh le hearnálacha eile sa timpeallacht mhuirí.

Gníomhú ar son an Dúlra	Grúpa Oibre Tionscail na hÉireann ar Ghnóthachan Glan Bithéagsúlachta: Tiocfaidh Grúpa Oibre Tionscail na hÉireann ar Ghnóthachan Glan Bithéagsúlachta (BNG) le chéile gach ráithe in 2026, chun plé a dhéanamh ar bheartas atá ag teacht chun cinn, dul i mbun oibre le saineolaithe tionscail agus Rialtais agus toradh na dtástálacha píolótacha chun trealamh Thionscadal SSE a thástáil (agus trealamh bithéagsúlachta eile atá oiriúnaithe d'Éirinn a luaithé a bheidh siad ar fáil).	Grúpa Oibre Tionscail na hÉireann ar Ghnóthachan Glan Bithéagsúlachta: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé d'aidhm againn taithí EirGrid a roinnt ó threalamh uirlisí Thionscadal SSE a reáchtáil ar bhonn píolótach. Tá sé d'aidhm againn freisin uirlisí agus cineálacha cur chuige dea-chleachtais a fhoghlaim ó údaráis phoiblí eile.
	Gnó ar son na Bithéagsúlachta (BFB): Sa bhliain 2026, beidh EirGrid i mbun oibre le BFB d'fhonn feasacht ar bhithéagsúlacht a mhéadú ar fud ár n-eagraíochta agus tionscnaimh bhithéagsúlachta tábhachtacha á mhapáil i gcoinne spriocanna an Tascfhórsa um Nochtuithe Airgeadais a Bhaineann leis an Dúlra (TNFD).	Gnó ar son na Bithéagsúlachta (BFB): Is eagraíocht neamhbhrabúis í Gnó ar son Bithéagsúlachta Éireann a dhíríonn ar thacú le gnólachtaí Éireannacha an dúlra a chur san áireamh ina gcuid cinnteoireachta. Trínár rannpháirtíochtaí, táimid ag iarraidh leas a bhaint as seimineáir ghréasáin lucht saothair BFB chun bithéagsúlacht a chur chun cinn tuilleadh ar fud EirGrid.
	Straitéis cur thar chábla: Sa bhliain 2026, oibreoidh EirGrid go dlúth le Foireann Bainistíochta Sócmhainní BSL chun taighde bunaithe ar fhianaise a dhéanamh chun measúnú riosca a dhéanamh ar thoir le fréamhacha níos éadoimhne a chur thar cháblaí ardvoltais.	Straitéis cur thar chábla: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé i gceist ag EirGrid teacht ar chomhaontú (le ESNB) maidir le raon feidhme na dtástálacha saotharlainne is gá chun a chinneadh an gcuireann cur toir thar scannán bacainn fréimhe isteach ar rátáil cábla HV nó nach gcuireann.
	Dearadh Cuimsitheach Dúlra Mara: Rachaidh EirGrid i gcomhairle le hacadóirí, saineolaithe tionscail agus comhlachtaí stáit ábhartha chun cuspóirí beartais chomhroinnte EirGrid agus DCEE maidir le	Dearadh Cuimsitheach Dúlra Mara: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé d'aidhm ag EirGrid pleananna Athchóirithe Dúlra na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus

	hAthchóiriú an Dúlra Mhuirí a chur i bhfeidhm.	Fiadhúlra (NPWS) a chomhtháthú i nDearadh Cuimsitheach Dúlra Mara EirGrid.
Monatóireacht ar Phlean Cur Chun Feidhme Eangaí EirGrid: Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA)	Measúnú Straitéiseach Comhshaoil Maidir le Monatóireacht: In 2026, rachaidh EirGrid i dteagmháil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le toradh bhlianta a haon agus a dó dár n-anailísí faireacháin SEA	Measúnú Straitéiseach Comhshaoil Maidir le Monatóireacht: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé d'aidhm ag EirGrid na torthaí a fhoilsiú i ndiaidh athbhreithnithe agus ionchuir ó UCD agus GCC.
Modheolaíocht Nua an Mheasúnaithe Tionchair Shóisialta (SIA)	Rannpháirtíochtaí pleanála: Áireofar i dtreoirthionscadal SIA tuarascáil scóipe, a dhéanfar le linn Chéim 3 de thionscadal ardhphróifíle. Úsáidfear pointí tadhaill atá ann cheana, lena n-áirítear imeachtaí faisnéise agus rannpháirtíocht CLO, chun faisnéis a bhailiú maidir le tionchair shóisialta. Cuirfidh an tionscadal píolótach SIA modheolaíocht nua i bhfeidhm freisin maidir le tionscadail eile ag céimeanna éagsúla dár gcur chuige 6 chéim i leith forbairt tionscadal, a chomhtháthófar leis na cineálacha cur chuige atá ann faoi láthair maidir le comhairliúchán agus rannpháirtíocht tionscadal. Déanfar obair freisin chun measúnú a dhéanamh ar na sonraí bunlíne is féidir a bhailiú ó thionscadail chríochnaithe.	Rannpháirtíochtaí pleanála: Cuirfidh an cleachtadh píolótach seo agus an cleachtadh bunlíne ar chumas EirGrid modheolaíocht SIA a dheimhniú ar féidir í a leabú i ngach tionscadal amach anseo ón gcéim is luaithe. Féachfaidh EirGrid freisin leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus an dea-chleachtas a roinnt le heagraíochtaí páirtithe leasmhara de réir mar is iomchuí.

Cur chun feidhme: Seachadadh

Spiocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Tionscadal forbartha eangaí Chill Dara-na Mí		
Tionscadal forbartha eangaí Chill Dara-na Mí	Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Dara-na Mí: In 2026, leanfaidh EirGrid ag roinnt nuashonruithe le páirtithe leasmhara áitiúla lena n-áirítear an fóram pobail mar aon le comhairleoirí áitiúla. Oibreoidh an riarthóir ciste freisin leis an bhfóram chun straitéis agus treoirlínte maoinithe a bhunú. Chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo, beartóidh EirGrid roinnt imeachtaí faisnéise áitiúil ar fud an	Torthaí rannpháirtíochta tionscadail Chill Dara-na Mí: Tá rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara fiorthábhachtach, go háirithe agus muid ag tabhairt faoin gcéim rithábhachtach seo de thionscadal Chill Dara-na Mí.

	tionscadail chun sonraí a chur ar fáil do phobail áitiúla. Ar deireadh, leanfaidh EirGrid de bheith ag obair ar urraíochtaí áitiúla le comhlachais áitiúla tráchtála agus grúpaí pobail chun feasacht a mhúscailt agus chun ár gcomhpháirtíochtaí a neartú. I rith 2026, ag obair go dlúth le Líonraí BSL, leanfaimid le rannpháirtíocht le húinéirí talún chun rochtain talún a chomhaontú.	Tríd an gciste pobail a chur chun cinn cabhrófar chun amlínte tógála garsprice a bhaint amach fad is a thugtar ar ais do na pobail agus na gnólachtaí a gcuirtear isteach orthu le linn tógála. Trínár rannpháirtíochtaí, tá sé mar aidhm ag EirGrid freisin ár gcomhpháirtíochtaí le pobail dá ndéantar difear a neartú.
Gníomhaíocht fhóram pobail Chill Dara-na Mí	Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail: In 2026, leanfaidh an fóram pobail ag teacht le chéile go débhlíantúil leis an éascaitheoir agus díreofar ar nuashonruithe tionscadail agus tógála. Tiocfaidh an fóram le chéile freisin leis an riarthóir ciste nuacheaptha chun straitéis sochair pobail a fhorbairt.	Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail: Trí theacht le chéile go rialta leis an bhfóram pobail le haghaidh thionscadal Chill Dara-na Mí, táimid ag cinntiú go gcuirimid cumarsáid agus nuashonruithe tionscadail rialta agus tráthúla ar fáil. Tá an fóram pobail lárnach freisin d'fhorbairt na straitéise sochair pobail.
Gníomhaíocht chiste sochair pobail Chill Dara-na Mí	Ciste sochair pobail: In 2026, oibreoidh EirGrid go dlúth le riarthóir an chiste, chomh maith leis an bhfóram pobail chun an straitéis maoinithe a chur i gcrích. Beidh próiseas comhairliúcháin fairsing le príomhpháirtithe leasmhara, ionadaithe poiblí agus an pobal i gcoitinne i gceist sa phróiseas freisin. Oibreoidh chun an chéad chéim den chiste seo a sheoladh in R3 2026, i gcomhréir leis na hamlínte tógála. Ar feitheamh thosú na tógála, cuirfear maoiniú €1.7 milliún ar fáil do ghrúpaí pobail mar aon leis an mbealach cábla mar chuid den chéim maoinithe seo.	Ciste sochair pobail: Cinntoidh seachadadh na straitéise sochair pobail seo go seachadtar an próiseas maoinithe ar bhealach atá trédhearcach agus le hionchur ó pháirtithe leasmhara áitiúla, fad is a fhorbraítear muinín agus a neartaítear caidreamh. Cinntoidh na rannpháirtíochtaí seo freisin go gcoinnítear príomhpháirtithe leasmhara agus ionadaithe tofa ar an eolas le pleananna forbartha don chiste sochair pobail chomh maith le deis a thabhairt dóibh rannchuidiú agus aon tacaíocht straitéiseach a thabhairt le pleanáil, breithniúcháin féideartha agus cur i bhfeidhm.
Tionscadal treisithe eangaí na Mí Thoir - Bhaile Átha Cliath Thuaidh		
Tionscadal treisithe eangaí na Mí Thoir -	Rannpháirtíochtaí tionscadail na Mí Thoir - Bhaile Átha Cliath Thuaidh:	Torthaí rannpháirtíochta na Mí Thoir - Bhaile Átha Cliath

Bhaile Átha Cliath Thuaidh	In 2026, oibreoidh EirGrid go dlúth le riarthóir an chiste, chomh maith leis an bhfóram pobail chun an straitéis maoinithe a chur i gcrích. Beidh próiseas comhairliúcháin fairsing le príomhpháirtithe leasmhara, ionadaithe poiblí agus an pobal i gcoitinne i gceist sa phróiseas freisin. I rith 2026, ag obair go dlúth le Líonraí BSL (mar TAO), leanfaimid le rannpháirtíocht le húinéirí talún chun rochtain talún a chomhaontú. Ar deireadh, leanfaimid ag forbairt feasachta trí urraíochtaí áitiúla sa cheantar.	Thuaidh: Tá rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara fíor-riachtanach, go háirithe agus muid ag tabhairt faoin gcéim rithábachtach seo de thionscadal na Mí Thoir - Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Tríd an gciste pobail a chur chun cinn cabhrófar chun amlínte tógála garsprice a bhaint amach fad is a thugtar ar ais do na pobail agus na gnólachtaí a gcuirtear isteach orthu le linn tógála.
Gníomhaíocht fhóram pobail na Mí Thoir - Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Rannpháirtíocht leis an bhfóram pobail: In 2026, leanfaidh an fóram ag teacht le chéile go débhlíantúil leis an éascaitheoir agus díreofar ar nuashonruithe tionscadail agus tógála.	Fóram pobail: Trí theacht le chéile go rialta leis an bhfóram pobail le haghaidh thionscadal Chill Dara-na Mí, táimid ag cinntiú go bhfuilimid ag cur cumarsáide agus nuashonruithe tionscadail rialta agus tráthúla ar fáil. Tá an fóram pobail lárnach freisin d'fhorbairt na straitéise sochair pobail.
Gníomhaíocht chiste sochair pobail na Mí Thoir - Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Ciste sochair pobail: In 2026, oibreoidh EirGrid go dlúth le riarthóir an chiste, chomh maith leis an bhfóram pobail chun an straitéis maoinithe a chur i gcrích. Beidh próiseas comhairliúcháin fairsing le príomhpháirtithe leasmhara, ionadaithe poiblí agus an pobal i gcoitinne i gceist sa phróiseas freisin. Tá sé beartaithe ag EirGrid an chéad chéim den chiste seo a sheoladh in R3 2026, i gcomhréir leis na hamlínte tógála. Ar feitheamh thosú na tógála, cuirfear maoiniú €1.39 milliún ar fáil do ghrúpaí pobail mar aon leis an mbealach cábla mar chuid den chéim maoinithe seo.	Ciste sochair pobail: Cinntoidh seachadadh na straitéise sochair pobail seo go seachadtar an próiseas maoinithe ar bhealach atá trédhearcach agus le hionchur ó pháirtithe leasmhara áitiúla, fad is a fhorbraítear muinín agus a neartaítear caidreamh. Cinntoidh na rannpháirtíochtaí seo go gcoinnítear príomhpháirtithe leasmhara agus ionadaithe tofa ar an eolas le pleananna forbartha don chiste sochair pobail chomh maith le deis a thabhairt dóibh rannchuidiú agus aon tacaíocht straitéiseach a thabhairt le pleanáil, breithniúcháin féideartha agus cur i bhfeidhm.

Tionscadal forbartha eangaí Laoise - Chill Chainnigh		
Tionscadal forbartha eangaí Laoise - Chill Chainnigh	Rannpháirtíochtaí tionscadail Laoise - Chill Chainnigh: Agus an tionscadal seo ag teacht chuig fuinnmhiú, leanfaidh EirGrid ag tacú le rannpháirtíocht leis na pobail sin dá ndéanann a sheachadadh dífear de réir mar is gá. Leanfaidh EirGrid leis an teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara sa cheantar, lena n-áirítear úinéirí foraoiseachta feadh bhealach an tionscadail.	Rannpháirtíochtaí tionscadail Laoise - Chill Chainnigh: Trí rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm againn tacaíocht leanúnach a bhaint amach dár gcuid oibre agus muid ag bogadh i dtreo chéimeanna deiridh na tógála ar an tionscadal seo. Tá rannpháirtíocht le húinéirí foraoiseachta á cur chun cinn chun éasúintí foraoiseachta a chur i gcrích feadh bhealach an tionscadail.
Gníomhaíocht fórain pobail Laoise - Chill Chainnigh	Fóram Pobail: In 2026, leanfaidh an fóram ag cur nuashonruithe ar fáil maidir le dul chun cinn an tionscadail chomh maith le stádas an chiste sochair pobail. Déanfaidh EirGrid athbhreithniú freisin ar chéim 2 den chiste sochair pobail lena chinntiú go ngabhtar aiseolas ó príomhpháirtithe leasmhara agus go léirítear tuairimí an phobail sa chéim dheiridh den chiste.	Fóram Pobail: Cinntíonn rannpháirtíocht leanúnach go gcoimeádtar an fóram ar an eolas maidir le dul chun cinn an tionscadail. Tá deis ag baill an fhórain faisnéis thábhachtach a chur faoi bhráid fhoireann EirGrid. Coimeádtar an fóram ar an eolas maidir le riar na gcistí sochair pobail. Cuireann an cur chuige seo le trédhearcacht agus neartaíonn sé ár gcaidreamh pobail.
Gníomhaíocht chiste sochair pobail Laoise - Chill Chainnigh	Ciste Sochair pobail: Leanfaidh EirGrid ag obair i gcomhar leis na tionscadail phobail atá roghnaithe le haghaidh maoiniú chéim 2. Ullmhóimid d'oscailt chéim 3 den mhaoiniú tar éis fuinnmhithe.	Ciste Sochair pobail: Trí rannpháirtíocht leanúnach in 2026, déanfaimid monatóireacht ar dhul chun cinn na dtionscadal maoinithe fad is a leantar ag forbairt caidreamh leis an bpobal áitiúil.
Tionscadal forbartha eangaí Thuaisceart Chonnacht		
Tionscadal forbartha eangaí Thuaisceart Chonnacht	Rannpháirtíochtaí tionscadail Chonnacht Thuaidh: Tá tógáil thionscadal Chonnacht Thuaidh sceidealta le tosú in 2026. Mar ullmhúchán, oibreoidh EirGrid i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun nuashonruithe a thabhairt ar amlínte agus garspriocanna tionscadail. De réir mar a théann an tógáil ar aghaidh, déanfaimid rannpháirtíocht spriocdhírithe le	Rannpháirtíochtaí tionscadail Chonnacht Thuaidh: Cabhróidh na rannpháirtíochtaí seo le feasacht ar an tionscadal a éascú agus cuirfidh siad deiseanna ar fáil don phobal aiseolas a thabhairt agus aon imní a ardú de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh.

	pobail dá ndéanann na hoibreacha difear. Áireofar anseo faisnéis maidir le bainistíocht tráchta agus suaithreadh féideartha. Áireofar ar rannpháirtíocht rannpháirtíochtaí duine le duine, nuashonruithe digiteacha agus fógraíocht áitiúil chun inrochtaineacht agus feasacht a chinntiú. Nuair a bhíonn an tógáil faoi lán seoil, gníomhóimid an Ciste Sochair Pobail a bhaineann leis an tionscadal. Eiseofar maoiniú d'iarratasóirí rathúla ón gcéad chéim, ag tacú le tionscnaimh a sheachadann luach marthanach do phobail áitiúla.	Trí nuashonruithe rialta agus tráthúla a sholáthar, tá sé mar aidhm ag EirGrid freisin a chinntiú go bhfanfaidh an pobal ar an eolas agus go n-íoslaghdófar aon chur isteach ar thrácht.
Fóram pobail Chonnacht Thuaidh	Fóram pobail: Leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil leis an bhfóram pobail in 2026 agus gheobhaidh siad nuashonruithe ar dhul chun cinn na dtionscadal agus ar riarachán Chéim 1 den Ciste Sochair Pobail.	Fóram pobail: Tá ról lárnach ag an bhfóram mar ionadaithe ar son a bpobal agus ó thaobh faisnéis rithábachtach a scaipeadh faoin tionscadal. Cinnteoidimid go gcoimeádfar an fóram ar an eolas faoi dhul chun cinn an tionscadail agus faoin gciste sochair pobail.
Ciste sochair pobail Chonnacht Thuaidh	Ciste sochair pobail: In 2026, beidh EirGrid ag obair i gcomhar leis na tionscadail phobail atá roghnaithe le haghaidh maoiniú chéim 1. Áireofar leis seo dul chun cinn an tionscadail a rianú chomh maith le rannpháirtíochtaí éagsúla chun iarratais a spreagadh don chéad chéim eile den mhaoiniú.	Ciste sochair pobail: Trí oibriú go dlúth leis an bpobal ar thionscadail chéim 1 a roghnaíodh, tá sé mar aidhm ag EirGrid feasacht a mhúscailt chomh maith le caidreamh a neartú leis an bpobal áitiúil.
Tionscadal forbartha eangaí Fhine Gall-An Mhí Thoir		
Tionscadal forbartha eangaí Fhine Gall-An Mhí Thoir	Rannpháirtíochtaí tionscadail Fhine Gall-An Mhí Thoir: In 2026, áireofar feachtas faisnéise sa Rannpháirtíocht a dhíreoidh ar chónaitheoirí áitiúla agus ar pháirtithe leasmhara tábhachtacha amhail gnólachtaí, comhairleoirí áitiúla agus údarais áitiúla. Beidh EirGrid ag lorg tuilleadh deiseanna urraíochta agus comhpháirtíochta sa cheantar freisin. Leanfaimid orainn ag obair i gcomhpháirtíocht le Cumann Tráchtála Fhine Gall chun an tionscadal a chur chun cinn.	Rannpháirtíochtaí tionscadail Fhine Gall-An Mhí Thoir: Is é an toradh atá ag teastáil ó na rannpháirtíochtaí in 2026 ná ár n-iarratas pleanála don tionscadal seo a chur isteach. Ina theannta sin, cuirfidh na rannpháirtíochtaí agus an caidreamh a thógfar tacaíocht an phobail ar fáil don bhonneagar rithábachtach seo.
Tionscadal forbartha eangaí Chill Dara-Bhaile Átha Cliath		

Tionscadal forbartha eangaí Chill Dara-Bhaile Átha Cliath	Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Dara-Bhaile Átha Cliath: In 2026, reáchtálfaidh EirGrid roinnt comhairliúchán poiblí ag díriú ar na roghanna bealaigh ciorcaid de réir mar a théann siad ar aghaidh. Beidh EirGrid i mbun oibre le pobail agus le páirtithe leasmhara freisin chun na roghanna is fearr feidhmíocht a fhoilsiú do dhá fhostáisiún nua a bheidh mar chroílár an tionscadail Athneartaithe Eangaí i ndiaidh an chomhairliúcháin a tharla i mí na Bealtaine 2025.	Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Dara-Bhaile Átha Cliath: Cuirfidh an comhairliúchán agus an rannpháirtíocht ghaolmhar léargais luachmhara áitiúla agus pobail ar fáil i gceantair nár oibrigh EirGrid iontu roimhe seo. Cumasóidh sin dearadh níos láidre a bheith ann agus cuirfidh sé sin leis na tograí a chuirfear i láthair an phobail arís ar dháta níos déanaí.
Fóram pobail Chill Dara-Bhaile Átha Cliath	Fóram Pobail: Sa bhliain 2026, bunóidh EirGrid fóram pobail de réir mar a bheidh limistéar staidéir an tionscadail á mhionchoigeartú.	Fóram Pobail: Trí fhóram pobail a bhunú don tionscadal seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid oibriú go dlúth leis an bpobal áitiúil, aiseolas a bhailiú agus leanúint de mhuinín a chothú de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.
An tIarlthuaisceart a Chumhachtú		
An tIarlthuaisceart a Chumhachtú (tionscadail forbartha eangaí)	Rannpháirtíochtaí tionscadail an Iarlthuaiscirt: In 2026, leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil le húinéirí talún, leis an bpobal, agus le grúpaí pobail. Beidh comhpháirtíocht le comhlachas tráchtála, grúpaí pobail agus ionadaithe poiblí sa réigiún i gceist leis an rannpháirtíocht seo.	Torthaí rannpháirtíochta tionscadail an Iarlthuaiscirt: Tar éis an chomhairliúcháin tosaigh, déanfaidh EirGrid iarracht caidreamh láidir a choinneáil le páirtithe leasmhara tábhachtacha ar fud an réigiúin lena chinntiú go gcoimeádfar pobail ar an eolas faoi dhul chun cinn an tionscadail i rith 2026.
Fóram Pobail ‘An tIarlthuaisceart a Chumhachtú’	Fóram pobail an Iarlthuaiscirt: In 2026, forbróidh EirGrid straitéis fóram pobail don tionscadal seo roimh chomhairliúchán breise in 2026.	Fóram pobail an Iarlthuaiscirt: Trínár rannpháirtíochtaí, tá sé mar aidhm againn próiseas trédhearcach agus cothrom a chinntiú chun fóram pobail a thionól atá ionadaíoch ar limistéar an tionscadail.
Baile Átha Cliath a Chumhachtú		
Baile Átha Cliath a Chumhachtú	Rannpháirtíochtaí tionscadail Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú: In 2026, leanfaidh EirGrid lenár rannpháirtíocht trí ghníomhaíochtaí for-rochtana scoile pleanáilte, lena n-áirítear ceardlanna idirghníomhacha don idirbhliain agus don bhunscoil. Beidh eispéireas	Rannpháirtíochtaí tionscadail Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú: Tríd na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn feasacht a mhéadú maidir le Baile Átha

	oideachasúil ar obair EirGrid agus ar thionscadal Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú mar chuid de na himeachtaí sin. Chomh maith leis sin, reáchtálfaidh EirGrid cruinnithe eolais do chumainn chónaitheoirí i bpobail a ndéanfaidh bealaí na gcáblaí difear dóibh chun nuashonruithe tionscadail a sholáthar agus aon ábhar imní maidir le seachadadh a chur ar ais chuig na bainisteoirí tionscadail ábhartha. Leanfaimid orainn freisin le teagmháil a dhéanamh le grúpaí pobail feadh na mbealaí cábla agus le teagmháil spriocdhírthe le pobail atá buailte ag oibreacha fostáisiúin sa Bhalla Thoir agus i gceantar an Phoill Bhig. Ar deireadh, leanfaimid orainn ag tabhairt urraíochta d'eagraíochtaí cultúrtha, spóirt agus pobail chun feasacht a mhúscailt faoin tionscadal agus caidreamh a thógáil feadh na mbealaí.	Cliath a Chumhachtú agus EirGrid araon i gceantar Bhaile Átha Cliath. Coinneoidh na gníomhaíochtaí seo líne chumarsáide oscailte leis an bpobal agus leis na pobail a bheidh ina n-óstach ar ár mbonneagar sa deireadh thiar, rud a thabharfaidh deis don fhoireann iad a choinneáil ar an eolas faoi thograí, amlínte agus gníomhaíochtaí pleanáilte. Ach a bheith ag obair le grúpaí pobail agus scoileanna cuideoidh na rudaí sin freisin chun Ciste Sochair Pobail a cheapadh agus feasacht a scaipeadh faoin mbeartas. Tá teagmháil phiolótach déanta ag EirGrid le scoileanna i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin agus de réir mar a leanann rath an chur chuige seo ag fás, tá sé i gceist againn an ghníomhaíocht seo a léiriú i roinnt tionscadal bonneagair eangaí amach anseo.
Gníomhaíocht fhóram pobail Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú	Fóram Pobail: Tiocfaidh an Fóram Pobail le chéile 3-4 huaire in 2026, chun go mbeidh deis ann ionchur a thabhairt maidir leis na cúig tionscadal cábla 220kV, An Poll Beag, agus le Tionscadal Fostáisiúin Bhaile Átha Cliath Láir. Díreoidh cruinnithe Fhóram an Phobail ar nuashonruithe tionscadail, ar na 5 bhealach cábla agus ar dhá fhostáisiún nua. Cuirfear tús le comhairliúchán ar na bealaí Rogha Feidhmíochta is Fearr don 2 Chiorcaid in Inse Chóragus An Poll Beag in 2026. Tosóimid ag roinnt faisnéise faoi Chistí Sochair Pobail in 2026 de réir mar a bhogann an tionscadal go dtí an chéad chéim eile agus de réir mar a bhunófar riarthóir cistí don chiste. Déanfaimid ballraíocht san fhóram a athbhreithniú agus a mhéadú freisin chun a chinntiú go ndéanfar ionadaíocht ar gach réimse rannpháirtíochta laistigh de Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú	Fóram Pobail: Leis na rannpháirtíochtaí seo, beidh EirGrid in ann cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bhfóram agus bealaí cumarsáide oscailte a choinneáil ag an am céanna, chun feasacht a mhúscailt agus nuashonruithe rialta tionscadail a sholáthar. Chomh maith leis sin, cumasóidh seo forbairt na Straitéise Sochair Pobail gaolmhaire, chun tionscadail fhéideartha a shainaithint a mbeidh EirGrid in ann tacú leo le linn chéim thógála an tionscadail.

	In 2026, tosóidh an fóram ag cur le pleananna agus straitéis ciste sochair pobail freisin. Tá éascaitheoir nua fóram pobail ceaptha don tionscadal seo a oibreoidh leis na baill ar an straitéis agus an cur chuige chun leas an phobail a bhaint amach. Cinnteoidh sé seo straitéis thrédhearcach a oibreoidh ar an mbealach is fearr do riachtanais an phobail a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh orthu.	
Gníomhaíocht chiste sochair pobail Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú	Ciste Sochair pobail: Sa bhliain 2026, beidh riarthóir ciste i bhfeidhm do chistí Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú chun tús a chur le forbairt Straitéisí Sochair Pobail don tionscadal seo i gcomhar leis an bhfóram pobail agus le páirtithe leasmhara níos leithne. Cuirfear tús le forbairt straitéise agus eisiúint cistí i gcomhréir le hamlínte tógála.	Ciste Sochair pobail: Sa bhliain 2026, cuirfidh EirGrid deis ar fáil don fhóram pobail agus do na príomhpháirtithe leasmhara ionchur a thabhairt i straitéis an chiste ina céimeanna tosaigh chun a chinntiú go bhforbrófar í go thrédhearcach agus le heolas áitiúil ina croílár. Ag brath ar amlínte na tógála, eiseofar cistí do phobail a ndéanfaidh an tionscadal difear dóibh chun aitheantas a thabhairt do na pobail sin ina mbeidh an bonneagar rithabhachtach seo.
Cill Mhantáin a Chumhachtú		
Cill Mhantáin a Chumhachtú	Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Dara a Chumhachtú: In 2026, leanfaimid lenár rannpháirtíocht le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara trí chúig ghníomhaíocht for-rochtana scoile atá beartaithe, lena n-áirítear ceardlanna idirghníomhacha don idirbhliain agus don bhunscoil. Beidh eispéireas oideachasúil ar obair EirGrid agus ar thionscadal Chill Dara a Chumhachtú mar chuid de na himeachtaí sin. In 2026, leanfaidh EirGrid de bheith i mbun oibre le húinéirí talún agus leis an bpobal maidir le tógáil fostáisiúin 220 kV i gceantar an Bhaile Bhig. Tacóidh rannpháirtíocht le dul chun cinn in 2026 do thionscadail i dTuaisceart Chill Mhantáin mar chuid den chlár Cill Mhantáin a Chumhachtú.	Rannpháirtíochtaí tionscadail Chill Dara a Chumhachtú: Tacóidh rannpháirtíocht EirGrid sa cheantar seo le sainaithint an Rogha is Fearr Feidhmíocht do shuíomh fostáisiún an Bhaile Bhig. Is deis rithabhachtach é seo freisin do EirGrid feasacht a mhúscailt agus caidreamh a neartú sa cheantar agus muid ag leanúint ar aghaidh le clár Chill Mhantáin a Chumhachtú a chur chun cinn. Tá teagmháil phiolótach déanta ag EirGrid le scoileanna i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin agus de réir mar a leanann rath an chur chuige seo ag fás, tá sé i gceist againn an ghníomhaíocht

		seo a léiriú i roinnt tionscadal bonneagair eangaí amach anseo.
Rannpháirtíochtaí tionscadail eile ar tír:		
Tionscadail líne lasnairde (OHL) uasghrádaithe agus athchóirithe agus tionscadail athfhorbartha fostáisiúin	Rannpháirtíochtaí tionscadail eile: In 2026, beidh EirGrid ag dul ar aghaidh le roinnt tionscadal uasráta agus athchóirithe agus tionscadail athfhorbartha stáisiúin. Áirítear leis seo fostáisiún 220 kV Leitir Ceanainn, fostáisiún 220 kV Mhaigh Nuad, agus tionscadail uasráta ar siúl ar fud na tíre. Áireofar ar na rannpháirtíochtaí agus cuairteanna spriocdhírthe ó dhoras go doras agus bileoga a dháileadh ar na daoine a chónaíonn i ngar do na hoibreacha stáisiúin atá beartaithe. Beidh rannpháirtíocht le húinéirí talún ar siúl maidir leis na tionscadail uasráta chun comhairle a chur ar fáil maidir leis na hoibreacha atá beartaithe agus rochtain a lorg le haghaidh gníomhaíochtaí suirbhéireachta nuair is gá.	Rannpháirtíochtaí tionscadail eile: Trínár rannpháirtíochtaí, tá sé mar aidhm ag EirGrid rochtain talún a fháil le haghaidh oibreacha suirbhéireachta nuair is gá. Is deis atá ann freisin feasacht a mhúscailt sa phobal maidir leis na hoibreacha atá beartaithe ag láithreacha na stáisiún.
Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh		
An tIdirnascaire Ceilteach	Rannpháirtíochtaí an tionscadail cheiltigh: In 2026, leanfaimid leis an teagmháil rialta agus thráthuil leis an bpobal lena chinntiú go gcoinnítear ar an eolas iad faoi fhorbairtí tionscadal. Áireofar leis an rannpháirtíocht litreacha, ríomhphoist, foláirimh téacs, nuashonruithe gréasáin, fógraí raidió, fógraíocht ar chlár fógraí chomh maith le meáin chlóite agus dhigiteacha. Is í ár Nuachtlitir Ráithiúil Ceiltí atá tiomnaithe dúinn - lárphointe ár gcumarsáide poiblí de réir mar a théann an tionscadal chun cinn. Beidh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus imeachtaí faisnéise ina gcuid rithábhachtach dár straitéis freisin agus muid ag leanúint de bheith ag roinnt dul chun cinn agus nuashonruithe leo siúd atá bainteach lenár gcuid oibre nó a bhfuil tionchar acu uirthi agus leo siúd ar spéis leo an méid atá foghlamtha a roinnt. Cuid thábhachtach eile dár gcuid oibre rannpháirtíochta ná cruinnithe eolais do chomhairleoirí áitiúla agus d'ionadaithe tofa,	Torthaí rannpháirtíochta an tionscadail cheiltigh: Trí rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm againn tacaíocht leanúnach a bhaint amach dár gcuid oibre agus muid ag bogadh i dtreo chéimeanna deiridh thionscadal an idirnascaire Cheiltigh. Leanann an tionscadal de bheith ina ábhar mór spéise i gcoitinne agus i measc páirtithe leasmhara, rud a chuireann luach le cuspóirí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara an tionscadail agus an phobail araon chomh maith le cuspóir foriomlán EirGrid maidir le heolas agus feasacht an phobail a mhéadú maidir le ról athraitheach an chórais cumhachta.

	rud a leanfaimid orainn ag déanamh in 2026, chun trédhearcacht agus ailíniú a chinntiú. Trí na gealltanais sin, beidh sé d’aidhm againnfeasacht a mhúscailt agus teachtaireachtaí dearfacha a scaipeadh trí urraíochtaí áitiúla sa cheantar. In 2026, leanfaimid ag forbairt caidreamh idir pobail Idirnascaire Francacha agus Ceilteacha na hÉireann chomh maith.	
Gníomhaíocht mara cheiltigh	Oibríochtaí Mara agus Gealltanais an Idirnascaire Cheiltigh 2026: In 2026, díreoidh EirGrid ar na gealltanais seo a leanas: • Nuashonruithe tionscadail. • Feachtas féideartha um leagan cáblaí gar don chósta. Chomh maith leis sin, reáchtálfaidh EirGrid cuir i láthair duine le duine le páirtithe leasmhara mara, ina leagfar amach nuashonruithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó 2025 agus raon feidhme féideartha na n-oibreacha atá le teacht le haghaidh 2026. In 2026, leanfaimid orainn ag bualadh le foghrúpaí sonracha den earnáil bia mara trí chruinnithe grúpa eagraithe, cuairteanna ar láithreáin agus cuairteanna ar na céibheanna. Leanfaidh EirGrid ag baint leasa as grúpaí WhatsApp chun nuashonruithe dul chun cinn a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí soithí le linn oibríochtaí in 2026. Coinneoidh EirGrid páirtithe leasmhara ar an eolas freisin trí chumarsáid ríomhphoist rialta agus tríd an ngrúpa oibre Bia Mara/ORE. Eiseofar Fógraí Mara ar gov.ie sula dtosófar ar oibreacha chun gach úsáideoir mara a chur ar an eolas faoi na hoibreacha a bhfuiltear ag tabhairt fúthu.	Oibríochtaí Mara agus Gealltanais an Idirnascaire Cheiltigh 2026: Trí rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara, tá sé d’aidhm againn tacaíocht leanúnach a bhaint amach dár gcuid oibre de réir mar a shroicheann muid na céimeanna deiridh de thionscadal an idirnascaire Cheiltigh agus a chinntiú go bhfuil an seachadadh ailínithe le hamhlínte an tionscadail.
Gníomhaíocht an fhóraithe pobail Cheiltigh	Gníomhaíochtaí an fhóraithe pobail Cheiltigh: In 2026, reáchtálfaimid ceithre chruinniú ar a laghad den Fhóraithe Pobail Ceilteach ina ndíreofar ar an méid a leanas: • Aiseolas a bhailiú ón bpobal.	Gníomhaíochtaí an fhóraithe pobail Cheiltigh: Ag obair leis an bhFóraithe Pobail Ceilteach, tá sé mar aidhm againn trédhearcacht a choinneáil agus leanúint ag

	- Nuashonruithe tionscadail. - Nuashonruithe maidir le gníomhaíocht iascaigh. - Seachadadh agus foghlaim an Chiste Sochair pobail. - Gníomhachtú Chéim 2 den Chiste Sochair Pobail. - Cumarsáid mhéadaithe idirnáisiúnta lenár bpobail Fhrancacha.	forbairt muiníne idir EirGrid agus na pobail dá ndéanann ár gcuid oibre difear. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm againn cur i bhfeidhm Chéim 2 den Chiste Sochair Pobail a chinntiú.
Gníomhaíocht an chiste sochair pobail Cheiltigh	Gníomhaíochtaí an chiste sochair pobail: Tar éis chur i bhfeidhm Chéim 2 dár gCiste Sochair Pobail ag deireadh 2025, leanfaimid ag faire dul chun cinn na dtionscadal sin le linn 2026. Déanfaimid na hullmhúcháin is gá chun an chéim dheiridh den mhaoiniú ar an tionscadal seo a chur i bhfeidhm, ag brath ar dhul chun cinn an tionscadail tógála.	Gníomhaíochtaí an chiste sochair pobail: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go ndéantar faireachán maith ar mhaoiniú ó Chéim 2 agus go ndéanann sé difear dearfach don phobal. Ullmhóidh EirGrid freisin don chéim deiridh den mhaoiniú i gcomhréir le hamlínte tionscadail.
Forbairt amach ón gcósta		
Forbairt amach ón gcósta:	Na Roghanna is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn: In 2026, rachaidh EirGrid i gcomhairle leis an bpobal ar na Roghanna is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn feadh chriosanna teacht i dtír, pointí nasctha eangaí agus teicneolaíocht. Áireofar sa chomhairliúchán seo rannpháirtíocht le húdarais áitiúla, ionadaithe poiblí, príomhpháirtithe leasmhara ar chósta an deiscirt agus an pobal níos leithne trí laethanta faisnéise poiblí, chomh maith le cumarsáid níos leithne trí mheáin réigiúnacha agus sóisialta. Tá rannpháirtíocht úinéirí talún agus iascaigh don tionscadail ag leanúint ar aghaidh.	Na Roghanna is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn: I measc na dtorthaí a bhfuil coinne leo in 2026 tá cinneadh maidir le láithreacha teacht i dtír do cheantair Chorcaí agus Phort Láirge/Loch Garman, deimhniú na láithreacha d'ardáin amach ón gcósta, láthair stáisiúin ar talamh agus na pointí nasctha eangaí.
Gníomhaíocht mhara amach ón gcósta leis an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA)	Rannpháirtíochtaí MARA: In 2026, áireofar ar ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta: Ceadúnas Úsáide Muirí (MUL) - Rannpháirtíocht i ndáil le ráthaíocht comhlíontachta suirbhéanna mara, de réir mar is gá. - Nuashonruithe ginearálta maidir le pleananna suirbhé 2026 faoi MUL. Toiliú Cheantar Mara (MAC) (2026/2027 uainiú le deimhniú):	Rannpháirtíochtaí MARA: Is é cuspóir na rannpháirtíochtaí seo eolas a thabhairt do MARA maidir le stádas an tionscadail Ag Cumhachtú Amach ón gCósta Theas chomh maith le soiléiriú a dhéanamh ar aon mhíreanna a bhaineann le hiarratas MAC. Lorgóimid aiseolas freisin ó MARA chun cabhrú le hullmhúchán EirGrid roimh iarratas MAC.

	- Nuashonruithe ginearálta de réir mar a théann an tionscadal chun cinn ag dréim le hiarratas MAC a dhéanamh. - Rannpháirtíocht sula ndéantar iarratas MAC.	
Ag Cumhachtú Amach ón gCósta, an Cósta Theas, Oibríochtaí Mara	Oibríochtaí agus Rannpháirtíochtaí Suirbhé Mara: In 2026, leanfaidh EirGrid ag obair le páirtithe leasmhara mara chun feasacht a mhéadú ar ár gcuid oibre maidir le tionscadail nascachta eangaí ‘Tonn Nua’ chomh maith leis na réimsí amach anseo arna sainaithint sa Phlean Limistéir Mhuirí Sainithe (DMAP). Tosóidh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara mara in 2026 roimh oibríocht mara atá ag teacht aníos. Reáchtálfaidh EirGrid freisin seisiúin bailithe faisnéise chun tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir linn forbairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón mbliain roimhe. In 2026, tosóidh suirbhéanna geoiteicniúla ar láthair ‘Tonn Nua’ chomh maith leis na conairí bealaigh cábla féideartha agus láithreacha teacht i dtír. Déanfaidh EirGrid idirchaidreamh freisin le heagraíochtaí ionadaíocha bia mara agus leis an meitheal Bia Mara/ORE ar bhonn rialta le faisnéis cothrom le dáta maidir le raon feidhme suirbhéanna mara agus dul chun cinn oibreacha le haghaidh 2026. In 2026, díreoidh EirGrid chomh maith ar chaidreamh reatha a choinneáil agus a neartú le pobail iascaireachta agus mhara dá ndéantar difear ar fud an chósta theas.	Oibríochtaí agus Rannpháirtíochtaí Suirbhé Mara: Trí rannpháirtíocht leis na pobail mhara ar an gCósta Theas, tá sé i gceist ag EirGrid aiseolas páirtithe leasmhara a bhailiú ar ghníomhaíochtaí go dáta agus é sin a thabhairt san áireamh i gcéimeanna forbartha tionscadail amach anseo. Tá sé beartaithe go gcuirfear gníomhaíochtaí suirbhé Mara i gcrích i mbliana faoi réir aon srianta aimsire.
Amach ón gCósta a Chumhachtú, Fóram pobail an Chósta Theas	Gníomhaíochtaí fóraim pobail: In 2026, tá sé i gceist againn an fóram pobail a bheith i bhfeidhm agus tá muid ag súil go mbeidh cruinnithe nuashonraithe ar siúl ag eatraimh rialta le linn 2026.	Gníomhaíochtaí fóraim pobail: Is é an príomhthoradh in 2026 an fóram pobail a bheith i bhfeidhm agus sraith cruinnithe bunaithe.
Ag Cumhachtú Amach ón gCósta, Ciste sochair pobail an Chósta Theas	Gníomhaíochtaí an chiste sochair pobail: In 2026, oibreoidh EirGrid leis an bhfóram pobail chun feasacht a ardú ar an mbeartas sochair pobail, an luach dóchúil a bheidh aige don tionscadal seo agus don phobal níos leithne chun machnamh a dhéanamh ar na cineálacha	Gníomhaíochtaí an chiste sochair pobail: In 2026, ní bheidh an ciste i bhfeidhm, mar sin is é an fócas atá againn ullmhú do na céimeanna ina dhiaidh sin den

	tionscadal a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú.	chiste trí fheasacht a mhéadú mar aon le liosta tionscadal atá oiriúnach chun maoiniú a fháil.
--	---	--

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár gcaidreamh leis an bpobal, déan teagmháil linn tríd [ár leathanach teagmhála anseo](#) (le 'Caidreamh leis an bPobal' san ábhar).

Custaiméirí agus nasc agus tionscadail nasctha

Léargas ginearálta

Cad a dhéanaimid

Is cuid thar a bheith tábhachtach den mhéid a dhéanaimid ag EirGrid custaiméirí nua a nascadh agus bíonn leibhéal suntasach dlúthchomhoibrithe agus cumarsáide rialta ag teastáil, ionas gur féidir linn foinsí fuinnimh in-athnuaite a nascadh go rathúil leis an eangach.

Is iad an fhoireann Custaiméirí agus Nasc, agus an fhoireann Tionscadail Nasctha atá i mbun an phróisis seo a bhainistiú, agus le chéile, tacaíonn siad le custaiméirí EirGrid ar fud aistear iomlán an chustaiméara. Áirítear leis seo a bheith ar an aon phointe teagmhála amháin sula ndéanann siad iarratas ar nasc, an próiseas tairisceana nasc agus an chéim sheachadta a bhainistiú, agus a bheith mar phríomhphointe teagmhála tar éis sheachadadh nasc nuair a bhíonn an custaiméir ag feidhmiú go hiomlán.

An chaoi a n-oibrímid

Mar chuid den phróiseas réamh-rannpháirtíochta, cuirimid treoir ar fáil dár gcustaiméirí maidir le hullmhúcháin don phróiseas nasctha (a bhainistítear tríd ár gclínici custaiméirí). Leanann an tacaíocht seo ar aghaidh le linn chéim an iarratais trí oibriú i gcomhar le chéile chun an rogha nasctha is fearr dá dtionscadail a chinneadh. Chomh maith leis sin, tacaímid lenár gcustaiméirí a chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais chun a dtairiscint nasc a chur i gcrích agus nuair a bheidh siad fuinnimhithe, beidh an fhoireann mar phríomhphointe teagmhála, ag soláthar seirbhís fairsing bainistíochta cuntas.

Rannpháirtíocht Fheabhsaithe

I rith 2026, leanfaimid orainn ag obair ar thionscnaimh le cur lenár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara tionscail agus custaiméirí agus í a fheabhsú. Tá an fhoireann chustaiméirí tiomanta do leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú le gach custaiméir i rith 2026. Beidh ár mbainisteoirí cuntas custaiméirí (CAMs) ag dul i dteagmháil leis na custaiméirí nasctha go léir chun cruinniú amháin ar a laghad a thairiscint le foireann custaiméirí EirGrid in 2026, agus ag an am céanna rannpháirtíocht fhiúntach leanúnach a chinntiú le custaiméirí a bhuaileann leis an bhfoireann cheana féin ar bhonn rialta.

Laistigh den phróiseas tairisceana nasc bíonn go leor idirghníomhaíochtaí agus pointí teagmhála idir custaiméirí agus EirGrid, agus is príomhfhócas dúinn a chinntiú go n-aithnímid agus go réitimid aon fhadhbanna féideartha chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Tá an cur chuige seo á neartú trí phróiseas feabhsaithe réamh-rannpháirtíochta a thabhairt isteach le custaiméirí ionchasacha atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh tríd an mbeartas nua BNS-SGC chomh maith le tairseach iarratais ar líne a thabhairt isteach chun aistear níos deise agus níos éifeachtaí a éascú ar fud an phróisis.

Trí na tionscnaimh sin, tá sé mar aidhm againn tuiscint níos fearr a fháil ar an uair a bheidh tacaíocht bhreise ó EirGrid ag teastáil ó chustaiméirí agus sin a thuar, agus comhsheasmhacht a sholáthar inár gcur chuige mar fhreagra ar aiseolas phainéil na bpáirtithe leasmhara.

Straitéis

Fís do Chustaiméirí EirGrid

Tá Fís do Chustaiméirí EirGrid i bhfeidhm ó 2023 agus is é is aidhm leis an caidreamh idir EirGrid agus ár gcustaiméirí a fheabhsú. Is é an cuspóir a chinntiú go mbeidh feabhas agus forbairt leanúnach ag baint le heispéireas an chustaiméara, agus ag an am céanna go mbeidh siad ailínithe le hathruithe tapa laistigh den tionscal.

In 2026, áirítear ar na nithe don tionscnamh seo agus:

- Raon feidhme tairseach faisnéise do chustaiméirí a mheas chun inrochtaineacht faisnéise agus sonraí tábhachtacha a fheabhsú don tionscal.
- Rannpháirtíocht réamhghníomhach maidir le cruinnithe custaiméirí.
- Rochtain fheabhsaithe ar shaineolaithe.
- Próiseas feabhsaithe clinic do chustaiméirí réamh-rannpháirtíochta do thionscadail REDIII.

Clinicí do chustaiméirí

Is é cuspóir na [gClinicí do Chustaiméirí de chuid EirGrid](#) go n-éascóidh EirGrid rannpháirtíocht fhiúntach idir custaiméirí agus na Saineolaithe Ábhar (FBManna) ábhartha de chuid EirGrid maidir le tionscadail nasctha eangaí atá beartaithe, sula gcuirtear iarratas ar nasc isteach. Is féidir le custaiméirí atá ann cheana féin ar mian leo a láithreáin a leathnú nó a mhodhnú cruinnithe clinic a iarraidh freisin. Is é cuspóir an Chlinic do Chustaiméirí luath-idirghníomhaíocht tionscadail le FBManna EirGrid a éascú roimh an iarratas, agus saineolas teicniúil agus tacaíocht a sholáthar do chustaiméirí.

Déantar Suirbhé Chlinic do Chustaiméirí a chríochnú i ndiaidh an chlinic lena chinntiú go bhfaightear aiseolas ón gcustaiméir a bhaineann le héifeachtacht an chlinic. Úsáidtear na suirbhéanna seo chun clinicí amach anseo a fheabhsú.

Maidir leis an bpróiseas tairisceana naisc, tá athruithe á dtabhairt isteach tar éis an cheanglais REDIII a chomhlíonadh agus BNS-SGC a thabhairt isteach, rud a chruthóidh próiseas clinic dhá chéim chun a chinntiú go mbeidh tionscadail aibí go leor ag custaiméirí ar iarratas a dhéanamh ar an bpróiseas. Leis an gclinic dhá chéim beidh rannpháirtíocht lánbhí luath agus an deis saincheisteanna a aithint níos luaithe sa phróiseas. Éascóidh tairseach nua iarratais ar líne turas níos rianúla do chustaiméirí freisin.

Meon na gCustaiméirí a Thomhas

Mar chuid dár dtiomantas d'fheabhsú leanúnach, déanann foireann chustaiméirí EirGrid roinnt suirbhéanna custaiméirí i rith na bliana chun fanacht ar an eolas faoi mheon na gcustaiméirí.

Is é an suirbhé bliantúil custaiméirí, a úsáidtear chun aiseolas struchtúrtha a bhailiú ar eispéireas na gcustaiméirí, an ceann is suntasaí de na suirbhéanna seo. Is cumasóir rithabhachtach é an t-aiseolas seo chun ceachtanna foghlamtha a aithint a mbíonn feabhsuithe próisis mar thoradh orthu. Sainithnítear sa suirbhé na bearta ar éirigh leo agus cad ba cheart a dhéanamh arís, chomh maith leis an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh níos fearr agus na feabhsuithe is féidir a chur i bhfeidhm dá bharr.

Scaiptear torthaí an tsuirbhé, rianaítear iad agus déantar treochtaí coiteanna aiseolais ó chustaiméirí a ionchorprú i bhFís Chustaiméirí EirGrid.

Chun feabhas breise a chur ar eispéireas an chustaiméara, beidh EirGrid ag obair ar athfhormáidiú a dhéanamh ar an suirbhé custaiméirí in 2026 chun raon feidhme an tsuirbhé a shruthlíniú chomh maith lena chur in oiriúint do chustaiméirí aonair, rud a chuirfidh ar ár gcumas aiseolas níos fiúntaí agus níos spriocdhírithe a sholáthar.

Ina theannta sin, tabharfaidh EirGrid tionscnamh nua isteach in 2026 freisin ina gcuirfear suirbhéanna sástachta iar-rannpháirtíochta i bhfeidhm, chun go mbeidh custaiméirí in ann a rátáil cé chomh héifeachtach agus a bhí an cruinniú, an t-idirghníomhú nó an réiteach fadhbanna. Cuirfidh na suirbhéanna seo ar ár gcumas meon agus muinín na gcustaiméirí a thomhas agus a rianú ar dhóigh níos cruinne.

Téama a tháinig aníos i suirbhéanna roimhe seo ná iarratas ar rochtain ar shaineolaithe laistigh de EirGrid trí rannpháirtíocht fheabhsaithe agus rochtain mhéadaithe ar fhaisnéis. Tá an obair seo ar siúl faoi láthair agus á tiomáint ag leibhéal sinsearach.

Rannpháirtíochtaí a bhaineann le Bainistíocht Cuntais

Cuireann EirGrid réimse leathan rannpháirtíochtaí saincheaptha ar fáil dár mbonn custaiméirí, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí míosúla agus ráithiúla le custaiméirí, seimineáir ghréasáin agus rannpháirtíochtaí tréimhsiúla le comhlachtaí tionscail. Tacaímid le rannpháirtíocht ad hoc freisin de réir mar is gá i gcás saincheisteanna sonracha.

Cuireann bainisteoirí cuntas EirGrid tacaíocht thiomnaithe ar fáil chomh maith le pointe teagmhála aonair do chustaiméirí chun saincheisteanna sonracha a ardú, chomh maith le riachtanais aonair a phlé. Tá foireann chustaiméirí EirGrid ag pleanáil comhordú a dhéanamh le custaiméirí chun cruinnithe pearsanta amháin ar a laghad a shocrú, le gach ceann dár gcustaiméirí nasctha tarchuir ag a láithreáin. Oibreoidh ár bhfoireann bainistíochta cuntas lenár gcustaiméirí i rith 2026 chun na cuairteanna sin a sceidealú.

Tríd na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid ár gcaidreamh oibre le custaiméirí a neartú agus aiseolas fiúntach a fháil is féidir linn a úsáid chun rannpháirtíochtaí amach anseo a fheabhsú.

Uirlis do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM)

Tá sé rithábhachtach úsáid iomlán a bhaint as ár n-uirlis do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí chun eispéireas nua-aimseartha agus feabhsaithe a sholáthar do chustaiméirí. A bhuí le huirlis CRM EirGrid, is féidir le EirGrid fiosrúcháin chustaiméirí a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Cuireann sé modh breise rochtana agus rannpháirtíochta ar fáil freisin i measc ár bhfoirne a phléann go díreach le custaiméirí. Tar éis di a bheith curtha i bhfeidhm ar dtús, tá an uirlis ag soláthar níos mó struchtúir chun an bhainistíocht a fhiosrú cheana féin agus ag an am céanna ag éascú amanna freagartha níos tapúla. Mar shampla, déantar fiosrúcháin chustaiméirí a ghabháil agus a thástáil bunaithe ar ghnéithe amhail tosaíocht agus cineál fiosrúcháin, rud a ligeann do EirGrid gníomhaíochtaí a rianú agus freagairt dó ar dhóigh níos éifeachtaí. In 2026, táimid ag pleanáil leanúint de ghlacadh le CRM i measc na bhfoirne uile.

Clár Éartha Tarchuir (TOP) 2026

Is é Clár Éartha Tarchuir 2026 (TOP26) an clár do gach éaradh bonneagair tarchurtha atá beartaithe tarlú i rith 2026. Áireofar sa TOP26 agus éarthaí seirbhíse pleanáilte le haghaidh oibreacha caipitil, mar shampla, uasghrádú/athchóiriú gléasra, nascadh gléasra nua agus naisc chustaiméirí, agus éarthaí seirbhíse le haghaidh obair chothabhála.

Tá líon mór custaiméirí le nascadh in 2026, agus is príomhthosaíocht í an tacaíocht ó chustaiméirí le linn TOP26. Beidh gá le rannpháirtíocht fhairsing chun aon oibreacha a théann i bhfeidhm ar ár gcustaiméirí a bharrfheabhsú (mar shampla, gléasra custaiméirí a dhíluchtú le haghaidh oibreacha cothabhála).

Arís eile in 2026, tacóidh EirGrid CAM le TOP26. Beidh an CAM mar phríomhionadaí don chustaiméir, ag cinntiú go gcuirfear a riachtanais san áireamh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm chlár na n-oibreacha araon.

Fóram Trípháirtí

Sa bhliain 2024, bhunaigh EirGrid an Fóram Trípháirtí. Tá ionadaithe ón tionscal agus EirGrid ar an bhfóram, agus buaileann sé le chéile gach ráithe chun plé a dhéanamh ar dhúshláin, feabhsuithe,

ceachtanna foghlamtha agus dea-chleachtais. Tá na rannpháirtíochtaí seo ag cabhrú cheana féin le sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas seachadta chun custaiméirí a nascadh, ag laghdú moilleanna agus ag cinntiú go seachadtar tionscadail nua custaiméirí go tráthúil.

Comhairle Chomhairleach ‘Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú’

Bhunaigh EirGrid agus SONI an Chomhairle Chomhairleach um Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) in 2022. Tá ionadaithe ó gach cearn den earnáil fuinnimh ar an gcomhairle, lena n-áirítear forbróirí stórála, gineadóirí traidisiúnta agus in-athnuaite, an lucht acadúil, mórúsáideoirí fuinnimh, ag freagairt don éileamh, teicneolaíocht nua, líonraí gáis, monaraíocht agus sainchomhairleoireacht. Bíonn cruinniú ag an gcomhairle gach ceithre mhí i mBaile Átha Cliath, agus gach ceathrú cruinniú ar siúl i mBéal Feirste.

Tar éis cuireadh i gcomhair ballraíocht a bheith curtha amach níos túisce in 2024, tá 30 ball den chomhairle agus 12 aoí ar Chomhairle Chomhairleach TLM anois. I measc na n-aíonna a fuair cuireadh le bheith i láthair ag na cruinnithe tá an Rialtas, Oibreoirí Córais Dáilte agus na hÚdaráis Rialála as Éirinn agus as Tuaisceart Éireann araon.

Bhí an ghníomhaíocht seo, chun an Chomhairle Chomhairleach a leathnú, mar fhreagairt ar aiseolas ó phainéal páirtithe leasmhara NSEE.

Déanann EirGrid agus SONI cathaoirleacht ar an gcruinniú. Is é cuspóir na gcruinnithe seo dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara maidir leis an mbealach is fearr chun ár spriocanna TLM a bhaint amach ar fud líonraí, margaí, rannpháirtíocht phoiblí agus oibríochtaí.

Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse (JOTP)

Is saincheist rithábachtach í an bhainistíocht ar éaradh chun Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide (CAP) de chuid rialtas na hÉireann a chur i gcrích. Is réimse é freisin atá an-dúshlánach ar chúiseanna éagsúla amhail scála agus luas eisceachtúil an athraithe is gá chun bonneagar nua a sholáthar.

Tá EirGrid agus ESB Networks ag obair go dlúth air seo mar thosaíocht. Tá ár [gClár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha Seirbhíse \(JOTP\)](#) faoi lán seoil agus tá dea-thionchair á mbaint amach aige. Is éard atá sa JOTP 7 sruth oibre le 18 idirghabháil chun infhaighteacht éaradh a mhéadú, úsáid agus éifeachtacht éaradh a uasmhéadú. Déanfar na hidirghabhálacha sin a fhorbairt agus a úsáid mar ghnáthphróisis ghnó (BAU) chun bainistiú éaradh a bharrfheabhsú. Bhí stiúrtóirí comhpháirteacha TSO agus ÚST freagrach as gach sruth oibre agus comhoibríonn siad ar gach sruth oibre. The JOTP aspires to provide additional outage availability and increase the utilisation of outages taken on the system.

(Féach an chaibidil dar teideal ‘Ár gComhpháirtíocht leis an TAO’ le haghaidh tuilleadh eolais faoi shruthanna oibre laistigh den Chlár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha).

Cur chun feidhme: An Custaiméir agus Naisc

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Feabhsú leanúnach ar eispéireas custaiméirí EirGrid	Bainistíocht cuntas: In 2026, tá sé beartaithe ag EirGrid suirbhéanna sástachta iar-rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm chun aiseolas rithábachtach ó pháirtithe leasmhara a bhailiú chomh maith le tuilleadh feabhais a chur ar eispéireas an chustaiméara. Tá rannpháirtíochtaí tábhachtacha á bpleanáil againn freisin trí sheimineáir ghréasáin agus imeachtaí atá dírithe ar	Bainistíocht cuntas: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid tuilleadh feabhais a chur ar eispéireas an chustaiméara trí aiseolas custaiméirí a bhailiú go rialta agus é a úsáid chun ár gcur chuige a shaincheapadh. Táimid ag obair freisin chun a chinntiú go bhfuil faisnéis níos inrochtana ionas gur féidir linn

	an tionscal chun faisnéis agus nuashonruithe tábhachtacha a roinnt le custaiméirí.	páirtithe leasmhara an tionscail a choinneáil ar an eolas.
Leibhéal na n-idirghníomhaíochtaí saincheaptha duine le duine lenár gcustaiméirí a mhéadú	Rannpháirtíochtaí méadaithe: Sa bhliain 2026, díreoimid ar rannpháirtíochtaí rialta agus tuarthacha a chinntiú lenár gcustaiméirí uile. Áireofar leis an obair seo ár rannpháirtíocht le custaiméirí nach mbíonn teagmháil againn leo chomh minic faoi láthair a mhéadú. Tá sé beartaithe againn freisin líon níos mó cruinnithe míosúla agus ráithiúla duine le duine a chur ar siúl.	Rannpháirtíochtaí méadaithe: Tríd na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn ár gcaidreamh oibre lenár gcustaiméirí a neartú, aon fhadhbanna leanúnacha atá rompu a phlé agus léargais a roinnt. Trí rannpháirtíochtaí méadaithe, níos pearsantaithe, tá sé mar aidhm againn a bheith ag obair ar dhóigh níos comhoibriche lenár gcustaiméirí. Tá sé mar aidhm againn freisin a chinntiú go bhfuil EirGrid réamhghníomhach maidir le teagmháil a dhéanamh le custaiméirí nuair a thagann fadhbanna chun cinn. Cabhróidh na rannpháirtíochtaí seo le pleanáil agus tuiscint níos fearr ar ionchais na gcustaiméirí freisin. Ar deireadh, tá sé mar aidhm againn go dtacaíonn na rannpháirtíochtaí seo le comhsheasmhacht fheabhsaithe in idirghníomhaíochtaí EirGrid le custaiméirí.
Feabhsú leanúnach ar ár seirbhís do chustaiméirí le rolladh amach shuirbhé custaiméirí 2026	Suirbhé custaiméirí 2026: Leanfaidh EirGrid den teagmháil lenár gcustaiméirí tríd an suirbhé custaiméirí a bheidh againn in 2026, a bhfuil sé mar aidhm aige aiseolas a bhailiú ar eispéireas custaiméirí EirGrid agus deiseanna feabhsúcháin á dtairiscint ag an am céanna. In 2026, tá sé beartaithe againn leasú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid suirbhé ar chustaiméirí chun cur chuige níos saindeartha agus níos saincheaptha a chinntiú maidir le haiseolas fiúntach a fháil ónár gcustaiméirí. I ndiaidh an tsuirbhé, reáchtálfaidh EirGrid clinicí míosúla do chustaiméirí freisin. Mar chuid dár n-obair leantach, rachaimid i mbun oibre freisin trí	Suirbhé custaiméirí 2026: Déanfar measúnú ar an aiseolas suirbhé go léir, cuirfear in ord tosaíochta é agus déanfar beart nuair is iomchuí/indéanta. Cuirfear torthaí an tsuirbhé bhliantúil in iúl do chustaiméirí agus do bhaill foirne ábhartha go himmheánach in EirGrid, rud a éascóidh críochnú níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí ar an suirbhé. Déanfaidh foireann bainistíochta cuntas EirGrid teagmháil le custaiméirí ina n-aonar freisin le haithéantas a thabhairt d'aiseolas a fuarthas agus iad a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoi aon athruithe a ionchorpraíodh mar thoradh ar a gcuid aiseolais.

	chuaireanna ar shuíomhanna agus ar oifigí chun aon saincheisteanna nach gnó mar is gnách iad a bhfuil tionchar acu ar eispéireas an chustaiméara a phlé. Ar deireadh, déanfaidh EirGrid suirbhé pleanála éarthaí seirbhíse do chustaiméirí i R2 2026 freisin.	
Tairseach faisnéise nua do chustaiméirí a mheas	Tairseacha eislín custaiméirí: Mar fhreagra ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, tá sé beartaithe ag EirGrid acmhainn tairseach faisnéise do chustaiméirí a scrúdú in 2026. Is é is aidhm leis seo cumhacht a thabhairt do chustaiméirí rochtain a fháil ar shonraí tábhachtacha spéise go neamhspleách.	Tairseacha eislín custaiméirí: Is é aidhm thairseach faisnéise do chustaiméirí páirtithe leasmhara a chumhachtú chun faisnéis agus sonraí tábhachtacha a fháil go neamhspleách chun cabhrú leo cinntí eolasacha a dhéanamh, chomh maith le héifeachtúlacht EirGrid a fheabhsú.
Clár Éartha Tarchuir (TOP) 2026	Fóraim Chlár Éartha Tarchuir 2024: Beidh na rannpháirtíochtaí a leanas ar siúl in 2026: Athbhreithniú Lár na Bliana ar TOP26 Beidh EirGrid ina óstach ar an bhfóram seo i lár na bliana (2026). Amharc Siar ar TOP26 agus Forbhreathnú ar TOP27 Beidh EirGrid ina óstach ar an bhfóram seo go déanach sa bhliain (2026).	Fóraim Chlár Éartha Tarchuir 2024: Tacóidh na fóraim seo leis an eolas agus an trédhearcacht mhéadaithe ar fud an tionscail maidir leis an gClár Éartha Tarchuir (TOP) 2026. Áireofar sa cheardlann seo rioscaí an chláir agus na tionchair fhéideartha a bhaineann le héarthaí seirbhíse ar shrianta.

Rannpháirteachas le custaiméirí agus le meitheal tionscail

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Feabhas a chur ar an seachadadh ar naisc chustaiméirí	Cruinnithe ráithiúla le custaiméirí agus meitheal tionscail: Sa bhliain 2026, rachaimid i mbun oibre go rialta le comhlachtaí tionscail chun plé a dhéanamh ar dhúshláin, feabhsuithe, ceachtanna foghlamtha agus dea-chleachtais.	Cruinnithe ráithiúla le custaiméirí agus meitheal tionscail: Cabhróidh na rannpháirtíochtaí seo le sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas seachadta chun custaiméirí a nascadh, ag laghdú moilleanna agus ag cinntiú go seachadfar tionscadail nua custaiméirí go tráthúil. Faoi dheireadh 2026, is é an sprioc atá againn na gnáth-mhoilleanna a bhíonn le nascadh a íoslaghdú, agus a chinntiú go seachadtar tionscadail chomh gar agus is féidir dá n-amlínte pleanáilte.

Dearbhú cáilíochta na dtógálacha inchonspóide a threisiú	Ceardlanna seachadta naisc: I gcaitheamh 2026, reáchtálfaidh EirGrid roinnt ceardlanna do chustaiméirí a dhíreoidh ar an bpróiseas seachadta naisc, ag tabhairt aghaidh ar fhadhbanna coimisiúnaithe, sonraíochtaí, athbhreithniú deartha agus aistriú sócmhainní.	Ceardlanna seachadta naisc: Is é is aidhm leis na ceardlanna seo feabhas a chur ar chaighdeán na dtógálacha inchonspóide, fadhbanna coimisiúnaithe a laghdú, moilleanna tionscadail a íoslaghdú, sástacht custaiméirí a threisiú agus líon bliantúil na nasc a mhéadú.
Feabhas a chur ar ailíniú clár an Chustaiméara agus an Oibreora Córais	Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár thionscadail: Leanfaidh EirGrid de bheith ag iarraidh agus ag bailiú clár tionscadal go foirmiúil ó fhorbróirí atá ag seachadadh tionscadail TOP 2026 agus ag lorg éarthaí seirbhíse TOP 2027. Trí na clár seo a fháil go ráithiúil, cabhrófar chun coinbhleachtaí féideartha, moilleanna, deiseanna agus riachtanais chomhordaithe a aithint.	Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár thionscadail: Trí rannpháirtíocht rialta, dhomhain a spreagadh idir EirGrid agus custaiméirí, tá sé mar aidhm againn ailíniú agus cruinneas feabhsaithe a chinntiú maidir le gníomhaíochtaí tionscadail agus riachtanais acmhainní agus muid ag pleanáil do TOP 2026. Tá sé mar aidhm ag EirGrid freisin tús áite a thabhairt do chruinnithe ráithiúla duine le duine in 2026 chun tacú tuilleadh le hathbhreithnithe rialta riosca agus dul chun cinn. Tacóidh sé seo sa deireadh le seachadadh luathaithe bonneagair tarchuir.
Suirbhéanna ar cheachtanna foghlamtha ó thionscadail a eisiúint	Suirbhéanna ar cheachtanna foghlamtha a eisiúint: Sa bhliain 2026, eiseofar suirbhéanna ar cheachtanna foghlamtha do fhorbróirí a chríochnaigh tionscadail in 2024 agus 2025.	Suirbhéanna ar cheachtanna foghlamtha a eisiúint: Tríd na suirbhéanna seo, tá sé mar aidhm againn saincheisteanna comhroinnte agus coitianta a fhiosrú. Ansin cuirfimid aiseolas ar fáil tríd an bhfóram trípháirtí chun éifeachtúlachtaí próisis a chur i bhfeidhm mar thoradh ar an aiseolas a fhaightear.
Gníomhaíocht an Fhóraitm Thrípháirtí	Gníomhaíocht an Fhóraitm Thrípháirtí: Sa bhliain 2026, leanfaidh an rannpháirteachas idir EirGrid, Líonraí BSL agus an tionscal ar aghaidh trí chruinnithe ráithiúla an Fhóraitm Thrípháirtí, chun gnéithe tábhachtacha a foghlaimíodh ar thopaicí ábhartha a roinnt agus le foghlaim a roinnt.	Gníomhaíocht an Fhóraitm Thrípháirtí: Tabharfaidh an rannpháirteachas seo deis do EirGrid aiseolas tionscail a bhailiú maidir le feabhsuithe a bhaineann le céimeanna deartha, athbhreithnithe agus coimisiúnaithe tionscadal. Chomh maith le tacú le baill chun feasacht níos fearr a bheith acu

		ar dhúshláin a chéile, is spás é an Fóram Trípháirtí freisin le haghaidh réiteach fadhbanna comhchoiteann ina bhfuil na páirtithe ábhartha go léir san áireamh.
--	--	---

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirteachas le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara tionscail, déan teagmháil linn tríd [ár leathanach teagmhála anseo](#) (le ‘Custaiméir agus Naisc’ san ábhar).

Beartas um Nasc Seasmhach (BNS)

Léargas ginearálta

Tá sé ríthábhachtach gineadóirí agus teicneolaíochtaí stórála nua a nascadh leis an eangach chun freastal ar an éileamh leictreachais agus chun tacú leis an aistriú chuig córas cumhachta dícharbónaithe i gcomhréir le spriocanna an rialtais. Mar sin féin, tá na naisc seo casta go teicniúil agus ó thaobh na tráchtála de araon.

Leagtar amach sa Bheartas um Nasc Seasmhach (BNS) an próiseas maidir le nascadh leis an eangach in Éirinn. Mar chuid dár ról, soláthraímid tuarascáil anailíse ar shrianta do chustaiméirí BNS. Sonraítear sa tuarascáil sin na leibhéil giniúna in-athnuaite a d'fhéadfadh a bheith againn amach anseo, lena n-áirítear barrachas, ciorrúchán tarchuir agus srianta. Próiseálfar dhá bhaisc in aghaidh na bliana feasta.

Déantar an BNS a nuashonrú go rialta chun slándáil an tsoláthair a chinntiú, úsáid is fearr a bhaint as bonneagar na heangaí atá ann cheana a chur chun cinn, agus forbairt bonneagair inbhuanaithe amach anseo a thacú, agus luach á chinntiú do thomhaltóirí ag an am céanna.

Is iad ár bpríomhpháirtithe leasmhara sa phróiseas sin custaiméirí BNS (agus aon fhorbróirí nó comhairleoirí gaolmhara), an CRU, DCEE agus Líonraí BSL. Braitheann custaiméirí BNS ar na tuarascálacha sin chun nuashonruithe ríthábhachtacha a fháil ar leibhéil féideartha seolta anuas. Cinntíonn EirGrid go gcoimeádtar cothrom le dáta iad trí chumarsáid rialta agus thráthúil.

Straitéis

Seimineáir Ghréasáin

I rith na bliana, reáchtálaimid roinnt seimineár gréasáin le teagmháil a dhéanamh le custaiméirí BNS, le páirtithe leasmhara tionscail agus le hinstiúidí reachtúla amhail CRU agus DCEE. Tá na seimineáir ghréasáin seo dírithe ar an samhaltú srianta gaoithe agus gréine a bhaineann leis an mbaisc nasctha BNS atá le teacht. Pléimid an dréacht agus na boinn tuisceana deiridh chun aiseolas a bhailiú agus moltaí feabhsúcháin a chur le chéile, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil an próiseas samhaltaithe láidir agus go gcomhlíonann sé riachtanais an tionscail agus ionchais rialála araon. Cuirimid na torthaí tosaigh agus deiridh i láthair na bpáirtithe leasmhara uile lena chinntiú go dtuigeann siad go hiomlán na léargais agus na hanailísí a táirgeadh.


Tuarascálacha ar shrianta

Gach bliain, foilsímid [12 thuarascáil srianta ceantair ar shuíomh gréasáin EirGrid](#). Léiríonn Tuarascálacha ar Srianta BNS torthaí staidéar do raon cásanna giniúna, lena n-áirítear na leibhéil iomlána laghdaithe seolta a d'fhéadfadh a bheith ag giniúint gréine agus gaoithe amach anseo i gcás barrachais, ciorrúcháin agus srianta.

Cur i bhfeidhm

Tar éis ECP-2.5, tugtar isteach leis an mbeartas nua ECP-GSS próiseáil bhaisce leathbhliantúil agus dá réir sin foilseofar dhá shraith tuarascálacha srianta in 2026 (de réir CRU2024101 Beartas maidir le Nascadh Leictreachais - Páipéar Cinnidh maidir le Seirbhísí Giniúna agus Córais).

Léirítear sa léaráid thíos rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus an tráthchlár foilsithe le haghaidh ECP-GSS 1 (R1-R2 2026) agus ECP-GSS 2 (R3-R4 2026).



Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Ceardlann ar na Boinn Tuisceana Tosaigh	Ceardlann ar na Boinn Tuisceana Tosaigh: Cuirfidh EirGrid faisnéis ar fáil don tionscal agus do CRU/DCEE maidir leis na boinn tuisceana tosaigh sa phróiseas samhaltaithe a bhaineann leis na tuarascálacha ar shrianta BNS agus iarrfaidh siad aiseolas.	Ceardlann ar na Boinn Tuisceana Tosaigh: Beidh EirGrid i dteagmháil le CRU, DCEE, custaiméirí BNS agus an tionscal, maidir le hógaitheachtaí ábhartha le linn chéim bhailiúcháin na mbonn tuisceana. Cinntoidh sé sin go n-áireofar na páirtithe leasmhara uile sa phróiseas samhaltaithe bonn tuisceana chomh maith le tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais agus, sa deireadh, measúnuithe láidre a sholáthar chun cabhrú leo tuiscint níos fearr a fháil ar an seoladh anuas féideartha a bhaineann lena dtionscadail amach anseo. Tríd na rannpháirtíochtaí seo, táimid ag iarraidh ailíniú níos

		fearr a bhaint amach agus a chinntiú a oiread agus is féidir go gcomhlíontar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara.
Rannpháirtíocht le hionadaithe ón tionscal	Rannpháirtíocht le hionadaithe ón tionscal: I ndiaidh na ceardlainne ar na boinn tuisceana, téann EirGrid i mbun rannpháirtíocht le hionadaithe ón tionscal chun aiseolas a bhailiú agus chun comhoibriú a dhéanamh chun aon chás-staidéir eile a chur leis agus chun athruithe a mholadh. Is deis thábhachtach é sin do na hionadaithe arna roghnú ag an tionscal chun feabhsuithe a mholadh chomh maith le ceanglais bhreise ar mhaith leo a chur san áireamh.	Rannpháirtíocht le hionadaithe ón tionscal: Soláthróidh ionadaithe tionscail roinnt staidéar arna n-iarraidh ag an tionscal mar aon le sonraí breise\sonraí nó feabhsuithe chun cabhrú le cinnteoireacht an tionscail, tacóidh siad le comhroinnt eolais agus tacóidh siad freisin le tuiscint EirGrid ar riachtanais an tionscail.
Boinn tuisceana deiridh a fhoilsiú	Boinn tuisceana deiridh a fhoilsiú: Cuirfidh EirGrid faisnéis ar fáil don tionscal agus do CRU/DCEE maidir leis na boinn tuisceana sa phróiseas samhaltaithe a bhaineann leis na tuarascálacha ar shrianta BNS.	Boinn tuisceana deiridh a fhoilsiú: Áiritheofar leis sin go dtuigfidh na páirtithe leasmhara uile na toimhdí chun measúnuithe láidre a sholáthar ar deireadh chun cuidiú leo bonn eolais a chur faoin tuiscint atá acu ar ionchuir a mheastar a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leibhéil bharrachais, chiorrúcháin agus shrianta maidir lena dtionscadail amach anseo.
Cur i láthair na dtorthaí tosaigh	Cur i láthair na dtorthaí tosaigh: Cuirfidh EirGrid na torthaí tosaigh ó na tuarascálacha ar shrianta BNS i láthair don tionscal agus do CRU/DCEE.	Cur i láthair na dtorthaí tosaigh: Is deis atá anseo do EirGrid na tuarascálacha tosaigh ar shrianta BNS a chur i láthair don chéad leagan eile den BNS. Cabhraíonn seachadadh tráthúil an chur i láthair seo lena chinntiú go mbeidh an oiread ama agus is féidir ag ár bpáirtithe leasmhara chun a léargais ar na torthaí tosaigh a chur in iúl.

Seimineár gréasáin na dtorthaí	Seimineár gréasáin na dtorthaí: Cuirfidh EirGrid na torthaí mionsonraithe ó na tuarascálacha ar shrianta BNS i láthair, mar aon le sonraí faoi na leibhéil laghdaithe seolta anuas féideartha ar bhonn geografach.	Seimineár gréasáin na dtorthaí: Tríd an rannpháirteachas seo, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go ndéanfar cumarsáid shoiléir in am maidir le torthaí maidir le barrachas, ciorrú agus srianta BNS agus ag an am céanna a chinntiú go dtuigeann na páirtithe leasmhara go léir na léargais agus na hanailísí go hiomlán. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach mar go gcabhraíonn sé lena chinntiú go mbíonn deis ag ár gcustaiméirí soiléireacht a fháil ar shonraí an méid atá á mholadh againn agus ag an am céanna an deis a thabhairt dóibh ceisteanna a chur.
24 tuarascáil srianta ceantair a fhoilsiú (Dhá thacar de 12 thuarascáil srianta ceantair)	Tuarascálacha ar shrianta Cuirfidh EirGrid faisnéis ar fáil do chustaiméirí BNS agus do pháirtithe leasmhara ábhartha maidir le leibhéil laghdaithe aschuir giniúna in-athnuaite in Éirinn i réimse cásanna sa todhchaí.	Tuarascálacha ar shrianta Cuirfidh EirGrid cumarsáid thráthúil ar fáil do fhorbróirí giniúna maidir le leibhéil laghdaithe aschuir giniúna in-athnuaite in Éirinn i réimse cásanna sa todhchaí. Cuirfidh sé seo feabhas ar phleanáil forbartha chun tacú leis an aistriú chuig córas cumhachta dícharbónaithe agus spriocanna an rialtais á gcomhlíonadh ag an am céanna.
Dul i gcomhairle maidir leis an mbeartas nasctha sa todhchaí	Tacú le CRU le forbairt an chéad BNS eile: Leanfaimid orainn ag tacú le CRU i bhforbairt an chéad BNS eile agus déanfaimid comhairliúchán maidir le haon athruithe beartais a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar mhodheolaíocht an BNS.	Tacú le CRU le forbairt an chéad BNS eile: Gheobhaidh EirGrid aiseolas ó chustaiméirí agus ón tionscal a eascraíonn as aon chinneadh ón CRU maidir le beartas nasctha amach anseo chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na bpáirtithe leasmhara a oiread agus is féidir.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár mbeartas um nasc seasmhach, déan teagmháil linn tríd [ár leathanach teagmhála anseo](#) (le ‘Beartas um Nasc Seasmhach’ san ábhar).

Seoladh Anuas Gaoithe agus Gréine

Léargas ginearálta

Tarlaíonn seoladh anuas gaoithe agus gréine nuair a threoraíonn EirGrid, mar Oibreoir an Chórais Tarchurtha, do ghineadóir leictreachais, níos lú leictreachais a tháirgeadh ná mar is féidir le haonaid ghaoithe agus ghréine a tháirgeadh

Tá tionchar ag roinnt tosca a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ar an leibhéal seolta anuas, amhail an méid fuinnimh atá sceidealaithe trí mhargaí, patrúin aimsire, éileamh córais, sreafaí idirnascairí, oibreacha cothabhála eangaí sceidealaithe, agus fachtóir acmhainneachta na giniúna in-athnuaite ..

Tuairisciú maidir le seoladh anuas gaoithe agus gréine

Foilsíonn EirGrid sonraí na leibhéal seolta anuas gaoithe agus gréine trínár dtuarascálacha míosúla, ráithiúla agus bliantúla. Cuidíonn an méid sin custaiméirí agus an tionscal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas i ndáil le leibhéil seolta anuas agus figiúirí tuairiscithe á gcur i gcomhthéacs go réigiúnach agus go náisiúnta. Áirítear sna tuarascálacha sin na doiciméid seo a leanas, ina sonraítear na leibhéil seolta anuas stairiúla agus reatha agus an chuma a bheadh ar an eangach i gcásanna éagsúla agus amach anseo.

- [Tuarascálacha maidir le Srianata an Bheartais um Cheangal Seasmhach](#)
- [Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú l1.1](#)
- [Tuarascálacha maidir le Sonraí Córais agus Foinsí In-athnuaite](#)

Straitéis

Meitheal Seolta Anuas

I mí an Mheithimh 2025, agus mar fhreagairt ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, chruthaigh EirGrid Meitheal Seolta Anuas (gaoth agus gréine amháin). Tá ceathrar ainmnithe ó EirGrid, agus seisear ainmnithe ó bhaill thionscal an fhuinnimh in-athnuaite mar chuid den Mheitheal Seolta Anuas. Cruinníonn an grúpa uair sa mhí ar feadh thart ar sé mhí. Tugadh cuireadh do bhaill an tionscail anailís agus réitigh a chur i láthair lena meas, agus tabharfar cuireadh do bhaill eile an tionscail freisin.

Is iad seo a leanas cuspóirí Mheitheal Seolta Anuas, a chruthaigh agus a chomhaontaigh comhaltaí an ghrúpa i gcomhar le chéile:

- Athbhreithniú spriocdhírithe faoi cheangal ama (6 mhí de cheardlanna) a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar sheoladh giniúna gaoithe agus gréine laistigh de chóras cumhachta na hÉireann faoi shainchúram EirGrid mar OCT
- Measúnú a dhéanamh ar na leibhéil seolta anuas atá ann cheana agus ar na gníomhaíochtaí reatha atá á ndéanamh ag EirGrid chun an leibhéal seolta anuas ón ngaoth agus ón ngrian laistigh den chóras a bhainistiú chomh maith le pleananna EirGrid chun seoladh anuas ón ngaoth agus ón ngrian a bhainistiú sna blianta amach romhainn.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na réitigh atá beartaithe.
- Gníomhaíochtaí breise a shainaithint a d'fhéadfaí a mheas chun seoladh anuas gaoithe agus gréine a bhainistiú ar fud oibríochtaí, margaí agus líonraí mar atá ailínithe le Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú v1.1 (SOEF).
- Rannpháirteachas éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara trí aschuir cumarsáide soiléire agus rialta agus tuilleadh rannpháirteachais trí Chomhairle Chomhairleach SOEF.

Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Comhoibrigh le príomh-pháirtithe leasmhara maidir le croí-spriocanna na Meithle Seolta Anuas	Rannpháirtíochtaí rialta tríd an meitheal Seolta Anuas Cruinníonn an Mheitheal Seolta Anuas uair sa mhí (táthar ag súil go gcuirfear críoch leis sin in R1 2026) Is é an aidhm atá ann na saincheistean a phlé (mar a leagtar amach i dTearmaí Tagartha an ghrúpa), na réitigh atá beartaithe agus na torthaí a thabhairt chun críche freisin.	Rannpháirtíochtaí rialta tríd an meitheal Seolta Anuas Tabharfaidh na cruinnithe rialta sin deis do bhaill an ghrúpa na príomhchuspóirí (a bhfuil achoimre orthu thuas) a phlé agus a athbhreithniú chomh maith leis an deis réitigh fhéideartha a fhorbairt le chéile lena mbreithniú. Ag an gcruinniú deireanach, tabharfar an deis do na comhaltaí fionnachtana a phlé agus torthaí a fhorbairt. Trí na rannpháirtíochtaí sin, tá sé mar aidhm ag EirGrid spás a chruthú le haghaidh idirphlé oscailte agus comhroinnt eolais, chomh maith le hailíniú níos fearr agus muid ag obair le páirtithe leasmhara chun dul i ngleic leis an ábhar an-chasta seo.
Príomhthorthaí a chur faoi bhráid páirtithe leasmhara	Torthaí a chur faoi bhráid na meithle Seolta Anuas: In R1 2026, cuirfidh comhaltaí na meithle na torthaí ón tionscnamh seo faoi bhráid Chomhairle Chomhairleach Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (SOEF).	Torthaí a chur faoi bhráid na meithle Seolta Anuas: Cuirfidh an Mheitheal Seolta Anuas torthaí na Meithle faoi bhráid Chomhairle Chomhairleach SOEF.

An eangach agus an margadh a oibriú agus a fhorbairt

Léargas ginearálta

Tá EirGrid freagrach as an eangach leictreachais agus an margadh leictreachais in Éirinn. Iompraíonn an eangach leictreachas ón áit a ngintear í go dtí an áit a n-úsáidtear í.

Is é an margadh leictreachais an áit a ndéanann gineadóirí agus soláthraithe trádáil ar leictreachas. Déantar go leor oibre sa chúlra chun cothromaíocht a bhaint amach idir soláthar agus éileamh. Cabhraíonn trádáil mhargaidh lena chinntiú go bhfuil soláthar leictreachais sábháilte agus iontaofa againn.

Chun a chinntiú go bhfuil oibriú agus forbairt an chórais chumhachta agus an mhargaidh sábháilte, slán agus iontaofa, téimid i mbun oibre ó lá go lá agus comhoibrímid go rialta lenár gcustaiméirí, le comhlachtaí ionadaíocha tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Tá rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ríthábhachtach de réir mar a ghlacann an eangach le foinsí in-athnuaite athraitheacha méadaithe atá ag teacht ar an bhfód, agus de réir mar a théann sí in oiriúint di. Mar an gcéanna, ní mór don mhargadh oiriúnú go tapa chun tacú leis an infheistíocht atá riachtanach chun athruithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a chur i gcrích ar an eangach roimh 2030 agus ina dhiaidh sin.

Straitéis

Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite ar Tír agus Amach ón gCósta (STLI) - Rannpháirtíocht cheantanna

Buaileann Foireann Ceantanna STLI go rialta le páirtithe leasmhara tábhachtacha DCEE, CRU, Líonraí BSL agus EirGrid chun dearadh, rialacha agus incháilitheacht Cheantanna Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite ar Talamh agus Amach ón gCósta a chomhaontú. Tá rannpháirtíochtaí rialta mar seo ríthábhachtach chun an píblíne a chinntiú agus seachadadh FIF-L de réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an rialtais agus treochlár EirGrid, Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú.

Seisiún eolais faoi cheant STLI

Is tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann é an Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (STLI). Tacaíonn an scéim le tionscadail leictreachais in-athnuaite in Éirinn. (DCEE) ceantanna STLI ar fáil, le tacaíocht ó CRU agus EirGrid.

Mar chuid den rannpháirtíocht seo, bíonn EirGrid i gceannas ar sheisiún faisnéise tionscail roimh gach ceant bliantúil (stli agus STILAC) chun iarratasóirí tionscail a chur ar an eolas faoi phríomhathruithe a tharla ón gceant roimhe sin. Ansin cuirimid na garspriocanna atá le teacht i láthair san amchlár foilsithe agus molaimid clárú luath ar ár nArdán Ceantála STLI. Is é an rud is tábhachtaí sa seisiún ná aird shoiléir a tharraingt ar an doiciméadacht thábhachtach atá le comhlánú ag an duine ábhartha agus cathain, le linn an phróisis iarratais ar cháilíocht. Chomh maith leis sin, pléimid ceisteanna a cuireadh isteach roimhe seo agus mínimid an próiseas iarratais ar shoiléiriú cáilíochta.

Dearadh ceant STLI a chomhordú leis an DCEE agus na rialtóirí

Mar chuid dár gcomhoibriú leanúnach, oibríonn EirGrid leis an DCEE agus lenár rialtóirí chun téarmaí agus coinníollacha STLI agus STILAC a dhréachtú d'fhonn dréacht deiridh a chomhaontú le haghaidh comhairliúcháin.

(DCEE) agus CRU

Chun a chinntiú go leanfaimid orainn ag ailíniú le beartas in-athnuaite ar talamh agus amach ón gcósta RES-E de chuid an Rialtais, bíonn EirGrid i dteagmháil go rialta lenár rialtóirí a bhfuil ról tábhachtach acu i mbeartas nasctha, sócmhainní agus muirir agus iomaíocht ceantála a chinntiú. Cinntíonn CRU go gcomhlíonann muid na rialacha agus go dtacaíonn sé lenár gcuid oibre chun ár n-uailmhianta aeráide a bhaint amach.

Oibríochtaí margaidh toillte a chomhordú

Is gné ríthábhachtach den mhargadh mórdhíola leictreachais uile-oileáin iad ceantanna toillte agus tá siad deartha chun soláthar leictreachais iontaofa a sheachadadh ar an gcostas is ísle is féidir. Tá sé mar aidhm ag na ceantanna freisin stáisiúin chumhachta nua agus éifeachtúla a spreagadh chun dul isteach sa mhargadh. This auction is known as a T-4 auction because it secures capacity four years in advance, while additional auctions can also take place closer to the capacity year to procure if further capacity is required e.g. in the year prior to the capacity year start (T-1), or two years prior to the Capacity Year (T-2). The auctions are run jointly by EirGrid and SONI (the Electricity System Operator for Northern Ireland) on behalf of our regulatory authorities. Mar chuid den obair sin, téimid i mbun rannpháirteachas leis na hÚdaráis Rialála gach seachtain chun na ceantanna ríthábhachtacha seo don tionscal a eagrú.

Tá comhfhreagracht ar EirGrid agus SONI as riarachán Chód an Mhargaidh Acmhainne lena n-áirítear comhordú phróiseas na modhnuithe.

Cruinnithe Ghrúpa Úsáideoirí an Oibreora Margaidh (MOUG)

Is cruinniú démhíosúil é Grúpa Úsáideoirí an Oibreora Margaidh (MOUG) (a reáchtáiltear gach 8 seachtaine de ghnáth) a thugann le chéile Oibrítheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO) agus rannpháirtithe sa mhargadh, chun nuashonruithe a sholáthar ar raon leathan ábhar amhail socraíochtaí, trádáil, comhéadan an mhargaidh, eisiúintí TF agus margai ex-ante.

Glaonna seachtainiúla le rannpháirtithe

Bealach eile dár rannpháirtíocht is ea glaonna seachtainiúla le rannpháirtithe sa mhargadh, reáchtáilte ag EirGrid, chun nuashonruithe ar oibríochtaí, socraíochtaí agus trádáil a sholáthar.

Ceardlanna Tionsclaíochta Margai Cumhachta na Todhchaí

Is fóram tábhachtach iad ceardlanna Thionsclaíocht Mhargadh Cumhachta na Todhchaí d'ionadaithe tionscail agus do OCTanna chun teacht le chéile chun eolas a chur ar fáil, plé a dhéanamh, éisteacht leis agus ceisteanna a chur ar ghnéithe ar nós Beartas an Mhargaidh Fuinnimh, an Clár Sceidealaithe agus Seolta (SDP), Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC), Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES) agus an Clár Margaidh Straitéiseach agus na cláir lena mbaineann.

Éascaíonn na ceardlanna seo plé faoi na hathruithe ar shocruithe feidhmiúla, teicniúla agus foirmiúla, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus nuashonruithe ar bhainistíocht clár. Chomh maith leis sin, tugann siad deis do na OCTanna a gcaidreamh le rannpháirtithe sa tionscal a neartú, agus cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach á soláthar ag an am céanna mar a mhol painéal na bpáirtithe leasmhara.l.

An Grúpa Idirchaidrimh Theicniúil um Margai Cumhachta na Todhchaí (TLG)(TLG)

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa Idirchaidrimh Teicniúil um Margai Cumhachta na Todhchaí (TLG) cabhrú le riachtanais theicniúla na mórchlár margaidh a sholáthar. Tá an TLG le bunú chun fóram lárnach a chur ar fáil chun tacú le comhar maidir le hábhair theicniúla lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla, teoracha maidir le foilsiú sonraí, nascacht TF agus tástáil bosca gainimh. Is é cuspóir an ghrúpa faisnéis a sholáthar atá ábhartha do ghrúpa sainleasa ar leith agus fóram plé inar féidir tuairimí Rannpháirtithe sa Mhargadh a chloisteáil, lena n-áirítear tuiscint a fháil ar na tionchair ar a bpleananna seachadta féin.

Nuachtlitreacha

Eisíonn EirGrid [nuachtlitir, Margaí Cumhachta na Todhchaí](#). Is bealaí cumarsáide tábhachtacha iad na nuachtlitreacha seo chun nuashonruithe a roinnt ar chláir agus ar shruthanna oibre tábhachtacha agus chun nuashonrú leanúnach a sholáthar ar na ceardlanna agus chun an léitheoir a threorú chuig obair leanúnach, comhairliúcháin agus tuilleadh.

Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí (GCRP)

Ag EirGrid, táimid freagrach as forbairt agus cothabháil an chóid eangaí in Éirinn. Is comhlacht buan tionscail é Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí (GCRP) a bhfuil sé mar aidhm aige an cód eangaí a athbhreithniú agus a phlé.

Pléann an GCRP feidhmiúlacht an chóid eangaí go rialta agus cuireann sé moltaí ar fáil maidir le nuashonruithe agus leasuithe. Déanann gach ball den GCRP ionadaíocht ar leasanna a gcomhlachta ceapacháin. [Foilsítear nótaí cruinnithe ar líne](#).

Fóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta

Buaileann EirGrid leis an tionscal tríd an bhFóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta chun nuashonruithe a thabhairt don tionscal ar thuarascálacha maidir le hinfaighteacht táirgeachta agus chun ceisteanna ó chustaiméirí gineadóirí a fhreagairt.

Athbhreithniú, Forbhreathnú agus Athbhreithniú Lár na Bliana ar an gClár Éartha Tarchuir (TOP)

Buaileann EirGrid leis an tionscal tríd an bhForbhreathnú agus an Breathnú Siar ar an TOP ag deireadh na bliana nuair a fhéachaimid siar ar an TOP atá díreach críochnaithe agus nuair a thugaimid forbhreathnú ar an TOP don bhliain dár gcionn. Buailimid leis an tionscal i lár na bliana freisin chun nuashonrú a thabhairt ar an dul chun cinn sa bhliain reatha agus an plean don chuid eile den bhliain a chur i láthair.

Comhairle Chomhairleach ‘Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú’

Bhunaigh EirGrid agus SONI an Chomhairle Chomhairleach um Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) in 2022. Tá ionadaithe ó gach cearn den earnáil fuinnimh ar an gcomhairle, lena n-áirítear forbróirí stórála, gineadóirí traidisiúnta agus in-athnuaite, an lucht acadúil, mórúsáideoirí fuinnimh, ag freagairt don éileamh, teicneolaíocht nua, líonraí gáis, monaraíocht agus sainchomhairleoireacht. Bíonn cruinniú ag an gcomhairle gach ceithre mhí i mBaile Átha Cliath, agus gach ceathrú cruinniú ar siúl i mBéal Feirste.

Tar éis cuireadh i gcomhair ballraíocht a bheith curtha amach níos túisce in 2024, tá 30 ball den chomhairle agus 12 aoi ar Chomhairle Chomhairleach TLM anois. I measc na n-aíonna a fuair cuireadh le bheith i láthair ag na cruinnithe tá an Rialtas, Oibreoirí Córais Dáilte agus na hÚdaráis Rialála as Éirinn agus as Tuaisceart Éireann araon.

Déanann EirGrid agus SONI cathaoirleacht ar an gcruinniú. Is é cuspóir na gcruinnithe seo dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara maidir leis an mbealach is fearr chun ár spriocanna TLM a bhaint amach ar fud líonraí, margaí, rannpháirtíocht phoiblí agus oibríochtaí.

Grúpa Chumann na Margaí Seachtracha (EMAG)

Sa bhliain 2024, chruthaigh EirGrid grúpa inmheánach, trasfheidhmeach ar a dtugtar Grúpa Chumann na Margaí Seachtracha (EMAG). Is é is cuspóir ag EMAG gníomhú mar fhoinse aonair fírinne d'ionadaíocht EirGrid laistigh de chumainn sheachtracha (agus tagairt ar leith do ghrúpaí Eorpacha) a bhaineann le forbairt an mhargaidh, rud a chabhraíonn le cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach a chinntiú ar fud na n-eagraíochtaí seachtracha a mbímid i dteagmháil leo.

Cur chun feidhme:

Rannpháirteachas sa mhargadh

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
A bheith ag obair i dtreo Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (FASS) a sheachadadh	Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais: Sa bhliain 2026, leanfaidh EirGrid ag nuashonrú an Treochláir um Chur i bhFeidhm Céimnithe, i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis Rialála, chun Clár STSC a sheachadadh. Lorgóimid aiseolas ó pháirtithe leasmhara trí chomhairliúchán maidir le dearadh agus soláthar seirbhísí neamh-chúltaca. Leanfaimid orainn ag obair le páirtithe leasmhara maidir le dréachtú an Chóid Seirbhísí Córais (trí Mheitheal an Chóid).	Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais: Tríd na rannpháirtíochtaí seo, foilseoidh EirGrid dhá leagan (v5 agus v6) de Threochlár um Chur i bhFeidhm Céimnithe STSC, chomh maith le páipéar moltaí maidir le seirbhísí neamh-chúltaca, agus dréacht dlíthiúil den Chód Seirbhísí Córais.
Rannpháirtíocht sa Chlár um Sceidealú agus Seoladh (SDP)	Rannpháirtíocht sa Chlár um Sceidealú agus Seoladh: Sa bhliain 2026, beidh cruinnithe míosúla ag EirGrid idir SDP agus na húdaráis Rialála (RAnna) le seisiúin ad hoc de réir mar is gá. Freastalóidh an fhoireann SDP ar aon chruinnithe maidir le mionathruithe ar an gCód Tráchtála agus Socraithe (TSC) agus ar chruinnithe den Phainéal Comhpháirteach Athbhreithnithe ar an gCód Eangaí (JGCRP). Cuirfidh foireann an SDP le Ceardlanna Thionsclaíocht Mhargadh Cumhachta na Todhchaí agus cuirfidh siad i láthair iad ag Ceardlanna míosúla agus cuirfidh siad seisiúin oiliúna nó seisiúin dhoimhne ar fáil nó déanfaidh siad cur i láthair ar thopaicí neamhspleácha don tionscal de réir mar is gá.	Rannpháirtíocht sa Chlár um Sceidealú agus Seoladh: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid míreanna agus gníomhartha ábhartha don SDP a éilíonn ionchur ó na húdaráis rialála a rianú agus mionathruithe TSC chomh maith le mionathruithe ar an gCód Eangaí a chur chun cinn go dtí go gceadófar iad. Trí nuashonruithe stádaís SDP chomh maith le seisiúin oiliúna agus grinnscrúdaithe a sholáthar do rannpháirtithe margaidh, tá sé mar aidhm ag EirGrid ár gcaidreamh leo a fheabhsú tuilleadh agus iad á gcoinneáil ar an eolas faoi na nuashonruithe agus an dul chun cinn go léir ón bhfoireann.
Leanúint ar aghaidh ag ullmhú chun an Margadh Fuinnimh Aonair a athimeascadh le Margaí Fuinnimh na hEorpa mar chuid de Chlár Margaidh Straitéiseach (SMP) EirGrid	Rannpháirtíochtaí sa Chlár Margaidh Straitéiseach (SMP): Sa bhliain 2026, beidh EirGrid i mbun oibre leis na páirtithe leasmhara tábhachtacha seo a leanas: Údaráis Rialála Nuashonruithe míosúla ar feadh 2026 chomh maith le ceardlanna duine le duine ad hoc. Rannpháirtithe Margaidh	Rannpháirtíochtaí sa Chlár Margaidh Straitéiseach (SMP): Bunaíodh an Clár Margaí Straitéiseacha (SMP) chun Colún 2 de straitéis Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) a chur i gcrích agus tá sé mar aidhm aige margaí fuinnimh na hÉireann (uile-oileáin) a chlaochlú chun níos mó fuinnimh in-athnuaite

	Nuashonruithe rialta trínár gceardlanna agus nuachtlitreacha Margadh Cumhachta na Todhchaí ar thopaicí amhail amlínte maidir le dul beo, deiseanna fálaithe (Ceartha Tarchuir Airgeadais) agus córais nua ceantála. Earnáil na tionsclaíochta Cuirfidh EirGrid nuashonruithe rialta ar fáil do pháirtithe leasmhara sa tionscal trí chruinnithe den Chomhairle Chomhairleach de chuid Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú. Eorpach In 2026, beidh EirGrid ag obair go gníomhach le páirtithe leasmhara Eorpacha freisin, lena n-áirítear cumainn Chúplála Margaidh, chun ailíniú a chinntiú. Socruithe na Breataine Móire Leanfaidh EirGrid freisin de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir leis na hathruithe atá beartaithe ar shocruithe SEM-BM a chur i gcrích tar éis Brexit.	a nascadh agus chun tacú le forbairt rialála riachtanach. Trínár rannpháirtíocht rialta leis na húdaráis rialála, tá sé mar aidhm againn ailíniú a dhéanamh ar bheartas agus ar chomhlíonadh chomh maith le hionchais, amlínte agus garspriocanna. Cabhróidh rannpháirtíocht rialta le rannpháirtithe margaidh le EirGrid próiseas comhoibrioch, trédhearcach agus lucht féachana-shonrach a chinntiú do pháirtithe leasmhara rithabhachtacha lena n-áirítear gineadóirí, soláthraithe, úsáideoirí móra fuinnimh, Aonaid an Éilimh agus comhbhailitheoirí. Cabhróidh na rannpháirtíochtaí seo freisin lena chinntiú go bhfuil páirtithe leasmhara ar an eolas faoin tionchar a bheidh ag cinntí SMP ar a gcuid oibriochtaí. Trí oibriú le hionadaithe tionscail, tá sé mar aidhm ag EirGrid léargais a bhailiú agus aghaidh a thabhairt ar inní maidir le dearadh margaidh, oibriocht chórais agus socruithe trádála. Glacaimid páirt go rialta i dtascfhórsaí agus i ngrúpaí oibre ábhartha chun comhoibriú a chinntiú. Trí pháirt a ghlacadh ar scála Eorpach, tá sé mar aidhm againn ailíniú a chinntiú le forbairt níos leithne sa mhargadh Eorpach trí ghrúpaí oibre, imeachtaí ar leibhéal an AE, cuairteanna suímh, agus tionscadail shonracha amhail an Clár um Chur i bhFeidhm Áitiúil.
Ag Ullmhú do Chlár Comhairliúcháin ar Mhórsála mar chuid de Chlár Margaidh Straitéiseach (SMP) EirGrid	Clár Comhairliúcháin: In 2026, beidh EirGrid agus SONI ag ullmhú roinnt comhairliúchán agus muid ag druidim níos gaire chun an Margadh Aonair Fuinnimh a ath-chomhtháthú le Margaí Fuinnimh na hEorpa	Clár Comhairliúcháin: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn: • Treochlár soiléir a fhorbairt le haghaidh comhairliúchán, ag

		cinntiú go bhfuil infheictheacht ag páirtithe leasmhara ar phríomhábhair agus ar amlínte agus aird á tabhairt ar chomhairliúcháin eile atá ar siúl laistigh den tionscal. • Comhordú go dlúth le CRU agus RF chun ionchais maidir le dearaí, amlínte agus idirspleáchais a ailíniú. • Rochtain luath a sholáthar ar ábhar tábhachtach, faisnéis a roinnt le húdaráis rialála roimh ré chun comhoibriú a fheabhsú.
Ceardlanna tionsclaíochta margaí cumhachta todhchaí:	Ceardlanna tionsclaíochta margaí cumhachta todhchaí: Leanfaimid orainn ag reáchtáil ár gCeardlanna Tionscail Margaí Cumhachta sa Todhchaí. Reáchtáiltear na ceardlanna seo ar líne den chuid is mó ach beidh cruinnithe hibrídeacha ina roghanna feasta freisin inar féidir le rannpháirtithe freastal go pearsanta agus ar líne.	Ceardlanna tionsclaíochta margaí cumhachta todhchaí: Is fóram tábhachtach iad ceardlanna Thionsclaíocht Mhargadh Cumhachta na Todhchaí d'ionadaithe tionscail agus do EirGrid chun teacht le chéile chun eolas a chur ar fáil, plé a dhéanamh, éisteacht leis agus ceisteanna a chur ar ghnéithe ar nós Beartas an Mhargaidh Fuinnimh, an Clár Sceidealaithe agus Seolta (SDP), Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC), Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES) agus an Clár Margaidh Straitéiseach agus na cláir lena mbaineann. Éascaíonn na ceardlanna seo plé faoi na hathruithe ar shocruithe feidhmiúla, teicniúla agus foirmiúla, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus nuashonruithe ar bhainistíocht clár. Chomh maith leis sin, tugann siad deis d'EirGrid ár gcaidreamh le rannpháirtithe sa tionscal a neartú, agus cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach á

		soláthar ag an am céanna mar a mhol painéal na bpáirtithe leasmhara.
Nuachtlitir Margaí Cumhachta na Todhchaí:	Nuachtlitir Margaí Cumhachta na Todhchaí: Leanfaidh EirGrid orthu ag eisiúint ár Nuachtlitir Margaí Cumhachta na Todhchaí go rialta. Foilsítear iad seo ar shuíomh gréasáin EirGrid agus cuirtear chun cinn iad trínar gcainéal meán sóisialta.	Nuachtlitir Margaí Cumhachta na Todhchaí: Feidhmíonn nuachtlitir EirGrid, Margaí Cumhachta na Todhchaí, mar mheán tábhachtach dúinn chun páirtithe leasmhara a thabhairt cothrom le dáta maidir le forbairtí i mBeartas an Mhargaidh Fuinnimh, an Clár Sceidealaithe agus Seolta, Socruithe Todhchaí (FASS), Stóráil Fuinnimh Fadtréimhseach (LDES) agus Chlár an Mhargaidh Straitéisigh (SMP) agus cláir ghaolmhara. Comhlánaíonn an foilseachán ár gCeardlanna um Thionsclaíocht Mhargadh Cumhachta na Todhchaí trí pháirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí inár bpríomhréimsí tionscadail agus inár sruthanna oibre.
Caidreamh le comhghleacaithe san AE a neartú agus páirt a ghlacadh i bhforbairtí ábhartha beartais mhargaí todhchaí an AE	Rannpháirtíocht leis an AE: In 2026, leanfaidh EirGrid lenár rannpháirtíocht i gCoiste Margaidh ENTSO-E agus i nGrúpaí oibre ábhartha, ag plé le forbairtí beartais agus reachtaíochta ar leibhéal an AE.	Rannpháirtíocht leis an AE: Leis na rannpháirtíochtaí seo, is féidir le EirGrid páirt a ghlacadh i bhforbairtí beartais ábhartha ar leibhéal an AE trí rannpháirtíocht i gCoiste Margaidh agus i nGrúpaí Oibre ENTSO-E agus leasanna is fearr an tomhaltóra leictreachais agus spriocanna carbóin san áireamh.

Ceantanna fadtéarmacha

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Bailchríoch ar théarmaí agus coinníollacha STLI 6, cruinnithe faisnéise leis an tionscal agus cur i gcrích ceant	STLI 6 téarmaí agus coinníollacha: Ach Státchabhair a bheith ceadaithe, foilseofar téarmaí agus coinníollacha STLI 6 agus beidh STLI 6 ar siúl in 2026.	STLI 6 téarmaí agus coinníollacha: Tá STLI 6 faoi réir cheadú Státchabhrach ó Ard-Stiúrthóir um Chomórtas an AE. Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn an ceant a réachtáil go rathúil, arb é an ceant STLI deireanach é ina bhfuil garspriocanna agus dátaí seachadta

	Leanann EirGrid de bheith i dteagmháil go rialta le DCEE agus leis an CRU agus ceantanna STLI agus STILAC sa todhchaí á n-ullmhú.	laistigh de Spriocanna Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 24/25 2023. Foilseoidh EirGrid, mar Riarthóir an Cheant, amchlár STLI 6, cáiliú agus pacáistí faisnéise ceant agus beidh sé ina chathaoirleach ar Sheisiún Faisnéise Ceant Tionsclaíochta.
An Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite Amach ón gCósta (STILAC) a Chur i gCrích Ceant Lí Ban	Ceant Lí Ban In 2026, táthar ag súil go leanfar leis an obair ar fhorbairt cheant Lí Ban ORESS. Mar ullmhú dó seo, reáchtálfaidh EirGrid cruinnithe faisnéise don tionscal agus seisiún faisnéise i dteannta DCEE (a luaithe a bheidh na hamlínte socraithe).	Ceant Lí Ban Trí na rannpháirtíochtaí seo, éireoidh le EirGrid toradh Cheant Lí Ban ORESS a aithint. <i>Foilsíú Thorthaí Sealadacha agus Deiridh Cheant Lí Ban STILAC i gcomhar le DCEE (le socrú).</i>
T-4 2029/2030 Ceant um Thoilleadh chun cabhrú le a dhaingniú chun freastal ar an éileamh	T-4 2029/2030 Ceant um Thoilleadh: Foilseoidh EirGrid(in éineacht le SONI Pacáistí Faisnéise Ceant do pháirtithe leasmhara sa tionscal, agus tá sé beartaithe go reáchtálfar an ceant i mí an Mhárta 2026. Reáchtálfaidh EirGrid (le SONI) seisiún faisnéise tionscail freisin sula n-osclófar an cháiliúchán.	T-4 2029/2030 Ceant um Thoilleadh: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh dóthain MWanna aimsithe chun freastal ar an éileamh don Bhliain Toillte 2029/2030.
T-1 2026/2027 Ceant um Thoilleadh chun cabhrú le leictreachas a dhaingniú chun freastal ar an éileamh	T-1 2026/2027 Ceant um Thoilleadh: Foilseoidh EirGrid (le SONI) Pacáistí Faisnéise Ceant do pháirtithe leasmhara sa tionscal, agus an ceant le bheith ar siúl faoi mhí Iúil 2026. Reáchtálfaidh EirGrid (le SONI) seisiún faisnéise tionscail freisin sula n-osclófar an cháiliúchán.	T-1 2026/2027 Ceant um Thoilleadh: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag Ceant a chinntiú go mbeidh dóthain MWanna aimsithe chun freastal ar an éileamh don Bhliain Toillte 2026/2027.
T-4 2030/2031 Ceant um Thoilleadh chun cabhrú le leictreachas a dhaingniú chun freastal ar an éileamh	T-4 2030/2031 Ceant um Thoilleadh: Foilseoidh EirGrid (le SONI) Pacáistí Faisnéise Ceant do pháirtithe leasmhara sa tionscal, agus an ceant le bheith ar siúl ag deireadh 2026 / tús 2027.	T-4 2030/2031 Ceant um Thoilleadh: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh dóthain MWanna aimsithe chun freastal ar an éileamh don Bhliain Toillte 2030/2031.

	Reáchtálfaidh EirGrid (le SONI) seisiún faisnéise tionscail freisin sula n-osclófar an cháiliúchán.	
Seachadadh ar thoilleadh nua arna bhronnadh	Conarthaí Margaidh Toillte: Tá sé beartaithe ag EirGrid seisiúin forbartha a eagrú le tionscadail rathúla i ndiaidh Cheantanna um Thoilleadh T-4. Chomh maith le tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme a chur isteach do thionscadail, táthar ag súil go leanfaidh rannpháirtíochtaí ráithiúla leis na rannpháirtithe, GNI, CRU agus DCEE in 2026.	Conarthaí Margaidh Toillte: Is é cuspóir na rannpháirtíochtaí ráithiúla seo ná dul chun cinn fhorbairt tionscadal a fhaire lena chinntiú go mbeidh na meigeavatanna ar fáil nuair is gá. Is féidir aon rioscaí a ghabháil ag na cruinnithe seo agus is féidir maoluithe a lorg ansin más gá.

Rannpháirtithe MargaidhSEM

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Market Operator User Group (MOUG) engagements	Grúpaí Úsáideoirí an Oibreora Margaidh: Beidh sé chruinniú de chuid Ghrúpa Úsáideoirí an Oibreora Margaidh á reáchtáil ag EirGrid in 2026.	Grúpaí Úsáideoirí an Oibreora Margaidh: Trí na rannpháirtíochtaí seo, cuirfidh EirGrid nuashonruithe ar fáil a bhaineann le raon leathan ábhar amhail socraíochtaí, trádáil, comhéadan margaidh, eisiúintí TF agus margaí ex-ante.
Glaonna seachtainiúla le rannpháirtithe	Glaonna seachtainiúla rannpháirtithe: Beidh glaonna le rannpháirtithe á reáchtáil ag EirGrid gach seachtain i rith 2026.	Glaonna seachtainiúla rannpháirtithe: Leis na rannpháirtíochtaí seo, beidh EirGrid in ann nuashonruithe a thabhairt do rannpháirtithe ar ghnéithe amhail oibríochtaí chomh maith le socraíochtaí agus trádáil. Ligeann na rannpháirtíochtaí seo dúinn freisin sonraí a sholáthar maidir le haon éarthaí seirbhíse ar mhaithe le trédhearcacht. Is féidir le rannpháirtithe na rannpháirtíochtaí seo a úsáid freisin chun ceistanna a chur agus aiseolas a thabhairt.

Rannpháirtíocht deisce chabhrach SEMO agus SEMOpX	Rannpháirtíocht deisce chabhrach SEMO agus SEMOpX Cuirfidh EirGrid tacaíocht laethúil margaidh ar fáil trí ríomhphost agus guthán, ag freagairt fiosrúcháin ghinearálta agus socraíochta.	Rannpháirtíocht deisce chabhrach SEMO agus SEMOpX: Is cainéal oscailte iad na rannpháirtíochtaí seo a ligeann dúinn tacú go díreach le rannpháirtithe le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu.
Tacaíocht chláraithe SEM	Tacaíocht le clárú SEM: Leanfaidh EirGrid de thacaíocht laethúil a thabhairt do rannpháirtithe.	Tacaíocht le clárú SEM: Is céim ríthábhachtach iad na rannpháirtíochtaí seo chun go mbeimid in ann tacú le rannpháirtithe le linn an phróisis clárúcháin margaidh.

Oibríochtaí córais, seirbhísí córais, agus bainistíocht éartha seirbhíse

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Geata Soláthair Seirbhísí Córais 14 & 15	Geataí soláthair: Sa bhliain 2026, reáchtálfadh EirGrid dhá sheisiún tairgeoirí DS3 i dtaca le Geata 14 agus Geata 15. Cuirfidh EirGrid tacaíocht laethúil ar fáil freisin trí ríomhphost agus/nó guthán maidir le fiosrúcháin ó rannpháirtithe reatha agus rannpháirtithe amach anseo in DS3.	Geataí soláthair: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid soláthar rathúil seirbhísí córais a éascú. Tá seisiún na dtairgeoirí deartha chun na tairgeoirí uile a chur trí shonraí chreat DS3 agus aon cheisteanna a bhaineann le tairiscintí agus rannpháirtíocht geata a fhreagairt.
Sceidealú Éartha Seirbhíse Gineadóra	Sceidealú Éartha Seirbhíse: In 2026, leanfaidh EirGrid ar aghaidh ag dul i dteagmháil lenár gcustaiméirí giniúna chun éarthaí seirbhíse a sceidealú agus an clár éartha seirbhíse gineadóirí tiomanta bliantúil a sheachadadh le haghaidh 2027 chomh maith le bainistíocht phlean éartha seirbhíse 2026. Leanfaimid orainn ag soláthar tacaíochta freisin le haghaidh éarthaí seirbhíse gineadóra agus fiosrúcháin.	Sceidealú Éartha Seirbhíse: Trí na rannpháirtíochtaí seo, is féidir le EirGrid custaiméirí a choinneáil cothrom le dáta agus ar an eolas maidir le sceidealú éartha seirbhíse gineadóra. Cinntíonn na rannpháirtíochtaí seo trédhearcacht trí sheachadadh rathúil chlár éartha seirbhíse gineadóra do 2026 agus foilsiú an chlár éartha seirbhíse réamhbhreathnaithigh.
Fóram Infhaighteachta Gineadóirí agus Táirgeachta	Fóram Infhaighteachta Táirgeachta Gineadóirí: Buailfidh EirGrid leis an tionscal tríd an bhFóram Infhaighteachta Táirgeachta Gineadóirí chun nuashonruithe a thabhairt ar thuarascálacha maidir le	Fóram Infhaighteachta Táirgeachta Gineadóirí: Leis na rannpháirtíochtaí seo beifear in ann plé oscailte a chur ar bun maidir le hinfaighteacht táirgeachta do

	hinfhaighteacht táirgeachta agus chun ceisteanna ó chustaiméirí gineadóirí a fhreagairt.	2026 agus maidir le fiosrúcháin ghinearálta faoi ghineadóirí.
Sceidealú agus Seoladh	Sceidealú agus Seoladh: In 2026, leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir le sceidealú agus seoladh trí cháipéisíocht shoiléir a sholáthar lena n-áirítear: • Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Chothromúcháin. • Ár gcomhairliúchán maidir leis na Téarmaí Tagartha agus na dátaí tábhachtacha don iniúchadh bliantúil. • Foilsiú na tuarascála iniúchóireachta bliantúla. • Faisnéis cothrom le dáta maidir le srianta oibríochtúla.	Sceidealú agus Seoladh: Cuirfidh na rannpháirtíochtaí seo ar chumas EirGrid aiseolas ó chustaiméirí a bhailiú agus trédhearcacht a sholáthar maidir lenár gcinnteoireacht.
Tuairisciú Seolta Anuas	Tuairisciú Seolta Anuas: Leanfaidh EirGrid ag déanamh anailís ar sheoladh anuas foinsí in-athnuaite leictreachais agus ag foilsiú tuarascálacha míosúla agus bliantúla.	Tuairisciú Seolta Anuas: Tabhair do d'aire, go dtagraíonn na hamlínte sa doiciméad seo don bhliain féilire: Trínár n-anailís agus ár dtuairisciú, coinneoidh EirGrid custaiméirí agus an tionscal i gcoitinne ar an eolas maidir le leibhéil seolta anuas agus figiúirí tuairiscithe á gcur i gcomhthéacs go réigiúnach agus go náisiúnta.
Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí	Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí: Leanfaidh EirGrid leis an idirphlé le páirtithe leasmhara maidir le héabhlóid an Chóid Eangaí trí chruinnithe, chomh maith le hábhar gaolmhar agus mionathruithe atá beartaithe a fhoilsiú, chomh maith le leaganacha athbhreithnithe den Chód Eangaí.	Painéal Athbhreithnithe an Chóid Eangaí: Tá rannpháirtíochtaí EirGrid maidir leis an gCód Eangaí ríthábhachtach chun léargas páirtithe leasmhara a bhailiú chomh maith le hiad a choinneáil cothrom le dáta.
Athbhreithniú, Forbhreathnú agus Athbhreithniú Lár na Bliana ar an gClár Eartha Tarchuir (TOP)	Clár Eartha Tarchuir In 2026, beidh EirGrid i mbun oibre leis an tionscal tríd an Léargas Ginearálta agus Breathnú Siar ag deireadh na bliana.	Clár Eartha Tarchuir Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá EirGrid in ann trédhearcacht a sholáthar maidir leis an gClár agus a dhul chun cinn chomh maith le béim a leagan ar an

	Buailimid leis an tionscal i lár na bliana freisin chun nuashonruithe ábhartha a thabhairt.	tionchar féideartha ar chustaiméirí i dtéarmaí bac.
--	---	---

Oibríochtaí amach anseo

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Éabhlóid an Chóid Eangaí go dtí 2030	Éabhlóid an Chóid Eangaí go dtí 2030: In 2026, reáchtálfaidh EirGrid ceardlanna fíorúla agus duine le duinede réir mar is gá .	Éabhlóid an Chóid Eangaí go dtí 2030: Trínár rannpháirtíochtaí, déanfaidh EirGrid modhnuithe ar Chód na hEangaí a phlé agus a chur chun feidhme.
Tástáil teicneolaíochta nua a sholáthraíonn seirbhísí córais	Próiseas na Trialach Cáilíochta: Eiseoidh EirGrid Próiseas na Trialach Cáilíochta in 2026 agus glao á chur ar fhaisnéis ón tionscal.	Próiseas na Trialach Cáilíochta: Cuirfidh na rannpháirtíochtaí seo ar chumas EirGrid Glao ar Fhaisnéis faoin bPróiseas na Trialach Cáilíochta 2026 a fhoilsiú, rud a thacóidh i ndeireadh na dála lenár gcuid oibre i dtreo uailmhianta beartais oibriúcháin an chórais a bhaint amach mar aon lenár n-uailmhianta aeráide i gcomhréir le spriocanna an Rialtais.
Seachadadh Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin Céim 2	Seachadadh Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin Céim 2: Sa bhliain 2026, cuirfidh EirGrid tús leis an bpróiseas soláthair chun Céim 2 de na Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin a sheachadadh. Ní rachaimid i dteagmháil le tairgeoirí ach amháin laistigh de chreat an phróisis soláthair fhoirmiúil. Chomh maith leis seo, rachaidh EirGrid i dteagmháil le tairgeoirí chun measúnuithe nasctha eangaí a dhéanamh agus oibreoidh siad leis na tairgeoirí rathúla chun tairiscintí nasctha a phróiseáil.	Seachadadh Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin Céim 2: Tá gá le seachadadh Seirbhísí Táimhe Íseal-Charbóin Céim 2 chun an córas cumhachta a oibriú go daingean ag Treá Neamhshioncronach Córais (SNSP) / leibhéil giniúna in-athnuaite níos airde, ag tacú lenár n-uailmhianta aeráide agus ag seachadadh coigilteas costais suntasacha do thomhaltóirí.
Soláthar Stórála Fadtréimhsí Fuinnimh (LDES) a thiomáint	Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES): Sa bhliain 2026, foilseoidh EirGrid Páipéar Moltaí Soláthair LDES don tionscal agus do na húdaráis Rialála in R1, chomh maith le comhairliúchán	Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES): Trí na rannpháirtíochtaí sin le páirtithe leasmharacomhairliúcháin agus seimineáir ghréasáin),

	agus Páipéar Moltaí maidir le Socruithe Conarthacha chun teacht ar chinneadh in R4. Áireofar leis sin sraith seimineár gréasáin a bheidh ar siúl le linn na dtréimhsí comhairliúcháin.	áiritheoidh EirGrid rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i bhforbairt Pháipéar Moltaí maidir le Cur Chuige Soláthair LDES, agus Páipéar Moltaí maidir le Socruithe Conarthacha chun teacht ar chinneadh in R4 2026. Ní hamháin gur mar fhreagra ar ghníomh a chuir an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) ar an OCT sna Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide agus i gCreat Beartais Stórála Leictreachais le déanaí ón Roinn atá an obair seo, ach tacaíonn sí lenár misean freisin chun eangach glan-nialas slán agus cobhsaí a chumasú.
--	---	---

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár n-oibriú ar an eangach agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara sa mhargadh, déan teagmháil linn tríd [ár leathanach teagmhála anseo](#) (le ‘Eangach agus Margadh’ san ábhar).

Rannpháirtíocht Eorpach, Rialtais agus beartais

Léargas ginearálta

Tugann EirGrid faoi chomhairliúchán gníomhach agus leanúnach leis an Rialtas agus le húdaráis rialála maidir le príomhbheartais agus príomh-shaincheistean straitéiseacha de réir mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht. Déantar é sin trí chomhfhreagras foirmiúil, rannpháirteachas déthaobhach agus rannpháirtíocht i meithleacha, i dtascfhórsaí agus i gcruinnithe.

Cuid lárnach dár ról is ea tacú go gníomhach le forbairt beartas ar an leibhéal Idirnáisiúnta, Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil, agus leanann sé de bheith ag lorg deiseanna chun léargais ábhartha a roinnt agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil na léargais agus an chomhairle chuí ag lucht ceaptha beartas chun tacú leis an bpróiseas ceaptha beartas. Cinntíonn na gealltanais seo freisin go bhfuil EirGrid ailínithe le beartas an Rialtais.

Bíonn EirGrid i dteagmháil freisin leis an Ríocht Aontaithe agus ar fud mhór-roinn na hEorpa le comhlachtaí amhail Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E) agus Fóram Ostend chomh maith le Comhoibriú Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC) agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA).

Chomh maith leis an méid thuas, rinneamar teagmháil dhlúth le hOibreoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) eile ar fud na hEorpa, ní hamháin chun críoch idirnasctha ach freisin chun léargais a roinnt agus nuálaíocht a chothú.

Bíonn EirGrid i dteagmháil freisin leis an gCoimisinéir Teanga agus muid ag cur na Gaeilge chun cinn agus ag comhlíonadh ár ndualgas reachtúil agus dlíthiúil sa réimse seo.

Tá rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara rithábachtach chun go leanfaidh EirGrid ag ailíniú ar leibhéal Rialtais agus rialála, agus ag leibhéal Eorpach chomh maith, chun tacú le dul chun cinn leanúnach i dtreo ár n-uailmhianta comhroinnte maidir leis an aeráid. Áirítear leis seo 80% dár leictreachas a fháil ó fhoinsí in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais agus astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Go praiticiúil, beidh rannpháirteachas nach beag na bpáirtithe leasmhara le ranna Rialtais, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), Líonraí Gáis Éireann (GNI) agus an lucht acadúil i gceist le córas d'astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a fhorbairt agus a oibriú chun giniúint, stóráil agus soláthar foinsí fuinnimh in-athnuaite, amhail hidrigin ghlas, a chinneadh.

Straitéis

Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)

Tá oibleagáidí suntasacha ar ENTSO-E faoi rialacháin leictreachais an Aontais agus, mar thoradh air sin, tá ról lárnach aige i bhforbairt na heangaí leictreachais uile-Eorpaigh agus na margaí trasteorann chun spriocanna uailmhianacha dícharbónaithe na hEorpa a bhaint amach faoi 2050. Trí ENTSO-E, bíonn EirGrid ag obair go gníomhach le OCTanna ar fud na hEorpa chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a eascraíonn as dícharbónú amhail forbairt acmhainní amach ón gcósta, comhtháthú margaidh agus slándáil an chórais a choinneáil.

Tá roinnt coistí ag ENTSO-E a chlúdaíonn raon leathan réimsí ábhartha lena n-áirítear margaí, taighde agus nuálaíocht, forbairt córas, oibriochtaí córas agus teicneolaíocht. In ainneoin gur measartha beag é i

gcomparáid le go leor OCTanna Eorpacha, cuireann EirGrid le roinnt de na coistí seo, agus leis na grúpaí oibre tacaíochta. Tá sé seo chun a chinntiú go ndéantar na saincheisteanna is tábhachtaí d'Éirinn amhail forbairt bonneagair tarchurtha amach ón gcósta, nó na comhshocraíochtaí margaidh leis an mBreatain Mhór, a thabhairt chun cinn ar bhealach a thacaíonn le spriocanna níos leithne na hÉireann. Maidir le forbairt bonneagair eangaí amach ón gcósta go háirithe, cabhróidh idirghníomhaíocht EirGrid le OCTanna eile trí ENTSO-E le hacmhainní in-athnuaite in Éirinn a chumasú chun cur le spriocanna Eorpacha níos leithne.

Gníomhaireachtaí Eorpacha

Mar chuid de rannpháirtíocht Eorpach EirGrid, oibrímid go dlúth freisin le húdaráis rialála chun tacú lena n-idirghníomhaíochtaí le gníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht um Chomhoibriú Rialtóirí Fuinnimh (ACER). Tá rannpháirtíocht ghníomhach againn freisin le Coreso, chun tacú le forbairt leanúnach eangaí agus mhargaidh na hÉireann. Mar Ionaid Chomhordúcháin Réigiúnacha (RCCanna), tacaíonn Coreso le OCTanna chun cuspóirí a chur chun cinn atá i gcomhréir leis na moltaí a rinne an Coimisiún Eorpach.

Comhoibriú OCT amach ón gcósta

Is fóram Comhoibriú OCT amach ón gcósta de na OCTanna de chuid naoi dTír sa Mhuir Thuaidh, ag obair le chéile ar phleanáil chomhpháirteach eangach réigiúnach amach ón gcósta, faoi shainordú NSEC. Tá 'léarscáil eangaí' chomhordaithe de thionscadail idirnascaire hibrídeacha trasteorann forbartha ag an ngrúpa a bhfuil sé mar aidhm leo pleananna atá ann cheana féin amhail an Plean Forbartha Líonra Deich mBliana (TYNDP) a chomhlánú. Mar bhall, malartaíonn EirGrid saineolas agus cinntíonn sé go gcuirtear riachtanais chóras na hÉireann san áireamh. Ina theannta sin, cuireann sé ar ár gcumas páirt a ghlacadh i bhforbairt eangach réigiúnach amach ón gcósta atá comhroinnte agus cost-éifeachtach agus i modheolaíochtaí cistiúcháin agus maoinithe.

Líonra Oibreoirí Córais Idirnáisiúnta (ISON)

Is grúpa oibre nua OCT é an Líonra Oibreoirí Córais Idirnáisiúnta (ISON) atá comhdhéanta de shé oibreoir córais, faoi stiúir a bPríomhfheidhmeannaigh, agus le tacaíocht ó ról rothlach Stiúrtóra Feidhmiúcháin agus Ainmnithe Teicniúla. Is é cuspóir foriomlán an fhórait seo oibriú córas cumhachta atá 100% bunaithe ar Acmhainní Inbheartóra (IBR) a chumasú. Tarlaíonn comhoibriú trí athbhreithniú agus seachadadh thuarscáil Tosaíochtaí Idirthréimhseacha an Oibreora Córais, agus trí chur i bhfeidhm tionscnamh tosaíochta, rannpháirtíochtaí teicniúla éagsúla agus forbairt achoimrí comhroinnte eolais, agus tionscnaimh amhail iasacht Oibreora Córais.

Comhoibriú le OCTanna eile

Bíonn dúshlán chomhchosúla roimh OCTanna i dtíortha ina bhfuil leibhéil arda FIFanna neamhshioncronacha maidir le EirGrid go háirithe i gcás ina bhfuil siad lonnaithe i suíomhanna forimeallacha agus/nó i gcás ina bhfuil siad sách beag i gcomparáid leis na OCTanna níos mó atá bunaithe go lárnach. Trí oibriú go dlúth le OCTanna eile ar fud na Breataine Móire agus mhór-roinn na hEorpa, tá EirGrid ag cumasú comhoibriú fuinnimh níos fearr agus muid ag obair i dtreo ár n-uailmhianta comhroinnte maidir leis an aeráid. I dteannta na rannpháirtíochtaí iltaobhacha éagsúla le OCTanna, tá EirGrid ag obair go réamhghníomhach freisin leis na OCTanna i dtíortha amhail an Ísiltír, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe. I gcásanna áirithe, déantar é seo faoi scáth Phleananna Gníomhaíochta Comhpháirteacha Rialtais, agus i gcásanna eile, faoi Mheabhráin Tuisceana sonracha atá forbartha againn.

CIGRE

Mar fhóram comhoibriúch domhanda chun saineolas teicniúil a roinnt agus a fhorbairt, tacaíonn rannpháirtíocht EirGrid le CIGRE go príomha lenár ról i dtreorú aistriú slán eangach leictreachais na hÉireann chuig todhchaí inbhuanaithe ísealcharbóin. Oibríonn EirGrid le comhaltaí eile CIGRE go hidirnáisiúnta, ar mheithleacha agus ar Choistí Staidéir ar théama ar leith. Cruthaíonn an comhoibriú seo

deiseanna don fhoireann oibriú le príomhshaineolaithe. Cuidíonn sé freisin le cáil EirGrid a fhorbairt mar cheann de na OCTanna is nuálaí i gcomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh neamhshioncronacha.

An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA)

Leanann EirGrid de bheith i dteagmháil leis an IEA chun cabhrú le comhtháthú rathúil fuinnimh in-athnuaite a mhúnlú. Ag cur leis an rannpháirtíocht ghníomhach agus cur i láthair do lucht féachana saineolaithe idirnáisiúnta san IEA, leanfaidh an rannpháirtíocht seo ar aghaidh sa bhliain atá romhainn.

An Tionscnamh Eangach In-athnuaite (RGI)

Is comhoibriú uathúil é an Tionscnamh Eangach In-athnuaite idir eagraíochtaí neamhrialtasacha, OCTanna, agus OCDanna ó gach cearn den Eoraip atá páirteach in ‘éiceachóras gníomhaithe don aistriú fuinnimh’. Tá rannpháirtíocht EirGrid leis an RGI thar a bheith tábhachtach chun comhoibriú dlúth a éascú, chomh maith le cur chuige iomlánaíoch a chumasú chun dúshlán chomhroinnte a réiteach, i dteannta saineolaithe inár réimse ó gach cearn den Eoraip.

Tascfhórsaí agus Grúpaí Oibre Rialtais

Leanann EirGrid de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara Rialtais, lena n-áirítear príomhthascfhórsaí agus meithleacha seanbhunaithe chun seachadadh fuinnimh in-athnuaite, príomhbhonneagar eangaí agus an tírdhreach fuinnimh amach anseo a chur chun cinn, chomh maith le hábhair a bhaineann le hinacmhainneacht fuinnimh a phlé. Tá na sruthanna oibre seo tábhachtach chun ailíniú leanúnach idir beartais EirGrid agus an Rialtais a chinntiú. In 2026, beidh EirGrid gníomhach sna tascfhórsaí seo a leanas agus i dtascanna eile de réir mar is gá agus má thagann siad chun cinn:

- Tascfhórsa Forbartha um Ghaoth Amach ón gCósta (DCEE)
- Dlús a chur leis an Tascfhórsa um Fhuinneamh In-athnuaite (DCEE)
- Dlús a chur leis an Tascfhórsa Bonneagair (DPENDER)
- An Fóram Comhairleach um Chostas Gnó (DETE)
- An Oifig Gníomhachtaíthe Tithíochta (DHLGH)
- An Grúpa Teagmhála um Chumas Uirbeach (DCEE)
- An Tascfhórsa Náisiúnta um Inacmhainneacht Fuinnimh (DCEE)
- Tascfhórsa Hidrigine (DCEE)

Fóraim agus grúpaí stiúrtha

Leanann EirGrid de bheith i dteagmháil leis an Rialtas, le CRU, le húdaráis áitiúla, agus le húdaráis phoiblí eile ar réimse ábhar, lena n-áirítear an plean gníomhaithe ar son na haeráide, idirnascadh, slándáil fuinnimh, slándáil an tsoláthair, agus pleanáil agus toiliú. Déantar é seo trí réimse meicníochtaí amhail fóraim phleanála, grúpaí oibre agus grúpaí stiúrtha.

Cumarsáid agus tuairisciú corparáideach

Leanann EirGrid de thacaíocht a thabhairt don Rialtas trí chumarsáid agus tuairisciú rialta, iarratais ar fhaisnéis, foilseacháin, Ceisteanna Parlaiminte agus tuilleadh.

Corparáid Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC)

Glacann EirGrid páirt mar OCT na hÉireann trí roinnt fóram oibre teicniúil laistigh de thionscnamh aireachta NSEC. Tugann an comhoibriú le chéile aireachtaí agus OCTanna ó naoi dtír ón Muir Thuaidh chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach, chun comhordú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta agus ar thionscadail bhonneagair eangaí. Trí rannpháirtíocht sa ghrúpa, bíonn EirGrid rannpháirteach i dtionscnaimh phleanála chomhpháirteacha a bhfuil toil pholaitiúil mar thaca leo trí chuimsiú aireachta, agus a chuireann taca faoi fhorbairt fuinnimh amach ón gcósta san Eoraip i gcoitinne.

Ard-Stiúirthóireacht an Fhuinnimh (DG ENER)

Leanfaidh EirGrid de thacaíocht a thabhairt do DG ENER agus do Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) ag imeachtaí amhail a Laethanta Fuinnimh PCI bliantúla.

Leanfaimid orainn ag obair le DG ENER freisin chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhféadfar tionscadail ghathacha a bhfuil stádas PCI á lorg againn dóibh a mheas. Áireofar ar ghníomhaíochtaí in 2026 ár rannpháirtíocht le DG ENER ar a bPacáiste Eangacha AE.

Coiste Speisialaithe AE-RA um Fhuinneamh (SCE)

Is fóram comhpháirteach idir an AE agus an Ríocht Aontaithe é an SCE AE-RA chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bhforálacha fuinnimh i gComhaontú Trádála agus Comhoibriú (TCA) AE-RA. Reáchtálann an SCE pléití teicniúla, roinneann sé faisnéis agus cinntíonn sé go bhfeidhmíonn an soláthar fuinnimh. Is réimse oibre ríthábhachtach don SCE í ceist na socruithe trádála leictreachais idir an AE agus an Ríocht Aontaithe. Trínár rannpháirtíocht in ENTSO-E, cuireann EirGrid leis an obair seo mar chuid de ghrúpa OCTanna AE.

Oibreoir Córais Fuinnimh Náisiúnta (NESO)

Is í NESO na Breataine Móire (GB) atá freagrach as oibriocht an chórais leictreachais agus pleanáil an chórais gáis. Buaileann EirGrid, SONI agus NESO le chéile go rialta chun eolas agus taithí a roinnt ar mhargaí leictreachais agus ar réimsí gaolmhara. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na gealltanais sin i bhfianaise idirnascaidh EirGrid le margadh GB ar a dtugtar margadh tríú tír faoi rialacháin an Aontais.

I mí an Mhárta 2025, d’eisigh Éire agus an Ríocht Aontaithe ráiteas comhpháirteach ina léirítear an túsphointe do chaidreamh neartaithe. Sa ráiteas, díriodh go príomha ar ‘cur chuige straitéiseach agus éifeachtúil a áirithiú maidir lenár spás muirí comhroinnte chun infheistíocht a shlógadh, chun tacú le comhshaol sláintiúil muirí agus chun fuinneamh glan a sholáthar dár n-oileáin’. Ainmníodh EirGrid agus oibreoirí córais eile (OIN, NESO, agus Gás Náisiúnta) go sonrach sa ráiteas comhpháirteach freisin nuair a chuirtear fáilte roimh ‘an deis le haghaidh comhar níos foirmiúla idir oibreoirí córais na Breataine agus na hÉireann’.

OCEaN RGI

Is eagraíocht neamhbhrabúis eNGO é OCEaN atá ag obair ar leibhéal an AE, a thugann grúpa éagsúil páirtithe leasmhara le chéile, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna), oibreoirí córas tarchurtha (OCTanna), agus ionadaithe ón tionscal gaoithe ó bhreis is 40 comhlacht Eorpach. Is é an cuspóir léargais a roinnt agus brú chun cinn ar úsáid na forbartha inbhuanaithe. Is ball bunaitheach de OCEaN é an Tionscnamh um Eangach In-athnuaite. Tá EirGrid ina bhall de OCEaN ó 2021. Trínár rannpháirtíocht, tacaíonn EirGrid le cur chun cinn forbartha amach ón gcósta atá dearfach don dúlra, agus eolas agus dea-chleachtais á roinnt ar bhonn frithpháirteach ag an am céanna.

Rannpháirtíocht Pleanála, Comhshaoil agus Bithéagsúlachta

Bíonn EirGrid ag plé go rialta le fóraim idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha ar chúrsaí sonracha pleanála agus cleachtais chomhshaoil, reachtaíochta agus beartais, agus nuálaíochta teicniúla. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara tá an Chomhghuaillíocht Amach ón gCósta um Fhuinneamh agus Dúlra, an Tionscnamh um Eangach In-athnuaite, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Mar fhreagra ar an éigeandáil chúplach aeráide agus bithéagsúlachta, agus cumasaithe ag Éiceolaithe inmheánacha EirGrid, tá fócas ar leith ar an mbithéagsúlacht sna rannpháirtíochtaí seo. Tá foireann Pleanála inmheánach EirGrid gníomhach i gcomhoibriú le forbróirí bonneagair Stáit eile agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun a chinntiú go seachadtar bonneagar ríthábhachtach Stáit go tráthúil agus go hinbhuanaithe ar mhaithe leis an leas coiteann.

Cur i bhfeidhm

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
80% dár leictreachas a fháil ó fhoinsí in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050	Uaillmhianta aeráide: Rachaidh EirGrid i dteagmháil leis an Rialtas agus le CRU ar réimse ábhar, lena n-áirítear an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, straitéis tarchuir amach ón gcósta, tuilleadh idirnasctha, slándáil an tsoláthair agus tionscnamh Athdhearadh an Mhargaidh Leictreachais faoi stiúir an AE. Cuirfear tús le hobair chun tacú le hUachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE in 2026. Ag leathnú ár rannpháirtíochta: Leanfaimid orainn freisin ag sainaitheint deiseanna chun dul i dteagmháil le lucht féachana níos leithne de pháirtithe leasmhara ar fud an tionscail agus na sochaí maidir le forbairtí a mheasaimid a bheith riachtanach chun tacú le spriocanna aeráide agus fuinnimh. Leanfaidh EirGrid de bheith ag gabháil go réamhghníomhach mar bhaill de ENTSO-E, Tionscnamh um Eangach In-athnuaite, Comhrialtas Fuinnimh agus Dúlra Amach ón gCósta agus CIGRE chun cabhrú lenár spriocanna a bhaint amach a luaithe is féidir. Rannpháirtíocht leis an IEA: Leanfaimid orainn ag obair leis an IEA i raon réimsí freisin, lena n-áirítear ról an tsaoaráigh san aistriú fuinnimh.	Uaillmhianta aeráide: I measc na bpríomhchuspóirí tá ailíniú agus muid ag obair le chéile chun ár n-uaillmhianta comhroinnte aeráide a bhaint amach chomh maith le teachtaireachtaí comhsheasmhacha a chinntiú don phobal agus do na páirtithe leasmhara uile. Ag leathnú ár rannpháirtíochta: Cabhróidh na rannpháirtíochtaí seo lena chinntiú go bhfuilimid ailínithe leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta i réimsí teicniúla tábhachtacha. Cabhróidh siad freisin le tuiscint níos fearr a chinntiú ar leibhéal an AE agus ar leibhéal domhanda ar na héachtaí ar fud chóras leictreachais na hÉireann maidir le hardleibhéil fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Rannpháirtíocht leis an IEA: Tacóidh EirGrid leis an IEA maidir le huirlisí a fhorbairt dá gceannaireacht dhomhanda ar Aistrithe Fuinnimh Ghlain atá Dírithe ar an Duine.
Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt beartais:	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt beartais: Leanfaimid orainn ag lorg deiseanna go réamhghníomhach chun tacú le forbairt beartais ar fud an Rialtais agus an AE.	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt beartais: Tacaíonn EirGrid go gníomhach le forbairt beartais ar an leibhéal Idirnáisiúnta, Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil, agus leanann sé de bheith ag lorg deiseanna chun léargais ábhartha a roinnt agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil na léargais agus an chomhairle chuí ag lucht ceaptha beartas chun tacú leis an

		bpróiseas ceaptha beartas. Tá na rannpháirtíochtaí seo rithábachtach chun léargais a roinnt, ailíniú a mhéadú agus cabhrú chun dúshlán chomhroinnte a réiteach.
Leanúint le rannpháirtíocht le OCTanna eile ar fud na hEorpa	Rannpháirtíocht le OCTanna eile: Leanann EirGrid de bheith ag obair go gníomhach le OCTanna Eorpacha eile. Tarlaíonn rannpháirtíocht go díreach trí phlé déthaobhach agus laistigh d'fhórait amhail ENTSO-E agus Comhoibriú OCT amach ón gcósta. Áirítear leis an rannpháirtíocht laistigh den Comhoibriú OCT amach ón gcósta rannchuidiú le forbairt Pháipéar Saineolaithe IV agus i sruthanna oibre ina ndéanfar measúnú ar phleanáil réigiúnach chomhpháirteach, comhroinnt costais agus cuir chuige maoinithe. Oibreoidh EirGrid freisin chun tacú leis an gcur chuige réigiúnach maidir le forbairt tarchuir amach ón gcósta i gcomhréir le cuspóirí leathana Eorpacha agus náisiúnta.	Rannpháirtíocht le OCTanna eile: Trí rannchuidiú le ENTSO-E, táimid páirteach go dlúth i gcomhroinnt eolais. Ina theannta sin, tionólaimid Grúpa Réigiúnach na Mara Thuaidh, ag comhoibriú le OCTanna eile ag cinntiú go bhfuil leasanna na hÉireann leabaithe i bpleanáil eangach réigiúnach amach ón gcósta. Éascaíonn cuimsiú san Comhoibriú OCT amach ón gcósta malartú fairsing saineolais agus laistigh den ghrúpa, tá ról ceannaireachta againn i ndréachtú an Pháipéir Saineolaithe IV atá le teacht, a sheolfar ag Cruinniú Mullaigh na Mara Thuaidh in Hamburg in 2026. Thairis sin, leanfaidh an Comhoibriú OCT amach ón gcósta lena chuid oibre ar phleanáil chomhpháirteach eangaí, comhroinnt costas agus maoiniú, agus é mar aidhm acu bogadh ó dhearadh próisis teoriciúil go cur i bhfeidhm praiticiúil. Le chéile, tá an rannpháirtíocht seo fós rithábachtach ó thaobh straitéiseach de d'EirGrid, ag tacú lenár spriocanna fadtéarmacha maidir le sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta a phleanáil, a fhorbairt, seilbh agus iad a oibriú.
Rannpháirtíocht leis an idirnascaidh	Rannpháirtíocht leis an idirnascaidh: De réir straitéis idirnasctha na hÉireann, leanfaimid orainn ag déanamh dul chun cinn lenár dtionscadail chun idirnasc agus idirnasc hibrideach a fhorbairt..	Rannpháirtíocht leis an idirnascaidh: Oibreoidimid chun ár gcur chuige straitéiseach maidir le teachtaireachtaí a sheoladh agus cumarsáid a ailíniú. Mar chuid dár gcuid oibre leis an bhfóram NSEC, féachfaidh EirGrid le tionchar a imirt ar thorthaí

		nuair is iomchuí, ag díriú ar thionscadail hibrídeacha agus chomhpháirteacha atá le seachadadh faoi 2050.
Tacaíocht a thabhairt don Rialtas le hUachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach	Uachtaránacht na hÉireann: Aithníonn EirGrid an iarracht agus an deis shuntasach a chuireann Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach i láthair sa leath deiridh de 2026. Cuireadh tús leis an obair chun tacú leis an Rialtas agus é ag ullmhú don tréimhse shuntasach seo, agus leanfaidh sé seo ar aghaidh in 2026. Chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil don Rialtas, beidh ról réamhghníomhach ag EirGrid freisin maidir le comhpháirtithe ENTSO-E a óstáil i rith na tréimhse ó lúil go Nollaig 2026.	Uachtaránacht na hÉireann: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid na nithe seo a leanas a éascú: 1) Tacú leis an DCEE chun a chinntiú go meastar go bhfuil éabhlóid an bheartais fuinnimh le linn na hUachtaránachta rathúil. 2) Na réimsí inar léirigh EirGrid ceannaireacht a léiriú dár gcomhghleacaithe san AE. 3) Treoir agus léargas a thabhairt maidir le príomhphíosáí reachtaíochta leictreachais a bhféadfadh garspriocanna suntasacha a bheith acu le linn na huachtaránachta.
Chun Treá Neamhshioncronach Córais (TNSC) 95% a bhaint amach	Rannpháirtíocht le ISON: Sa bhliain 2026, leanfaidh EirGrid de bheith rannpháirteach sa Líonra Oibreoirí Córais Idirnáisiúnta (ISON) atá nuabhunaithe agus é mar chuspóir ag an ngrúpa oibriú i dtreo oibríocht córas cumhachta a bheidh 100% IBR (Acmhainn Bunaithe ar Inbheartóir) chun níos mó athnuaiteán/teicneolaíochtaí solúbtha agus níos lú giniúna traidisiúnta a chomhtháthú. Tacóidh sé seo freisin le cuspóir EirGrid 95% TNSC a bhaint amach ar an gcóras cumhachta, trí fhaisnéis a roinnt agus ceachtanna foghlamtha.	Rannpháirtíocht le ISON: A bhuíochas lenár rannpháirtíocht le ISON, bíonn rochtain ag EirGrid ar shaineolas (atá lonnaithe ag OCTanna piaraí) nach mbeadh rochtain againn air murach sin, ionas gur féidir linn léargais a roinnt agus fadhbanna a réiteach i dteannta a chéile d'fhonn dul chun cinn i dtreo ár gcuspóirí a bhrostu.
A chinntiú go gcomhlíontar Acht na dTeangacha Oifigiúla	Acht na dTeangacha Oifigiúla: In 2025, coinneoidh EirGrid rannpháirtíocht rialta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an gCoimisinéir Teanga. In 2026, leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge, líonra náisiúnta na nOifigeach Gaeilge ar fud na hearnála poiblí. Feidhmíonn an rannpháirtíocht seo	Acht na dTeangacha Oifigiúla: Cinntíonn Oifigeach na dTeangacha Oifigiúla EirGrid go leanann EirGrid ag cur na Gaeilge chun tosaigh (mar chéad teanga oifigiúil na hÉireann), agus go gcomhlíonaimid ár ndualgais reachtúla agus dhlíthiúla sa réimse seo. Trí fhreastal rialta EirGrid ar chruinnithe, ceardlanna agus

	mar bhealach straitéiseach do chomhoibriú, do mhalartú eolais agus d'ailíniú le dea-chleachtais i bpolasaí agus i gcur i bhfeidhm na Gaeilge.	fórait Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge, cuirimid leis na comhiarrachtaí atá dírithe ar infheictheacht agus úsáid na Gaeilge i seirbhísí poiblí a fheabhsú. Cinntíonn ár rannpháirtíocht go bhfuil ár gcleachtais inmheánacha ag teacht i gcónaí le dea-chleachtas agus le hoibleagáidí reachtúla, Achtanna na dTeangacha Oifigiúla san áireamh.
Páirt a ghlacadh ar leibhéal Eorpach maidir le maolú agus cleachtas bithéagsúlachta (ar tír agus amach ón gcósta)	Rannpháirtíocht sa Tionscnamh Fuinnimh In-athnuaite: In 2026, glacfaidh EirGrid páirt i gcruinnithe leathbhliantúla bainistíochta comhtháite fásra (IVM) an RGI a mbeidh OCTanna Eorpacha, eENRanna, agus acadóirí i láthair acu, chomh maith le foghrúpa an RGI maidir le Cur Thar Cháblaí HV. Mar chuid dár gcuid oibre leis an gComhghuaillíocht Easchósta um Fhuinneamh agus Dúlra (OCEaN), beidh muid páirteach trí réimse seimineár gréasáin, Tionól Chomhaltaí OCEaN, agus Comhdháil bhliantúil OCEaN.	Rannpháirtíocht sa Tionscnamh Fuinnimh In-athnuaite: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid eolas a chur ar fáil dár bpleanáil chomh maith le dea-chleachtas a chinntiú. Tá fócas ar leith ar shonraíochtaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh táirgí um Dhearadh Cuimsitheach don Dúlra atá éifeachtach agus monaraithe ar bhealach inbhuanaithe.
(SEA), agus dea-chleachtas a sheachadadh ann	Fóram Náisiúnta um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA): SEA na hÉireann (ina bhfuil DAFM, DCEE, DHLGH, DCCS) agus faoi chathaoirleacht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.	Fóram Náisiúnta um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA): Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid cleachtas SEA EirGrid (agus go háirithe monatóireacht SEA EirGrid atá ar siúl ar feadh 2026) a ailíniú le beartas agus reachtaíocht nua chun forbairt inbhuanaithe a bharrfheabhsú.
Cloí le ceanglais dhlíthiúla maidir le Measúnacht Chuí, agus dea-chleachtas a sheachadadh ann	Fóram Náisiúnta um Measúnacht Chuí: In 2026, freastalóidh EirGrid agus cuirfidh sé leis an bhfóram náisiúnta leathbhliantúil um Measúnacht Chuí atá faoi chathaoirleacht na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.	Fóram Náisiúnta um Measúnacht Chuí: Is é an aidhm atá againn ná an riosca toilithe do bhonneagar EirGrid a mhaolú trí thuairisciú AA a ailíniú le dlí, cásdlí, beartas agus dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn.

Tacaíocht a thabhairt agus athchóiriú an dúlra amach ón gcósta a sheachadadh	Rannpháirtíocht le hAonad Muirí MARA agus NPWS: Sa bhliain 2026, beidh EirGrid ag obair go díreach leis an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (Éiceolaithe), agus le haonad muirí na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), lena n-áirítear rannpháirtíocht leis an bPlean Athchóirithe Dúlra atá le teacht de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a fhoilseofar i Meán Fómhair 2026. Beidh Dearadh Cuimsitheach Dúlra Mara ina réimse fócais ar leith chun ailíniú le beartais Phlean Limistéir Mhuirí Sainithe an Chósta Theas de chuid rialtas na hÉireann maidir le hathchóiriú an dúlra.	Rannpháirtíocht le hAonad Muirí MARA agus NPWS: Tacóidh na rannpháirtíochtaí seo le hobair EirGrid chun gnéithe dearaidh chuí a chuimsíonn an dúlra mara a dhearadh, measúnú riosca a dhéanamh, iad a chostáil agus a shonrú i dtionscadail eangaí de chuid EirGrid amach ón gcósta.
Rannpháirtíochtaí le tionscadail ar chúrsaí bithéagsúlachta	Rannpháirtíochtaí le tionscadail bithéagsúlachta: Oibreoidimid leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) chun eolas a thabhairt do thionscadail eangaí EirGrid agus chun rioscaí a bhaineann leo a laghdú i bhfianaise iarratais phleanála, Tuarascálacha Measúnachta Tionchair Timpeallachta, Tuairisciú ar Mheasúnacht Chuí, agus Iarratais ar Cheadúnas Maolaithe.	Rannpháirtíochtaí le tionscadail bithéagsúlachta: Is é an aidhm atá againn trí na rannpháirtíochtaí seo ailíniú a dhéanamh le ceanglais rialála chun toilithe tionscadail EirGrid a dhí-rioscú.
Rannpháirtíochtaí le tionscadail ar chúrsaí phleanála agus comhshaoil	Rannpháirtíochtaí le tionscadail Phleanála agus Chomhshaoil: Rachaimid i dteagmháil le húdaráis toilithe ábhartha, agus le raon Comhlachtaí Forordaithe ábhartha i bhformáid chomhairliúcháin réamhiarratais (agus go deimhin ar bhonn neamhthionscadail), chun eolas a thabhairt maidir leis an ngá atá le forbairt eangaí ar leith, ag cuidiú le comhthéacs beartais chuí a fhorbairt, agus ag cinntiú cur chuige comhaontaithe i leith measúnachtaí comhshaoil	Rannpháirtíochtaí le tionscadail Phleanála agus Chomhshaoil: Is é an aidhm atá againn tríd na rannpháirtíochtaí seo a chinntiú go ndéanfar tograí iarratais phleanála láidre a chur i bhfeidhm, agus go gcuirfear iad i gcomhthéacs beartais phleanála atá soiléir agus láidir, agus ar deireadh thiar cinnteofar toilithe tionscadail EirGrid atá tráthúil agus inbhuanaithe.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara Eorpacha, Rialtais agus beartais, seol ríomhphost chuig strategy@eirgrid.com

Amach ón gcósta

Léargas ginearálta

Geallann [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024](#) go mbainfear amach 5 GW ar a laghad do thoilleadh gaoithe amach ón gcósta atá nasctha leis an eangach i gcomhréir le spriocanna an Rialtais, agus 2 GW breise curtha i leataobh le haghaidh táirgeadh hidrigine glaise agus úsáidí eile nach mbaineann leis an eangach. Áirítear leis freisin sraith gníomhartha chun cumas fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta (ORE) na hÉireann a bhaint amach.

Tacaíonn EirGrid go láidir le huaillmhian an Rialtais trínár gcomhoibriú le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus leis an tionscal, agus tríd an obair atá ar bun san eagraíocht.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí ár rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara amach ón gcósta:

- Chun tacú le forbróirí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta maidir le gnéithe dá dtionscadail a bhaineann leis an eangach.
- Chun faisnéis a bhailiú chun tacú le hullmhacht EirGrid dár ról mar úinéir na sócmhainní tarchurtha.
- Chun teachtaireacht chomhsheasmhach a chinntiú d'fhorbróirí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, don phobal agus do na páirtithe leasmhara uile maidir leis an méid atá ag tarlú le forbairt an chórais tarchurtha amach ón gcósta agus na buntáistí a thiocfaidh leis.
- Chun a chinntiú go ndéantar forbairt an chórais tarchurtha amach ón gcósta a ailíniú le hobair ghaolmhar eile amach ón gcósta atá á déanamh ag gníomhaireachtaí Rialtais eile, mar shampla, cosaint na bithéagsúlachta mara agus sláinte agus sábháilteacht.

Straitéis

Tascfhórsa um Sheachadadh Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWDT)

bhliain 2022, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Tascfhórsa tras-rannach um Sheachadadh Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWDT) chun seachadadh a bhrostú agus a thiomáint agus na deiseanna eacnamaíocha agus gnó níos leithne agus níos fadtéarmaí a bhaineann le forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta in Éirinn a thapú. Is balleagraíocht den Tascfhórsa seo é EirGrid.

D'fhorbair an Tascfhórsa an Clár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP) chun gníomhaíochtaí atá ar siúl ar fud an Rialtais a chomhordú i dtaca le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus chun gach gné den obair ar an gcosán criticiúil, bearnaí, réimsí ina bhfuil dúbláil, deiseanna agus rioscaí a aithint.

Déanann EirGrid bainistíocht ar sheachadadh na ngníomhartha faoi Shruth Oibre 5 - Forbairt Eangaí / Ceadúnú an OWEP i gcomhairle le CRU agus DCEE.

Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)

Tá ról lárnach ag ENTSO-E i bhforbairt na heangaí leictreachais uile-Eorpaigh agus na margaí trasteorann chun spriocanna uailmhianacha dícharbónaithe na hEorpa a bhaint amach faoi 2050. Trí ENTSO-E, oibríonn EirGrid go gníomhach le OCTanna ar fud na hEorpa chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a eascraíonn as dícharbónú, go háirithe forbairt acmhainní amach ón gcósta chomh maith le comhtháthú margaidh agus slándáil an chórais a choinneáil.

Tá roinnt coistí ag ENTSO-E a chlúdaíonn raon leathan réimsí ábhartha lena n-áirítear margaí, taighde agus nuálaíocht, forbairt córais, oibríochtaí córais agus teicneolaíocht. In ainneoin gur measartha beag é i gcomparáid le go leor OCTanna Eorpacha, cuireann EirGrid le roinnt de na coistí seo, agus leis na grúpaí

oibre tacaíochta. Tá sé seo chun a chinntiú go ndéantar na saincheistean is tábhachtaí d'Éirinn amhail forbairt bonneagair tarchurtha amach ón gcósta, nó na comhshocraíochtaí margaidh leis an Ríocht Aontaithe, a thabhairt chun cinn ar bhealach a thacaíonn le spriocanna níos leithne na hÉireann. Maidir le forbairt bonneagair eangaí amach ón gcósta go háirithe, cabhróidh idirghníomhaíocht EirGrid le OCTanna eile trí ENTSO-E le hacmhainní in-athnuaite in Éirinn a chumasú chun cur le spriocanna Eorpacha níos leithne.

Comhoibriú OCT amach ón gcósta

Is fóram comhoibriúch de naoi mballstát i réigiún na Mara Thuaidh é an grúpa Comhoibriú OCT amach ón gcósta, atá dírithe ar dhlús a chur le forbairt agus cur i bhfeidhm eangach amach ón gcósta chun tacú linn ár spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

(Faigh tuilleadh eolais faoinár rannpháirtíocht le ENTSO-E agus an Comhoibriú OCT Amach ón gCósta sa chaibidil ar rannpháirtíocht Eorpach, Rialtais agus beartais.)

Comhordú Céim 1

Bhunaigh EirGrid an grúpa Comhordaithe Céim 1 in 2024. Tá cúig ghrúpa oibre ábhair sa ghrúpa comhordaithe seo a bhfuil EirGrid agus tionscadail chéim 1 i láthair orthu, is é sin, Oibríocht agus Cothabháil, Oibríochtaí Córais, Aistriú Sócmhainní, Teicniúil agus Dlíthiúil. Tá liosta de nithe inseachadta ag gach ceann de na grúpaí oibre ábhair seo. Déantar maoirseacht agus rianú dul chun cinn ar na nithe inseachadta seo gach mí le tionscadail chéim 1 agus EirGrid, cuireadh tús leis na cruinnithe seo i mí an Mheithimh 2025.

Is é aidhm an ghrúpa comhordaithe na príomhghníomhartha a bhaineann leis an eangach agus na garspriocanna gaolmhara atá riachtanach do thionscadail Céim 1 a chur i gcrích chun a gCinneadh Infheistíochta Deiridh a chomhlíonadh.

Baineann Céim 1 leis an gcur chuige faoi stiúir an fhorbróra maidir le sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta a fhorbairt agus a thógáil. Déanfaidh forbróirí iad seo a chríochnú sula n-aistrefar iad chuig úinéireacht EirGrid. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach nglacann EirGrid páirt i mbainistiú na bpáirtithe leasmhara agus go háirithe sna comhairliúcháin phoiblí a dhéanann na forbróirí.

Amach ón gCósta a Chumhachtú - An Cósta Theas(Céim 2 Tonn Nua)

I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann a Ráiteas maidir leis an gCreat do Chéim a Dó d'Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta, ag sainaithint EirGrid mar fhorbróir bhonneagar tarchuir eangaí nua amach ón gcósta.

Mar thoradh air sin, chuir EirGrid tús le Tionscadal Tarchurtha Amach ón gCósta don Chósta Theas ('[Ag Cumhachtú Amach ón gCósta Theas](#)') arb é an chéad nasc leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta faoi stiúir an stáit in Éirinn.

Mar chuid de Thionscadal Tarchurtha Amach ón gCósta an Chósta Theas, tá sé beartaithe ag EirGrid fostáisiúin leictreachais amach ón gcósta agus cáblaí leictreachais gaolmhara faoin bhfarraige a fhorbairt. Tabharfaidh an bonneagar nua seo an chumhacht a ghineann feirmeacha gaoithe amach ón gcósta isteach inár n-eangach leictreachais náisiúnta. Cabhróidh sé seo le suas le 900 MW de leictreachas breise a ghinfear ó fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta ar chósta theas na hÉireann a sheachadadh.

(Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi na rannpháirtíochtaí atá beartaithe maidir leis an tionscadal seo, féach ar ár gcaibidil ar rannpháirtíocht phoiblí.)

Rannpháirtíocht na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE)

Aithníonn EirGrid an deis eacnamaíoch ilghnéitheach shuntasach a chuireann forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ar fáil d'Éirinn agus dá bhrí sin táimid fós mar bhaill ghníomhacha d'Fhóram Tionsclaíochta Gaoithe Amach ón gCósta DETE.

Ina theannta sin, mar chuid de na tiomantais a tugadh faoi Powering Prosperity, tá EirGrid ag obair le gníomhaireachtaí stáit eile, Fiontraíocht Éireann agus an GFT. Comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana le GFT agus Fiontraíocht Éireann i mí an Mhárta 2025 chun an comhoibriú seo a chur ar bhonn foirmiúil agus chun a chinntiú go frithpháirteach go mbainfear an leas is fearr as tionchar eacnamaíoch fhorbairt gaoithe amach ón gcósta do chuideachtaí Éireannacha.

Rannpháirteachas níos leithne le páirtithe leasmhara

Leanann EirGrid de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar fud na hÉireann chun plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann maidir le forbairt amach ón gcósta agus chun éisteacht le tuairimí páirtithe leasmhara. Áirítear leis seo rannpháirtíochtaí le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus le comhlachtaí forbartha, le cumainn tionsclaíochta agus leis an lucht acadúil. Cuimsíonn ár ngníomhaíochtaí sa bhliain ghnó atá le teacht tuilleadh rannpháirtíochta le calafoirt chun suíomh stórála a bhunú do cháblaí breise fomhuirí chun tacú le hoibríochtaí amach ón gcósta amach anseo.

Oibríonn EirGrid le páirtithe leasmhara amhail Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), An Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach (EPRI) agus monaróirí trealaimh HVDC (Sruth Díreach Ardvoltais) speisialaithe chun athbhreithnithe teicniúla a dhéanamh ar riachtanais amach ón gcósta, agus chun cabhrú le réitigh a aithint agus a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid chun forbairt giniúna amach ón gcósta in Éirinn a chumasú.

Mar shampla, táimid ag obair go dlúth le SEAI ar a Staidéar ar an gCóras Leictreachais Dícharbónaithe (DESS) chun riachtanais líonra amach anseo a shamhaltú.

Rannpháirtíocht Ceantanna na Scéime Tacaíochta don Leictreachas In-athnuaite Amach ón gCósta (STILAC)

Buaileann Foireann Ceantanna STIL go rialta le páirtithe leasmhara tábhachtacha DCEE, CRU, agus EirGrid chun dearadh, rialacha agus incháilitheacht Cheantanna Scéim Tacaíochta In-athnuaite amach ón gcósta a chomhaontú. Tá rannpháirtíochtaí rialta mar seo ríthábhachtach chun an píblíne a chinntiú agus seachadadh FIF-L de réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an rialtais agus treochlár EirGrid, Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú.

(Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoinár rannpháirtíochtaí ceantanna, féach ar ár gcaibidil maidir le hoibriú agus forbairt na heangai agus an mhargaidh.)

Meabhrán Tuisceana (MT) le Fiontraíocht Éireann agus GFT

Mar atá leagtha amach i 'Powering Prosperity - Ireland's Offshore Wind Industrial Strategy' ón Rialtas, tá sé mar aidhm ag an Meabhrán Tuisceana seo comhar agus comhoibriú idir na trí ghníomhaireacht a dhoimhniú, chun tacú le forbairt earnáil na gaoithe amach ón gcósta in Éirinn, agus díriú ar infheistíochtaí isteach a mhealladh, deiseanna a fheabhsú do chuideachtaí san earnáil gaoithe amach ón gcósta, lena n-áirítear oiliúint i réimse na tairisceana soláthair phoiblí, agus slabhra an tsoláthair a thógáil atá riachtanach chun sprioc na hÉireann de 37 gigeavata (GW) d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta faoi 2050 a bhaint amach.

Rannpháirtíocht chomhshaoil agus bithéagsúlachta

Bíonn EirGrid ag plé go rialta le fóraim idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha ar chúrsaí sonracha cleachtais chomhshaoil, reachtaíochta agus beartais, agus nuálaíochta teicniúla. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara tá an Chomhghuaillíocht Amach ón gCósta um Fhuinneamh agus Dúlra, an Tionscnamh um Eangach In-athnuaite, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Mar fhreagra ar an éigeandáil dhúbailte aeráide agus bithéagsúlachta, agus arna chumasú ag EirGrid, tá fócas ar leith ar an mbithéagsúlacht sna rannpháirtíochtaí seo.

Rannpháirtíocht le pobail iascaireachta

Bíonn Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh tiomnaithe EirGrid ag plé leis an bpobal iascaireachta go sonrach maidir le tionscadail amach ón gcósta sa todhchaí. Is páirtí leasmhar lárnach iad na hiascairí i bhforbairt fuinnimh amach ón gcósta. Tá EirGrid mar chuid den Ghrúpa Oibre ORE/Bia Mara freisin - grúpa a bhunaigh an Rialtas chun plé a éascú ar chúrsaí a eascraíonn as idirghníomhaíocht na dtionscal bia mara agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, ag cur dea-chleachtas chun cinn agus ag spreagadh idirchaidreamh le hearnálacha eile sa timpeallacht mhuirí.

(Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi seo, féach ar ár gcaibidil maidir le rannpháirtíocht phoiblí.)

Cur i bhfeidhm

Céim 1

Rannpháirtíochtaí Tascfhórsa DCEE

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Na gníomhartha uile atá sannta do EirGrid le haghaidh 2026 a chur i gcrích agus tuairisciú orthu i Sruth Oibre 5 den Chlár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP)	Clár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP): Déanann EirGrid bainistíocht ar sheachadadh na ngníomhartha faoi Shruth Oibre 5 Forbairt Eangach / Ceadúnú an OWEP i gcomhairle le CRU agus DCEE. Tá ról lárnach ag an sruth oibre seo i bhforbairt na ngnéithe a bhaineann leis an eangach (forbairt agus seachadadh eangach amach ón gcósta lena n-áirítear gnéithe ceadúnaithe agus rialála) atá riachtanach chun spriocanna fuinnimh gaoithe amach ón gcósta an Rialtais a bhaint amach. Déanann an sruth oibre monatóireacht freisin ar sheachadadh na n-uasghráduithe riachtanacha ar an eangach ar tír. In 2026, áireofar inár gcuid oibre: - Rannpháirtíochtaí míosúla le CRU agus DCEE. - Ionadaíocht mhíosúil ag cruinniú an Tascfhórsa Rialtais. Nuashonruithe ráithiúla ar dhul chun cinn a sholáthar do DCEE lena bhfoilsíú ar a suíomh Gréasáin.	Clár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (OWEP): Mar rannpháirtí lárnach, tá ról ríthábhachtach ag EirGrid laistigh de thascfhórsa OWEP. Is é ár misean ní hamháin cuspóirí an tascfhórsa a bhaint amach ach rannpháirtíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara a choinneáil ar siúl ar feadh an ama, chun ailíniú leanúnach, cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach, réiteach fadhbanna, trédhearcacht agus seachadadh tráthúil a chinntiú. Táimid ag obair i gcomhar le chéile freisin lena chinntiú go sainaithnímid aon athruithe, rioscaí agus saincheisteanna a bhaineann leis an sruth oibre agus go dtuairiscímid ar ais orthu seo a luaithe is féidir.
Faisnéis faoi dhul chun cinn amach ón gcósta a roinnt le comhlachtaí sa tionscal	Seisiúin faisnéise faoi dhul chun cinn: In 2026, leanfaidh EirGrid den teagmháil le hionadaithe sa tionscal gach ré mhí.	Seisiúin faisnéise faoi dhul chun cinn: Faoi stiúir EirGrid, is cineál ríthábhachtach comhoibrithe iad na rannpháirtíochtaí seo idir ár n-eagraíocht agus ionadaithe sa tionscal, rud a ligeann dúinn faisnéis maidir le dul chun cinn a roinnt chomh maith le haon cheisteanna atá acu dá bharr a fhreagairt.

Comhaontuithe nasctha

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Rannpháirtíocht a chruthú le CRU i dtaca	Rialáil na cáipéisíochta maidir le comhaontuithe nasctha:	Rialáil na cáipéisíochta maidir le comhaontuithe nasctha:

le rialáil na cáipéisíochta maidir le comhaontuithe nasctha	Sa bhliain 2025, d'eisigh EirGrid cáipéisí don Chomhaontú Nasctha le haghaidh Céim 1 den nasc feirmeacha gaoithe amach ón gcósta chuig CRU le haghaidh ceadú rialála. I rith 2025 agus ar feadh chuid de 2026, beidh rannpháirtíochtaí againn le CRU gach coicise chun tacú le leis an sa gceadú rialála seo.	Tá na rannpháirtíochtaí seo rithábhachtach chun cáipéisíocht an Chomhaontaithe Nasctha a rialáil agus muid ag obair i dtreo ár spriocanna amach ón gcósta a bhaint amach.
Tairiscint nasctha le heisiúint do Thionscadail Chéim 1	Tairiscintí nasctha: Beidh rannpháirtíochtaí míosúla ag EirGrid le tionscadail Chéim 1 chun nuashonruithe a thabhairt i dtaca lena gComhaontuithe Nasctha.	Tairiscintí nasctha: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid na Comhaontuithe Nasctha a bhaineann go sonrach le tionscadal a tháirgeadh le haghaidh gach ceann de Thionscadail Chéim 1.

Rannpháirtíochtaí Plean Ullmhachta Sócmhainní Amach ón gCósta

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Oibriú le heintitis stáit chun forbairtí sna tionscail mhuirí a thuiscint agus caidreamh láidir a thógáil	Rannpháirtíochtaí mhuirí: In 2026, rachaidh EirGrid i dteagmháil le Soilse na hÉireann gach ráithe. Cuireann Soilse na hÉireann seirbhís riachtanach sábháilteachta mhuirí ar fáil timpeall chósta na hÉireann.	Rannpháirtíochtaí mhuirí: Trí na rannpháirtíochtaí seo, comhoibreoidh EirGrid le Soilse na hÉireann ar phleananna don todhchaí chun a chinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí mara i gcomhréir leis na ceanglais (atá leagtha amach ag Soilse na hÉireann) maidir le cabhair loingseoireachta.
Caidreamh a thógáil i réimse na OCTanna Eorpacha agus na soláthraithe seirbhísí amach ón gcósta	Rannpháirtíocht le OCTanna eile: In 2026, leanfaidh EirGrid leis an teagmháil le OCTanna eile tríd an ngrúpa Comhoibriú OCT Amach ón gCósta (ar bhonn ráithiúil).	Rannpháirtíocht le OCTanna eile: Trí na rannpháirtíochtaí seo, is féidir le EirGrid saineolas a mhalartú chun tacú le cur chuige sruthlínithe agus nuálach maidir lenár ról i seachadadh amach ón gcósta. Cabhróidh na rannpháirtíochtaí seo linn tuiscint níos fearr a fháil ar shocruithe conarthacha agus ar fhorbairtí i gcórais oibríochta agus cothabhála ar fud na hEorpa.
Comhoibriú ar cheanglais oiliúna agus forbartha	Clár Oiliúna agus Forbartha: Sa bhliain 2026, beidh EirGrid i mbun oibre le Coláiste Muirí Náisiúnta na hÉireann chun comhoibriú ar riachtanais scileanna agus oiliúna do EirGrid agus muid ag bogadh isteach inár ról nua amach ón gcósta.	Clár Oiliúna agus Forbartha: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid tuiscint a fháil ar an mbealach is fearr is féidir linn ár lucht saothair a fhorbairt chomh maith lenár n-ábaltachtaí a fheabhsú chun a

		chinntiú gur féidir linn leanúint ag tabhairt tacaíochta do chuspóirí aeráide an Rialtais.
--	--	--

Slabhra soláthair, soláthar agus rannpháirtíocht sa mhargadh

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Rannpháirtíocht mhargaidh le margaí baile agus idirnáisiúnta araon chun speis a mhúscailt ó sholáthraithe agus ó chonraitheoirí sa Chlár Ullmhachta um Sholáthar	Rannpháirtíocht sa mhargadh: In 2026, beidh EirGrid rannpháirteach go réamhghníomhach i gcónaí trí imeachtaí ábhartha tionscail amhail: - Fóram Gaoithe Amach ón gcósta Fhiontraíocht Éireann. - Seónna Trádála ar Fhuinneamh Gaoithe. Foilseoidh EirGrid fógraí éagsúla freisin chuig an margadh, ina n-aithneofar cé na gníomhaíochtaí soláthair atá á bpleanáil agus na hamlínte atá i gceist. Eagróidh EirGrid imeachtaí éagsúla ‘bualadh leis an gceannaitheoir’ chun ailíniú leis an gClár Ullmhachta um Sholáthar, agus ag an am céanna féachfaidh siad le dul i dteagmháil leis na margaí Baile, Eorpacha agus Idirnáisiúnta.	Rannpháirtíocht sa mhargadh: Beidh na rannpháirtíochtaí tionscail agus margaidh seo rithábhachtach chun tacú le EirGrid chun ár spriocanna amach ón gcósta a chomhlíonadh. Tabharfaidh na rannpháirtíochtaí seo tuiscint níos fearr dúinn ar: - Dul chun cinn teicneolaíoch. - Éileamh agus treochtaí an mhargaidh. - Samhlacha costais agus conarthacha. Cabhróidh siad linn freisin a chinntiú go mbeidh iomaíocht láidir ann agus, nuair is cuí, an margadh soláthair intíre a fhorbairt agus a úsáid do thodhchaí na gaoithe amach ón gcósta.
Tús a chur le gníomhaíochtaí soláthair le haghaidh seirbhísí éagsúla Oibríochtaí, Cigireachta agus Cothabhála Gaoithe Amach ón gCósta	Gníomhaíochtaí soláthair: In 2026, beidh EirGrid ag gabháil do na nithe seo a leanas: - Seisiúin rannpháirtíochta spriocdhírthe duine le duine le soláthraithe. - Fóraim Fhiontraíocht Éireann agus Fuinneamh Gaoithe Éireann chun soláthraithe Áitiúla agus Eorpacha a mhealladh. - Imeachtaí chun bualadh leis an gceannaitheoir sula dtosaíonn an próiseas soláthair iomlán.	Gníomhaíochtaí soláthair: Tacóidh na rannpháirtíochtaí seo le forghníomhú tráthúil agus éifeachtach phlean soláthair OARP agus na ceanglais dámhachtana conarthaí gaolmhara idir 2026 agus 2029. Cinnteoidh siad freisin go mbeidh soláthraithe agus slabhra an tsoláthair (Áitiúil agus Eorpach) cáilithe go cuí rannpháirteach, ag díriú ar úsáid chuí acmhainní agus eagraíochtaí áitiúla trí shocruithe díreacha, fochonarthacha nó comhpháirtíochta.

Céim 1 Rannpháirtíocht an Ghrúpa Comhordaithe

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Leanúint ar aghaidh ag reáchtáil cúig ghrúpa oibre ar leithligh le Tionscadail Chéim 1 (Teicniúil, Dlíthiúil & rialáil, ullmhacht sócmhainní, comhlíonadh oibriúcháin OCT agus sláinte & sábháilteacht)	Grúpaí oibre tionscadail Chéim 1: Le linn 2026, leanfaidh EirGrid de chruinnithe comhchoiteanna, rialta a reáchtáil le tionscadail Chéim 1 chun dul chun cinn spriocanna inghnóthaithe de Chomhordú Chéim 1 (trasna grúpaí oibre) a rianú. Comhaontaíodh plean Comhordúcháin Chéim 1 i dteannta a chéile leis an tionscal. Mar fhreagra ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, chuir EirGrid dhá rannpháirtíocht bhreise rialta i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu monatóireacht a dhéanamh ar na tionscnaimh atá ar siúl sna cúig ghrúpa lárnacha seo. Leanfaidh na rannpháirtíochtaí seo ar aghaidh ar feadh 2026.	Grúpaí oibre tionscadail Chéim 1: Agus iad seo á ndéanamh againn, tá sé mar aidhm againn na ceanglais, na gníomhartha agus na garspriocanna go léir atá leagtha amach i bplean comhordúcháin chéim 1 a chomhlíonadh. Tacóimid freisin le dul chun cinn thionscadail Chéim 1 faoi gach ceann de cheannteidil na ngrúpaí oibre agus ag díriú ar chomhoibriú comhsheasmhach chomh maith le caidreamh níos láidre a thógáil. Cruthaíodh an dá rannpháirtíocht bhreise nua mar fhreagairt ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara. Trí na sraitheanna breise rannpháirtíochta seo, tá sé mar aidhm againn aon dúshláin a réiteach agus éifeachtúlacht a chinntiú ag an am céanna. Cuireann bainistíocht shinsearach EirGrid na rannpháirtíochtaí seo san áireamh go díreach.

Rannpháirtíochtaí tionscadail aonair atá beartaithe

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Dul i dteagmháil go comhoibriúch le Forbróirí Amach ón gCósta Chéim 1 trí bhealaí cumarsáide tionscadail atá beartaithe	Rannpháirtíocht Forbróirí Easchósta Céim 1: In 2026, áireofar leis an rannpháirtíocht: - Cruinnithe dul chun cinn déthaobhacha míosúla le forbróirí chéim 1 chun garspriocanna a athbhreithniú, rioscaí a shainaithint agus gníomhartha a rianú. - Ceardlanna tiomnaithe le forbróirí chéim 1 ar rioscaí, riachtanais agus riachtanais chomhtháthaithe a bhaineann go sonrach le tionscadal.	Rannpháirtíocht Forbróirí Easchósta Céim 1: Trí chomhoibriú dlúth, tráthúil agus rialta le forbróirí Chéim 1, táimid ag obair chun a chinntiú go ndéantar Bonneagar Amach ón gcósta Chéim 1 a dheardh agus a phleanáil sa chaoi is go mbeidh comhtháthú réidh agus comhlíontach ann le Córas Tarchurtha na hÉireann. Ach oibriú le chéile, cinntimid go mbaintear dea-chleachtas amach i ngach ceann dár spriocanna inghnóthaithe agus is é sin an fáth gur cuid chomh mór dár gcuid oibre cumarsáid rialta agus thráthúil. Mar thoradh air sin,

	• Comhoibriú le forbróirí Chéim 1 trí úsáid a bhaint as Córas Comhtháite Bainistíochta Doiciméad (IDMS) chun gníomhaíochtaí díchill chuí OCT a dhéanamh. • Freagraí rialta agus tráthúla ar iarratais ar fhaisnéis chun tacú le tuiscint chomhroinnte agus chun ceisteanna casta a réiteach. • Forbairt ar phointí teagmhála le haghaidh rannpháirtíochta le EirGrid i réimsí tionscadail shonracha amhail Riarachán Conarthaí, Dearadh Sócmhainní, Comhtháthú Eangaí, Bainistíocht Sócmhainní, Fáil Sócmhainní agus Dearadh Líonra.	baintear amach ailíniú comhsheasmhach maidir le stádas an chláir agus sainaithnítear rioscaí seachadta go luath trí idirphlé oscailte. Tugaimid saineolaithe teicniúla le chéile ionas go mbeidh teachtaireachtaí cruinn agus díreach araon, rud a fhágann go réiteofar fadhbanna teicniúla go tapa. Tugann an IDMS sreabhadh faisnéise feabhsaithe, laghdaítear dubláil agus tá taifid agus sonraí ardchaighdeán ar fáil le haghaidh cinnteoireachta. Cuidíonn sé seo, i dteannta le rannpháirtíochtaí rialta agus leanúnacha, lena chinntiú go bhfuil dearaí tionscadail i gcomhréir le Sonraíochtaí Feidhmiúla EirGrid agus gur féidir leanúint orthu seo a chomhlíonadh le linn chéim an deartha mhionsonraithe. Ar deireadh, is gné thábhachtach de na rannpháirtíochtaí seo monatóireacht a dhéanamh ar réamhaisnéisí agus ar thorthaí an Chláir Nasctha Eangaí mar go gcabhraíonn sé seo linn rioscaí nó bacainní ar spriocanna an Rialtais a aithint.
--	--	---

Céim 2

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Suirbhé a dhéanamh ar cheantar Tonn Nua mar atá leagtha amach in SC-DMAP an DCEE chomh maith le conairí cábla agus pointí tuirlingthe féideartha	Oibreacha suirbhéireachta muirí: Sa bhliain 2026, rachaidh EirGrid i dteagmháil le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara muirí maidir le hoibreacha suirbhéireachta pleanáilte chun iad a chur ar an eolas faoi fhorbairtí tionscadail, dátaí agus aon athruithe. Beidh an Grúpa Oibre Bia Mara mar aon le húdarais áitiúla agus údarais phleanála cósta san áireamh sa rannpháirtíocht freisin.	Oibreacha suirbhéireachta muirí: Trí rannpháirtíocht rialta le páirtithe leasmhara tábhachtacha pobail agus muirí, tá sé mar aidhm ag EirGrid a chinntiú go gcoimeádtar gach duine a bhféadfadh tionchar a bheith orthu ag na suirbhéanna muirí ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí agus go mbeidh an deis acu ceisteanna a chur chomh maith le haon imní a ardú.

Rannpháirtíocht forbróirí i ndiaidh Ceant Gaoithe Amach ón gCósta Tonn Nua ag STILAC	Tonn Nua STILAC: In 2026, cuirfidh EirGrid tús lenár gcomhoibriú leis na forbróirí rathúla. Beidh cruinnithe dul chun cinn míosúla agus rannpháirtíochtaí ad hoc eile ann de réir mar is gá.	Tonn Nua STILAC: Leis na rannpháirtíochtaí seo, beifear in ann faisnéis ábhartha (Sceideal, Teicniúil agus eile) a mhalartú leis an bhforbróir rathúil, chomh maith le tacú le hailíniú agus dul chun cinn an tionscadail.
Teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí reachtúla eile	Teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla: In 2026, leanfaidh EirGrid ag plé le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí reachtúla eile de réir mar is gá chun tacú leis an bpróiseas forbartha tionscadail amach ón gcósta.	Teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla: Tá comhar ríthábhachtach chun seachadadh rianúil bonneagair amach ón gcósta a chinntiú. Mar chuid den fhócas sin, Cuirfidh EirGrid nuashonruithe soiléire agus tráthúla ar fáil do ghníomhaireachtaí ábhartha agus cloífidh sé leis na ceanglais cheadúnúcháin go léir.
Freastal ar chomhdhálacha dírithe ar an tionscal	Comhdhálacha dírithe ar an tionscal: In 2026, beidh EirGrid ag freastal ar chomhdhálacha tábhachtacha atá dírithe ar an tionscal ar fud na hEorpa, lena n-áirítear príomhimeachtaí tionscail amhail Wind Europe.	Comhdhálacha dírithe ar an tionscal: Trí fhreastal ar na comhdhálacha seo, tabharfar deiseanna ríthábhachtacha do EirGrid bualadh le soláthraithe chomh maith le OTCanna eile, ionas gur féidir linn an t-eolas is déanaí a chur ar fáil maidir lenár bpleananna amach ón gcósta agus dul i gcomhar leis an margadh. Beimid ag obair freisin le comhlachtaí rialtais agus trádála chun tacú le huaillmhianta eischósta na hÉireann.
Freastal ar imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann	Imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann: Freastalóidh EirGrid ar imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann i rith 2026.	Imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann: I gcomhréir lenár bhfreastal ar chomhdhálacha, tabharfaidh imeachtaí trádála Fhuinneamh Gaoithe na hÉireann deis dúinn bualadh le soláthraithe agus dul i gcomhar leis an margadh, chun tacú lenár ról maidir le bonneagar giniúna leictreachais a nascadh.

Meithleacha eile

Spríocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
--------------------	---	----------------------------

Dul i gcomhar le ENTSO-E i ndáil le hábhair eischósta	Rannpháirtíocht leis an ENTSO-E: Tá sé mar aidhm ag rannpháirtíocht pleanáilte EirGrid laistigh de ENTSO-E le haghaidh 2026 ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh ar tháirgeadh an Phlean Forbartha Gréasáin Deich mBlíana (PFGDB) agus an Plean Forbartha Líonra Amach ón gCósta (PFLAC) mar a shainordaítear faoi reachtaíocht an AE. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm againn aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá roimh earnáil fuinnimh na hEorpa. Tá siad seo a leanas i measc na bpríomhshruthanna oibre atá sceidealta cheana féin le haghaidh 2026: • Bailchríoch a chur ar na PFLACanna lena sainaithnítear na conairí bonneagair amach ón gcósta a theastaíonn chun spriocanna neamhcheangailteacha Eorpacha maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a bhaint amach. • Na PFGDBanna, ar doiciméid phleanála straitéisí iad lena dtugtar aghaidh ar fhorbairt níos leithne an ghréasáin tarchurtha Eorpaigh sna deich mbliana amach romhainn, a thabhairt chun críche. • Agus muid ag tacú le seachadadh PFGDP, tá sé i gceist againn páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre chun modheolaíochtaí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar leithdháileadh cothrom costais agus sochair idir na Ballstáit. • Agus muid ag tacú le seachadadh PFGDB, glacfaimid páirt sna grúpaí oibre atá dírithe ar mhúnla PFGDB 2026 a fhorbairt agus a shamhaltú chun tacú leis an bpleanáil. • Pleananna infheistíochta réigiúnacha a fhorbairt i dteannta a chéile chun cur in úsáid an bhonneagair a bhaineann leis na ONDPanna a éascú.	Rannpháirtíocht leis an ENTSO-E: Le rannpháirtíocht leanúnach EirGrid trí ENTSO-E, cinntítear go gcuirtear fuinneamh in-athnuaite agus cumais ghiniúna na hÉireann amach ón gcósta san áireamh agus acmhainní Eorpacha á gcinneadh agus go gcuidítear le spriocanna Eorpacha sa deireadh. Le PFGDB 2026, soláthrófar forbhreathnú straitéiseach ar fhorbairt riachtanach an ghréasáin tarchurtha Eorpaigh do na deich mbliana amach romhainn agus cinntítear lenár gcuimsiú i gcruithú an phlean go gcuirtear ár riachtanais san áireamh agus go bhfuil tionscadail suite le haghaidh stádas tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa a bhaint amach, Tá PFLAC 2026 beartaithe mar chuid de PFGDB chun an bonneagar amach ón gcósta a aithint, ar bonneagar é atá ag teastáil chun na spriocanna Uile-Eorpacha neamhcheangailteacha maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a sheachadadh. Trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt PFLAC, cinntíonn EirGrid go bhfuil ár n-uailmhianta gaoithe amach ón gcósta comhtháite le pleanáil níos leithne an Aontais maidir le conairí amach ón gcósta agus roghanna idirnascaire hibrídeacha.
---	---	---

Meithleacha Comhoibrithe OCT amach ón gcósta	Rannpháirtíocht leis an OCT Amach ón gCósta: Tá sainordú ag an gComhlachas Comhlachas Comhoibrithe OCT amach ón gcósta um Muir Thuaidh d'Oibreoirí Córais Tarchurtha na Mara Thuaidh faoi Chomhar Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC) comhordú a dhéanamh ar fhorbairt agus comhtháthú an bhonneagair leictreachais amach ón gcósta inár n-imchuach farraige comhchoiteann. Tá an fócas le haghaidh 2026 á bhreithniú faoi láthair, ach tá sé beartaithe go n-áireofar na nithe seo a leanas ar a laghad: • Páipéar Saineolaithe IV. • Léarscáil Eangaí V2 agus forbairt tionscnamh pleanála réigiúnach. • Struchtúir mhaoinithe agus comhroinnt na gcostas a fhorbairt chun forbairt chothrom amach ón gcósta a éascú.	Rannpháirtíocht leis an OCT Amach ón gCósta: Trí chuimsiú leanúnach laistigh den ghrúpa seo, baineann EirGrid leas as fóram comhroinnte eolais, lena gcinntítear go bhfuil acmhainní Éireannacha amach ón gcósta mar chuid lárnach de spriocanna an ghrúpa. Ina theannta sin, neartaíonn obair Léarscáile Eangaí an comhar idir OCTanna Eorpacha (lena n-áirítear An Bhreatain Mhór) chun réitigh tarchurtha amach ón gcósta atá éifeachtach ó thaobh costais de a chomhordú agus a shainithint. In 2026 foilseoidh an grúpa a Pháipéar Saineolaithe IV a dhíreoidh ar roghanna comhroinnte costas, maoinithe agus cistiúcháin do thionscnaimh phleanála réigiúnacha. Mar gheall ar ár rannchuidiú leis sin, neartaítear tionchar na hÉireann maidir le beartas ábhartha a fhorbairt.
Obair dhéthaobhach le OCTanna eile	• Rannpháirtíocht bhreise Eorpach: Tá aird le haghaidh 2026 fós á forbairt, ach tar éis na sruthanna oibre atá oscailte faoi láthair, áireofar leis measúnú déthaobhach leanúnach ar dheiseanna le haghaidh idirnascadh amach anseo, agus béim á leagan ar réitigh hibrídeacha a d'fhéadfadh feabhas a chur ar chomhtháthú na hÉireann le margai comharsanacha.	Rannpháirtíocht bhreise Eorpach: Sainithnítear san obair seo tionscadail fhéideartha lena gcuirfí bealaí chun an mhargaidh ar fáil do ghaoth amach ón gcósta in Éirinn agus slándáil mhéadaithe an tsoláthair do chóras leictreachais na hÉireann.
Rannpháirtíocht le DCEE maidir le Forbairt Beartais Tarchurtha Amach ón gCósta	Ag tacú le beartas an Rialtais: Leanann DCEE dá Straitéis Tarchurtha Amach ón gCósta a fhorbairt. Agus comhairliúchán tionscail níos leithne beartaithe do dheireadh 2025, táthar ag súil go gcuirfear an Straitéis Tarchurtha Amach ón gCósta i gcrích agus go bhfoilseofar í in 2026. Leanfaidh EirGrid de thacaíocht a thabhairt do DCEE le forbairt na Straitéise Tarchurtha Amach ón gCósta.	Ag tacú le beartas an Rialtais: Socraítear sa Straitéis Tarchurtha Amach ón gCósta an treo do thionscadail idirnáisc trasteorann breise agus an creat maidir leis an gcaoi a gcuirtear na tionscadail seo ar aghaidh. Féachann ionchur EirGrid lena chinntiú go bhfuil forbairt tarchurtha amach ón gcósta in Éirinn i gcoitinne, agus na tionscadail aonair atá san fhorbairt sin i gcomhréir le

		riachtanais tarchurtha ar tír agus le forbairt tarchurtha níos leithne na hEorpa.
--	--	---

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár gcaidreamh le páirtithe leasmhara i gCéim 1 amach ón gcósta, déan teagmháil linn trín [ár leathanach teagmhála anseo](#) (Cuir ‘Céim 1 Amach ón gcósta’ san ábhar). Le haghaidh faisnéise faoin gcaidreamh amach ón gcósta i gCéim 2, seol ríomhphost chuig southcoastoffshore@eirgrid.ie

Ár gcomhpháirtíocht le hÚinéir na Sócmhainní Tarchurtha (ÚST)

Léargas ginearálta

Tá ról agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir ag EirGrid agus líonraí BSL maidir leis an líonra tarchurtha, mar atá leagtha amach i gComhaontú Bonneagair.

Tá EirGrid, ina ról mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT), freagrach as cothabháil agus forbairt a oibriú agus a chinntiú maidir le córas tarchurtha leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa, anois agus amach anseo. Chun é sin a bhaint amach, leanann EirGrid ar aghaidh ag forbairt, ag bainistiú agus ag oibriú na heangaí tarchurtha leictreachais. Ina theannta sin, tá sainordú ag EirGrid anois eangach amach ón gcósta na hÉireann a oibriú, a fhorbairt agus úinéireacht a bheith aici uirthi.

Is é BSL Úinéir na Sócmhainne Tarchurtha (ÚST) agus déanann a aonad gnó Líonraí BSL na feidhmeanna ceadúnaithe ÚST ar talamh. Tá Líonraí BSL freagrach as dearadh mionsonraithe, tógáil agus cothabháil an ghréasáin tarchurtha ar tír a sheachadadh, mar atá aitheanta ag EirGrid.

Oibrímid go dlúth le cinntiú go gcuirtear gach céim in oibriú, i bhforbairt agus i dtógáil bonneagair eangaí i gcrích ar an mbealach is sábháilte, is sláine, is éifeachtúla agus is cost-éifeachtúla agus is féidir. Táimid i gcónaí ag obair chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar idir EirGrid agus líonraí BSL ar mhaithe lenár gcustaiméirí go léir.

Straitéis

I measc na bpríomhbhealaí rannpháirtíochta idir EirGrid agus líonraí BSL i réimse Sheachadadh an Bhonneagair Eangaí tá comhchoistí, foirne atá ailínithe go dlúth, sainghrúpaí oibre agus spásanna oibre digiteacha chun cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla a chur i gcrích, amhail an Phunann Seachadta Líonra (NDP) an Clár Sáraithe Tarchurtha (TOP) agus an Clár Comhpháirteach um Chlaohlú Éartha Seirbhíse (JOTP)

An Phunann Seachadta Gréasáin(NDP)

Faoi láthair, soláthraíonn an NDP léargas cláir cothrom le dáta do pháirtithe leasmhara agus don tionscal ar na tionscadail chaipitil tarchurtha leanúnacha agus ar na tionscadail chaipitil tarchurtha píblíne a théann thar an tréimhse 2023-2030. Soláthraíonn an NDP nuashonrú stádais ráithiúil ar na 3 príomh-gharspíoc d'Fhaomhadh Caipitil EirGrid, Comhaontú Tionscadail le líonraí BSL agus fuinnmhiú do na tionscadail seo. Agus muid ag druidim leis an gcéad tréimhse Athbhreithnithe Praghsanna eile, AP6, tiocfaidh forbairt ar an NDP agus beidh sé cosúil le clár tarchurtha comhtháite níos leithne. Tá an OCT agus an ÚST i mbun plé faoi láthair leis an CRU chun an clár oibre seo a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar thuairisciú agus ar chomhoibriú digiteach.

Clár Éartha Tarchuir (TOP)

Is príomhchumasóir é bainistíocht éaradh rathúil chun bonneagar tarchurtha a sheachadadh ar luas agus is saincheist rithabhachtach é chun Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) Rialtas na hÉireann a sheachadadh, chun oibriú ag suas le 80% d'fhuinneamh in-athnuaite, de réir spriocanna an Rialtais.

Is clár comhpháirteach é an Clár Éartha Tarchuir dir EirGrid agus líonraí BSL maidir le gach briseadh sa bhonneagar tarchurtha atá beartaithe don bhliain atá le teacht. Is é sprioc ár gclár pleanála éaradh ná an méid oibre caipitil agus cothabhála is féidir a bhaint amach laistigh de bhliain ar leith a uasmhéadú agus a chinntiú ag an am céanna go n-oibrítear an córas tarchurtha go heacnamaíoch agus laistigh de chaighdeáin slándála oibríochtúla. Áirithíonn sé rannpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach na bpáirtithe leasmhara maidir le JOTP, ar príomhchumasóir seachadta é do Thionscadail agus Torthaí Tarchurtha

Le linn thréimhse AP5, rinneadh clár TOP a thomhas go bliantúil trí mhéadracht TOP i ndreasacht pleanála agus seachadta infheistíochta OCT. De réir mar a aistrimid ón thréimhse AP5 go dtí an thréimhse AP6, bogfaidh an mhéadracht TOP ó mhéadracht OCT amháin go comhdhreasacht OCT / ÚST le fócas ar fhorbairt agus seachadadh comhpháirteach an chláir bhliantúil

Clár Comhpháirteach um Chlaohlú Éartha Seirbhíse (JOTP)

Is saincheist rithábachtach í an bhainistíocht ar éaradh chun Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide (CAP) de chuid rialtas na hÉireann a chur i gcrích. Is réimse é freisin atá an-dúshlánach ar chúiseanna éagsúla amhail scála agus luas eisceachtúil an athraithe is gá chun bonneagar nua a sholáthar.

Tá EirGrid agus ESB Networks ag obair go dlúth air seo mar thosaíocht. Tá ár [gClár Comhpháirteach um Chlaohlú Éartha Seirbhíse \(JOTP\)](#) faoi lán seoil agus tá dea-thionchair á mbaint amach aige. Is éard atá sa JOTP 7 sruth oibre le 18 idirghabháil chun infhaighteacht éaradh a mhéadú, úsáid agus éifeachtacht éaradh a uasmhéadú. Déanfar na hidirghabhálacha sin a fhorbairt agus a úsáid mar ghnáthphróisis ghnó (BAU) chun bainistiú éaradh a bharrfheabhsú. Bhí stiúrthóirí comhpháirteacha TSO agus ÚST freagrach as gach sruth oibre agus comhoibríonn siad ar gach sruth oibre. Tá sé mar aidhm ag JOTP infhaighteacht bhreise éaradh a sholáthar agus úsáid éaradh a thógtar ar an gcóras a mhéadú.

Plean Dreasahta Comhpháirteach Ilbhliana OCT/ÚST

Le linn AP5, tá Comhphleananna Dreasahta Ilbhliana AP5 forbartha ag EirGrid agus líonraí BSL de réir mar is gá de réir CRU/20/154. D'fhoilsigh OCT/ÚST Pleananna Ilbhliantúla Dreasahta Comhpháirteacha roimhe seo le haghaidh na dtréimhsí 2021, 2022-2026, 2023-2027, 2024-2028 agus 2025-2029. Is é is aidhm do dhreasacht chomhpháirteach OCT/ÚST éifeachtúlachtaí a chur chun cinn trí chomhar agus nuálaíocht fheabhsaithe maidir le feabhsuithe ar an ngréasán tarchurtha a chur i gcrích. Feabhsaíodh dreasahtaí comhpháirteacha OCT/ÚST a thuilleadh le haghaidh AP6 trí Dhreasacht Seachadta TOP nua a chur leis agus trí mhéadracht forbartha comhthionscadail a chur san áireamh le haghaidh OCT agus ÚST. Comhaontófar na sonraí in R4 2025 mar chuid de Chinneadh Críochnaitheach AP6 CRU.

Tá obair ar siúl idir EirGrid agus líonraí BSL chun comhdhreasachtaí OCT/ÚST le haghaidh AP6 a shainiú i dteannta a chéile agus beidh tuilleadh comhoibrithe tábhachtach in 2026 chun torthaí láidre comhpháirteacha feidhmíochta dreasahta a sholáthar ar bhonn bliantúil.

Meithleacha / Fóraim

Comhchoistí ÚST/OCT

Tá roinnt Comhchoistí ÚST/OCT i bhfeidhm atá leagtha amach thíos. Soláthraíonn na coistí seo bealaí rialta Comhrialachais, rannpháirtíochta agus comhoibrithe maidir le saincheisteanna forbartha agus seachadta tionscadal agus clár

Comhchoistí ÚST/OCT							
Coiste	An Coiste Seirbhísí Oibriúcháin	An Coiste Seachadta Gréasáin	An Coiste um Beartas agus Caighdeáin Chothabhála	An Coiste um Straitéis Soláthair	An Coiste OCT-OCD	An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta	An Coiste um Rannpháirtíocht Sheachtrach

An Chairt um Bonneagar a Sholáthar

Cheadaigh ceannaireacht shinsearach EirGrid agus líonraí BSL an Chairt um Sheachadadh Bonneagair i mí Eanáir 2021. Leagtar amach sa Chairt seo na prionsabail trína mbíonn an dá eagraíocht i dteagmháil lena chéile agus leagtar béim inti ar thiomantas comhroinnte maidir le bheith ag obair i gcomhar le comhar feabhsaithe. Chun tacú le cur chun feidhme na Cairte, bunaíodh Coiste Seachadta Greasáin (NDC) agus Comhoifig Bainistíochta Tionscadail (JPMO) athbhunaithe.

An Coiste Seachadta Greasáin (NDC)

Soláthraíonn An Coiste Seachadta Greasáin (NDC) maoirseacht agus rialachas comhpháirteach bainistíochta straitéisí do sheachadadh agus d'fheabhsuithe tionscadail ó cheann go ceann. Bealach rannpháirtíochta agus comhair chomhpháirtigh rialta a sholáthar chun a áirithiú go bhfuil soláthar an tionscadail ag feidhmiú go héifeachtach agus, i gcás inar gá, go bhfuil tionchar aige ar threo straitéiseach agus go gcuireann sé chun feidhme é ar leibhéal an Chláir.

Oifig Chomhpháirteach um Bainistíocht an Chláir

Is é príomhchuspóir JPMO feabhas a chur ar sheachadadh AP6 ó cheann go ceann, dlús a chur le seachadadh chlár 2030 agus a áirithiú go ndéanfar na príomh-gharspriocanna uile ó Chlár Tásach EirGrid go dtí fuinnmhiú tionscadail a sheachadadh go tráthúil. Is gnéithe tábhachtacha de chomhar agus de chomhoibriú OCT/ÚST iad Oifig Chomhpháirteach um Bainistíocht an Chláir (JPMO) agus próisis chomhaontaithe eile a oibriú chun feabhsuithe a shainaithint agus a chur chun feidhme a chuidíonn le seachadadh tionscadal a fheabhsú agus a mhéadú.

Cur chun feidhme

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
An Phunann Seachadta Greasáin	Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara: Foilseofar nuashonruithe ráithiúla ar an rannóg Custaiméirí agus Tionscail de shuíomh gréasáin EirGrid i gcomhréir le ceanglais AP6. An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) Tuarascáil bhliantúil, (CAP) a cuireadh faoi bhráid DCEE, ina leagtar amach na tionscadail forbartha eangaí ar tír mór atá le soláthar an bhliain seo chugainn.	Cinntíonn sé trédhearcacht lenár bpáirtithe leasmhara trí nuashonrú stádais rialta a sholáthar ar phríomh-gharspriocanna Cheadú Caipitil EirGrid, Comhaontú Tionscadail le líonraí BSL agus Fuinnmhiú do na tionscadail seo. Bíonn foirne EirGrid i dteagmháil go rialta le foirne in líonraí BSL chun a chinntiú go ndéantar tionscadail a fhorbairt, a scoipiú, a dhearadh agus a thógáil go tráthúil.
Clár Éartha Tarchuir (TOP)	Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara: Foilsítear nuashonruithe bliantúla ar an rannán Custaiméirí agus Tionscail ar shuíomh gréasáin EirGrid ² .	Soláthraíonn cainéal chun cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir, ag soláthar clár trédhearcach d'oibreacha éaradh don bhliain atá le teacht.

² [Éarthaí Seirbhíse](#) | [Eolas do Chustaiméirí](#) | [EirGrid](#)

	Rannpháirtíocht leis an ÚST/OCT: Comhoibriú leanúnach chun clár comhpháirteach TAO/ÚST a fhorbairt le haghaidh gach éradh bonneagair tarchurtha atá beartaithe don bhliain atá le teacht.	Cinntíonn sé rannpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara, rud a ardaíonn feasacht ar ár gclár éradh seirbhíse pleanáilte don bhliain atá le teacht,
Clár Comhpháirteach um Chlaohlú Éartha Seirbhíse (JOTP):	Rannpháirtíochtaí leis an ÚST/OCT: - Tá socruithe foirmiúla rialachais i bhfeidhm maidir leis an gClár Comhpháirteach um Chlaohlú Éartha Seirbhíse (JOTP) agus bíonn ionadaithe ó OCT agus ÚST ag gabháil go rialta do thimthrialta seachtainiúla, míosúla, ráithiúla, leathbhliantúla agus bliantúla. Áirítear ar na fóraim rialachais sin maoirseacht ar an leibhéal feidhmiúcháin, Grúpa Stiúrtha agus grúpaí ar leibhéal an tsrutha oibre. - Rannpháirtíocht chomhpháirteach OCT/ÚST ar bhonn laethúil ar fud JOTP. - Cumarsáid agus rannpháirtíochtaí leanúnacha le páirtithe leasmhara maidir le gach gné den phlean agus tacaíocht a lorg go gníomhach maidir le hacmhainní a chur ar fáil agus na bearta uile a chur chun feidhme. Sruth Oibre Seachadta Tionscadail Dírítear ar chleachtais oibre a fheabhsú agus ar uaireanta oibre agus cur in úsáid acmhainní a bharrfheabhsú ar feadh shaolré an tionscadail chun deiseanna suntasacha a chur ar fáil chun seachadadh oibre a uasmhéadú laistigh den fhuinneog éradh nó de na fuinneoga éradh atá ar fáil. Sruth Oibre an Chórais Tharchurtha Oibriú ar fud TAO/ÚST chun cur chuige rioscabhunaithe athbheithnithe a ghlacadh maidir le staidéir chórais agus oibriú an chórais cumhachta nuair a bheartaítear iarrataí ar éradh ciorcaid agus le linn na dtréimhsí éradh.	Le Rannpháirtíochtaí Srutha Oibre JOTP, soláthrófar aidhmeanna agus cuspóirí JOTP le haghaidh 2026 a ndéanfar iad a rianú agus a thuairisciú mar chuid de Phlean Ilbhliana Comhpháirteach Dreasachta OCT/ÚST 2026 agus den Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht. Áirithíonn sé rannpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach na bpáirtithe leasmhara maidir le JOTP, ar príomhchumasóir seachadta é do Thionscadail agus Torthaí Tarchurtha Cinntíonn sé trédhearcacht lenár bpáirtithe leasmhara trí nuashonruithe stádais rialta a sholáthar maidir le dul chun cinn JOTP.

	Suth Oibre an Chláir Tá siad ag obair chun clár lán-chomhtháite (OCT ÚST) a chur chun feidhme go dtí 2030 lena soláthraítear soiléireacht agus trédhearcacht maidir leis an gclár, ar féidir le OCT agus ÚST acmhainní iomchuí a chur ar fáil dó, agus a bhainistiú ó thaobh buiséid, riosca agus sceidil de. Suth Oibre Rialála Tá scrúdú á dhéanamh ag an ngrúpa seo ar na creataí dreasachta atá ann cheana maidir le seachadadh bonneagair agus éaradh agus tá socruithe dreasachta athbhreithnithe á moladh aige chun feabhas a chur ar ailíniú OCT agus ÚST agus chun torthaí comhoibrithe agus feidhmíochta a spreagadh. Sruth Oibre Beartais Tá siad ag iarraidh laghdú a dhéanamh ar na héilimh ar éaradh a chuireann cothabháil chláraithe i láthair trí aistriú de réir a chéile ó shamhail seachadta cothabhála ambhunaithe go samhail rioscabhunaithe. Suth Oibre Faisnéise agus Teicneolaíochta Tá sé ag obair chun claochlú digiteach a chur ar fáil chun cinntí bunaithe ar éaradh agus comhchinntí sonraíbhunaithe a bhaint amach agus a uasmhéadú a chuimsíonn gníomhaíochtaí réamhtheachtacha EirGrid go dtí na gníomhaíochtaí iartheachtach atá á mbainistiú ag líonraí BSL.	
	Sruth Oibre Custaiméirí agus Tionscail Cuireann OCT/ÚSTgealltanais shonracha JOTP ar fáil freisin i rith na bliana le roinnt grúpaí brústocaireachta lena n-áirítear: • Comhairle Chomhairleach ‘Ár dToghchaí Leictreachais a Mhúnlú’ (CC SOEF)	Soláthraíonn Grúpa Oibre Custaiméirí agus Tionscail JOTP cainéal chun feasacht custaiméirí a ardú, cáilíocht na dtógálacha inchoimhlinte a fheabhsú, agus úinéireacht an chláir ag na páirtithe leasmhara go léir a chinntiú.

	• Fuinneamh Gaoithe na hÉireann (WEI) • Cumann Grianfhuinnimh na hÉireann (ISEA) • WEI & ISEA le chéile	Mar chuid den sruth oibre sin in 2026, tá roinnt ceardlann beartaithe chun rannpháirtíocht leis an tionscal a fheabhsú. Beidh sé i gceist ag na ceardlanna seo feabhsuithe ar sheachadadh tionscadail a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm nuair is féidir trí chomhoibriú idir EirGrid, ESB Networks agus lucht tionscail. Le haghaidh 2026 tá roinnt tionscnamh nua á bpleanáil chun ceachtanna a foghlaimíodh agus lámhleabhair phróisis a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi na ceanglais maidir le tionscadail a sholáthar go rathúil.
	An Coimisiún um Rialáil Fónais (CRU) Cuirtear nuashonruithe ar phróiseas an chláir faoi bhráid CRU ar bhonn débhlantúil agus bliantúil. I gcás AP6, cuirfimid tuairisciú ráithiúil ar fáil don CRU maidir le dul chun cinn na dtionscadal straitéiseach laistigh den phunann An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) Cuirtear nuashonruithe ar phróiseas an chláir faoi bhráid DCEE ar bhonn ráithiúil agus débhlantúil.	Cinntíonn cumarsáid rialta le CRU agus DCEE go soláthraítear dreasachtaí comhpháirteacha OCT/ÚST in AP6 chun ár gclár uailmhianach maidir le seachadadh agus claochlú eangaí a sheachadadh, lena n-áirítear naisc nua agus bainistíocht sócmhainní.
Comhdhreasachtaí OCT agus ÚST	Forbróidh OCT agus ÚST Pleananna Ilbhliantúla comhpháirteacha do CRU, ag díriú ar spriocanna seachadta tionscadail líonra i gceithre réimse ar leith: • Teicneolaíocht Nua a Fheidhmiú • Malartú Sonraí Sócmhainní agus Clár. • Áirítear an méid seo a leanas ar na fóraim chomhpháirteacha maidir le Feabhsuithe ar an bPróiseas agus rannpháirtíocht: Clár um Chlaochlú Éartha	Táthar ag súil go bhfanfaidh na dreasachtaí sin i bhfeidhm in 2026 mar chuid de ap6 agus go gcomhaontófar iad in R4 2025. Is é an fócas do AP6 ná feabhas a chur ar na dreasachtaí comhpháirteacha d'Fhorbairt Tionscadail agus do Chomhbhainistiú Éartha seirbhíse.

	Méadracht nua Forbartha Tionscadail a fhorbróidh agus a chuirfidh OCT agus ÚST chun feidhme	
Comhoibriú Digiteach	Rannpháirtíochtaí leis an ÚST/OCT: Tá an ÚST/OCT tiomanta do shocruithe comhoibrithe a bharrfheabhsú maidir le malartú digiteach faisnéise chun tacú le hinfheistíocht sa líonra tarchurtha in AP6.	Cumasaíonn sé comhroinnt eolais mhéadaithe a chabhraíonn le tionscadail agus cláir a sheachadadh, rud a chuireann dlús lenár gcumas bonneagar a sheachadadh go tapa. Dul chun cinn i dtreo comhthionscadal malartaithe faisnéise digití atá comhordaithe go hiomlán, lena mbaintear amach Malartú Sonraí Sócmhainní agus Clár. Cumas méadaithe chun ailíniú le spriocanna na bpáirtithe leasmhara a áirithiú, rud a mhéadóidh muinín na bpáirtithe leasmhara.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht le Líonraí BSL, déan teagmháil linn trín [ár leathanach teagmhála anseo](#) (agus ‘rannpháirtíocht le Líonraí BSL’ san ábhar).

Ár gcomhpháirtíocht leis an Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD)

Léargas ginearálta

Tá an ceadúnas ag Líonraí BSL mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin Leictreachais in Éirinn. Chun an t-aistriú fuinnimh a bhainistiú go héifeachtach, teastaíonn caidreamh leanúnach agus éifeachtach ó EirGrid ón OCD, inár ról mar Oibreoir Córais Tarchurtha (OCT).

Déantar ár gcomhoibriú le Líonraí BSL le haghaidh 2025 go 2029 a mhionsonrú i [bPlean Ilbhliantúil OCD-OCT 2025- 2029](#). Tugtar mionsonraí sa phlean ilbhliantúil seo ar na príomhchúraimí agus garspriocanna a mbeidh an dá oibreoir córais ag obair ina dtreo.

Chomh maith leis sin, faoin bplean seo, tá EirGrid agus Líonraí BSL ag obair le chéile chun dul chun cinn breise a dhéanamh ar an tSamhail Oibriúcháin OCT/OCD amach anseo. Tá sé mar aidhm ag an tSamhail Oibriúcháin seo bainistíocht níos fearr ar an gcóras agus comhordú feabhsaithe idir oibreoirí an chórais a chumasú. Tá an bhainistíocht agus an comhordú feabhsaithe seo rithabhachtach chun cuspóirí aeráide an Rialtais a bhaint amach.

Straitéis

An Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais

Bhunaigh OCT agus OCD an Clár Comhpháirteach um Oibreoirí Córais (JSOP) in 2021 chun a chinntiú go bhfuil na hoibreoirí córais ag obair le chéile ar bhealach comhoibriúch agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chórais go comhpháirteach agus réitigh chórais iomlána a sholáthar. Tá struchtúr láidir rialachais ag an gclár chun rannpháirtíocht leanúnach idir oibreoirí an chórais a chinntiú. Áirítear leis seo cruinnithe bainistíochta tionscadail seachtainiúla, chomh maith le cruinnithe bainistíochta míosúla agus cruinnithe feidhmiúcháin ráithiúla, chomh maith le socruithe ad-hoc, de réir mar is gá.

Meitheal Samhail Oibriúcháin OCT-OCD

D'fhoilligh dul chun cinn a dhéanamh ar Shamhail Oibriúcháin OCT-OCD, leanfaidh ionadaithe ag bualadh le chéile go rialta trí Mheitheal Samhail Oibriúcháin OCT-OCD. Is é aidhm an ghrúpa seo croí ghníomhaíochtaí dearaidh samhail oibriúcháin a chur chun cinn agus na forbairtí riachtanacha a dhearadh lena gcur i bhfeidhm.

Comhairle Chomhairleach SOEF

Tá ionadaíocht ag OCD ar Chomhairle Chomhairleach Ár dToghcháin Leictreachais a Mhúnlú (SOEF) agus mar an gcéanna tá ionadaíocht ag EirGrid ar Chomhairle Chomhairleach Margaí Dáileacháin agus Oibriú Córais (DMSO) de chuid Líonraí BSL.

Cruinniú ráithiúil feidhmiúcháin

Leis na cruinnithe ráithiúla feidhmiúcháin seo, ligtear dúinn ailíniú leanúnach a dhéanamh le Líonraí BSL mar OCD thar roinnt cuspóirí straitéiseacha. Le chéile, baineann OCT agus OCD úsáid as na cruinnithe seo chun nuashonruithe a roinnt agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha.

Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála

In EirGrid, déanaimid clár ilbhliantúil ullmhachta riosca agus pleanála éigeandála a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, ag obair go dlúth lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, is iad sin DCEE, CRU, gníomhaireachtaí na hEarnála Fuinnimh (Líonraí Gáis Éireann, ESBN, agus an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta), an Oifig um Pleanáil Éigeandála, custaiméirí, rannpháirtithe sa mhargadh, agus Ranna Earnála an Rialtais.

(Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi seo, féach ar ár gcaibidil maidir le slándáil an tsoláthair.)

Cruinniú de Phainéal Oibríochtaí an Chomhaontaithe Bonneagair

Oibríonn EirGrid agus Líonraí BSL i gcomhar go rialta trí Chruinnithe de Phainéal Oibríochtaí an Chomhaontaithe Bonneagair chun gnéithe oibríochtúla de na córais tarchurtha agus dáileacháin a chomhordú, lena n-áirítear éarthaí seirbhíse, pleanáil éigeandála, nósanna imeachta agus roinnt tionscnamh eile.

Tá na gealltanais thuas sa bhreis ar na rannpháirtíochtaí rialta eile go léir a ghlacann EirGrid agus Líonraí BSL orthu chun dlúthchomhordú leanúnach a chinntiú maidir le pleanáil agus oibriú na gCóras Tarchurtha agus Dáileacháin.

Cur chun feidhme

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Comhoibriú leis an gComhchlár um Oibreoir Córais (JSOP) chun aghaidh a thabhairt go comhphárteach ar riachtanais an chórais agus réitigh chórais iomlána a sholáthar	Comhoibriú an Chláir Chomhpháirtigh um Oibreoir Córais (JSOP): In 2026, leanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL ag comhoibriú trí na rannpháirtíochtaí seo a leanas: - Fóram seachtainiúil um Sheachadadh Tionscadal. - Meitheal seachtainiúil um Shamhail Oibriúcháin. - Ceardlanna comhphárteacha idir EirGrid agus FB Manna Líonraí BSL de réir mar is gá - An Bord Idirchaidrimh Bainistíochta Míosúil (MLB). - Nuashonrú Míosúil ón gCeannaireacht. - Bord Plé Ráithiúil. - Idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla ó lá go lá.	Comhoibriú an Chláir Chomhpháirtigh um Oibreoir Córais (JSOP): Trínár rannpháirtíochtaí le OCD, bhíomar in ann gníomhartha a phleanáil, a ailíniú agus a bhainistiú go gníomhach le chéile. Maidir lenár ndul chun cinn maidir leis an gClár Comhphárteach um Oibreoir Córais (JSOP), in 2026, tá sé mar aidhm againn na torthaí seo a leanas a bhaint amach: - Comhoibriú OCD/OCT ar thrialacha Phróiseas Trialach Cáilíochta (QTP) tar éis próiseas bliantúil QTP (ag brath ar chinneadh rialála). - Prótacal oibriúcháin le haghaidh rialú Acmhainní Dáilte Fuinnimh (DER) a bhailíochtú i gcomhréir le samhail oibriúcháin OCD/OCT.

		• Meitheal ullmhúcháin maidir le hinrialaitheacht giniúna in-athnuaite taobh thiar den mhéadar (faoi stiúir ESNB). • Comhordú a dhéanamh ar Chaighdeáin Taobh Thiar den Mhéadar agus ailtireacht seolta. • Bainistíocht cumhachta freasaithí a aistriú go staid mharthanach agus í a ionchorprú i ngnó mar is gnách. • Prótacal caighdeánaithe a fhorbairt le haghaidh naisc ghiniúna solúbtha ó fhoinsí in-athnuaite a bheidh marthanach i gcomhréir le dearadh na Samhla Oibriúcháin OCT-OCD. • Nuashonrú ar phróiseas athchóirithe an chórais cumhachta.
Samhail Oibriúcháin TSO-DSO don todhchaí a fhorbairt	Samhail Oibriúcháin TSO-DSO don todhchaí a fhorbairt: In 2026, leanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL de bheith ag reáchtáil ceardlanna comhpháirteacha chun na príomhghníomhaíochtaí dearaidh de shamhail oibriúcháin a chur chun cinn agus na gníomhaíochtaí riachtanacha lena gcur i bhfeidhm a scópáil.	Samhail Oibriúcháin TSO-DSO don todhchaí a fhorbairt: Trínár ndlúthchomhoibriú, leanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL de bheith ag díriú ar dhearadh agus ar phlean cur chun feidhme do shamhail oibriúcháin OCT-OCD. In 2026, tá sé mar aidhm againn: • Céim 2 (réiteach marthanach) de Dhearadh Mionsonraithe na Samhla Oibriúcháin críochnaithe a fhorbairt agus a chomhaontú.

		• Plean cur chun feidhme a nuashonrú tar éis Dearadh Mionsonraithe Chéim 1 (réiteach eatramhach) agus Dearadh Ardleibhéil Chéim 2. • Céim 1 den tSamhail Oibriúcháin a chur i bhfeidhm (dáta táscach, le nuashonrú tar éis Dearadh Mionsonraithe Chéim 1 a chríochnú). • Doiciméadacht sonraíochta feidhmiúla / teicniúla a fhorbairt le haghaidh riachtanais chórais chun Samhail Oibriúcháin OCT-OCD a chur i bhfeidhm.
Dul i mbun rannpháirtíochta leis an tionscal arís maidir le Samhail Oibriúcháin OCT-OCD don todhchaí:	Dul i mbun rannpháirtíochta leis an tionscal arís maidir le Samhail Oibriúcháin OCT-OCD don todhchaí: Leanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL ar aghaidh le Seimineáir Ghréasáin Faisnéisithe Tionscail a reáchtáil maidir leis an tSamhail Oibriúcháin OCT-OCD don todhchaí agus muid ag druidim lenár gCéim 1 (réiteach eatramhach) in 2027 agus Céim 2 (réiteach marthanach) in 2029.	Dul i mbun rannpháirtíochta leis an tionscal arís maidir le Samhail Oibriúcháin OCT-OCD don todhchaí: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá EirGrid agus Líonraí BSL in ann a chinntiú go comhpháirteach go gcuirtear fáilte roimh aiseolas ón tionscal, agus go ndéantar machnamh air, ionas gur féidir linn an tsamhail is fearr is féidir a thógáil agus torthaí dearfacha a spreagadh do chách.
Rannpháirtíocht leanúnach leis an Rialtas agus le CRU	Rannpháirtíocht leanúnach le DCEE agus CRU: Leanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL ag reáchtáil seisiúin faisnéise le CRU agus DCEE araon maidir lenár ndul chun cinn. Tá na seisiúin faisnéise seo á n-óstáil i gcomhpháirt ag EirGrid agus Líonraí BSL.	Rannpháirtíocht leanúnach le DCEE agus CRU: Leis an gcaidreamh seo tugtar deis do OCT agus OCD an Rialtas agus an CRU a thabhairt cothrom le dáta maidir leis na nithe seo a leanas: CRU: • Pleananna amach anseo maidir le rannpháirtíocht

		tionscail agus aiseolas ó sheimineár gréasáin roimhe seo. • Deis aiseolas a chur ar fáil. DCEE: • Cúlra an ábhair agus ábharthacht Shamhail Oibriúcháin OCT/OCD • Forbhreathnú ar dhearadh ardleibhéil na samhla oibriúcháin atá beartaithe agus samplaí mionsonraithe.
--	--	---

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht le Líonraí BSL, déan teagmháil linn trín [ár leathanach teagmhála anseo](#) (agus ‘rannpháirtíocht le Líonraí BSL’ san ábhar).

Slándáil an tsoláthair

Léargas ginearálta

Tá EirGrid freagrach as soláthar leictreachais sábháilte, slán agus iontaofa - anois agus amach anseo. Oibrímid, forbraímid agus feabhsaímid an eangach leictreachais agus an margadh, rud a threoraíonn aistriú na hÉireann chuig todhchaí fuinnimh in-athnuaite ísealcharbóin.

Déanann Lárionad Náisiúnta Rialaithe EirGrid monatóireacht ar éilimh fuinnimh na hÉireann agus déanann sé soláthar agus éileamh a chomhardú go cúramach i gcónaí. Leanfaidh EirGrid ag freastal ar riachtanais maidir le fás an éilimh ar leictreachas in Éirinn agus é ag bainistiú dinimic chasta agus athraitheach idir an soláthar agus an t-éileamh. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar chás leordhóthanacht an chórais le hacmhainn nua agus le giniúint éigeandála neamhmhargaidh a thabhairt isteach, agus d'fhéadfadh sé gur beag an chothromaíocht a bheidh ann idir soláthar agus éileamh ag amanna áirithe.

Tar éis tionscnaimh leabaithe a forbraíodh faoi Chlár um Shlándáil an tSoláthair CRU i ngnáthphróisis ghnó, leanfaidh EirGrid in 2026 de bheith ag díriú ar sholáthar slán a áirithiú agus feabhsuithe leanúnacha a shaothrú ina próisis ullmhachta riosca agus freagartha éigeandála.

Déanaimid clár ilbhliantúil ullmhachta riosca agus pleanála éigeandála a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, ag obair go dlúth lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, is iad sin DCEE, CRU, gníomhaireachtaí na hEarnála Fuinnimh (GNI, ESNB, agus NORA), chomh maith leis an Oifig um Pleanáil Éigeandála, custaiméirí, rannpháirtithe sa mhargadh, agus Ranna Earnála an Rialtais.

Cuimsíonn an clár seo cumarsáid réamhghníomhach ar ionchas an chórais thar thréimhsí ama éagsúla (fíor-am, seachtain roimh ré, go séasúrach, agus ar feadh tréimhse 10 mbliana).

Straitéis

Leordhóthanacht an chórais agus ceantanna margaidh toillte

Déanann EirGrid dlúthmhonatóireacht ar sheachadadh tionscadail rathúla ceantanna margaidh toillte, agus tacaímid leis an gcéanna (féach ár gcaibidil ar Oibriú agus forbairt na heangaí agus an mhargaidh le haghaidh tuilleadh sonraí fúthu). Sa chás go meastar nach bhfreastalóidh seachadadh na hacmhainne sin ar riachtanais an chórais, molaimid bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

Giniúint éigeandála shealadach agus aonaid ceantanna margaidh toillte atá ann cheana a choinneáil

Tá EirGrid, ón mbliain 2021, i gceannas ar sholáthar dhá thrinse de Ghiniúint Éigeandála Sealadach (TEG) arb ionann iad agus 2021 meigeavata san iomlán agus a oibríonn lasmuigh de shocrúithe an mhargaidh i gcomhréir le ceanglais Airteagal 650(16) de Rialachán an AE maidir le Riosca-Ullmhacht in Earnáil an Leictreachais.

Bhí EirGrid i gceannas freisin ar chlár oibre le BSL chun oibriú gineadóirí níos sine a leathnú ar mhaithe le slándáil an tsoláthair. Ón 1 Iúil 2025 oibríonn trí aonad ag Gob na Muine (750 MW san iomlán) lasmuigh de shocrúithe an mhargaidh i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin.

Déanaimid monatóireacht ar an gcóras cumhachta i bhfíor-am agus oibrímid le hoibritheoirí na n-aonad seo chun a chinntiú go ndéantar na haonaid seo a thástáil agus go bhfuil na prótacail i bhfeidhm chun iad seo a sheoladh nuair a éilíonn coinníollacha an chórais.

Riosca-Ullmhacht

Tacaímid le CRU chun an Plean Riosca-Ullmhachta (RPP) d'Éirinn a fhorbairt gach 4 bliana, mar a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht in Earnáil an Leictreachais, agus glacaimid páirt sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta (NRA) d'Éirinn gach 3 bliana.

Tá EirGrid gníomhach freisin ar leibhéal Eorpach i struchtúir stiúrtha agus oibre éagsúla i Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha don Leictreachas (ENTSO-E) a bhaineann le riosca-ullmhacht agus planáil éigeandála. Áiríodh leis sin dul i mbun oibre leis an CRU i ndáil le cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha a shainaithint, mar a cheanglaítear faoi [Rialachán \(AE\) 2019/941](#).

Glacann EirGrid páirt in dhá chruinniú dhébhlíantúla le páirtithe leasmhara maidir le planáil éigeandála, is é sin an fóram ilghníomhaireachta um Pleanáil Éigeandála Gáis agus Leictreachais (GEEP) arna thionól ag CRU, agus fóram Shlándáil Soláthair Gáis agus Leictreachais na Ríochta Aontaithe / na hÉireann.

Ullmhacht i gcás éigeandála

Tá clár cleachtaí ionsamhlúcháin éigeandála leagtha amach sa Phlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn. Tugann an clár seo aghaidh ar chleachtaí oibríochtúla agus ilpháirtithe leasmhara araon.

Déirigh linn cleachtaí bliantúla ilpháirtithe leasmhara san earnáil fuinnimh a stiúradh ó 2021 i leith, lena mbaineann DCEE, CRU, Líonraí Gáis Éireann, an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) agus Líonraí BSL, chun ár bprótacail freagartha éigeandála a thástáil, agus d'ionchorpraíomar ceachtanna a foghlaimíodh agus aiseolas páirtithe leasmhara ó chleachtaí roimhe seo.

Tá freagairt na hearnála fuinnimh, faoi stiúir na Comhfhoirne Freagartha Éigeandála Fuinnimh (JEERT) leagtha amach i bPlean Cumarsáide Éigeandála Chórais Cumhachta EirGrid (PSECP). Thug an plean seo aghaidh freisin ar chomhtháthú le struchtúir NECG agus ar riachtanais chumarsáide le páirtithe leasmhara Eorpacha eile amhail an Coimisiún Eorpach (DG Ener), an Grúpa Comhordaithe Leictreachais (ECG), agus OCTanna Eorpacha, trí Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha don Leictreachas (ENTSO-E).

Thacaigh EirGrid freisin le DCEE agus cleachtaí an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) á gcur i gcrích san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí.

I measc na gcleachtaí oibríochtúla tá rannpháirtíochtaí éigeandála idir-seomraí rialaithe de chuid EirGrid agus Líonraí BSL, chomh maith le treoracha éigeandála agus rannpháirtíochtaí le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) agus gineadóirí.

Comhoibriú le DCEE, CRU agus oibreoirí eile san earnáil fuinnimh

Déanann EirGrid athbhreithniú bliantúil ar Phlean Cumarsáide Éigeandála an Chórais Cumhachta (PSECP), a shainmhíníonn na ról, na freagrachtaí agus na prótacail don earnáil fuinnimh maidir le freagairt d'éigeandálaí móra an chórais cumhachta. Cuimsíonn an plean DCEE, CRU, EirGrid, GNI, Líonraí BSL, agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Chúltaca Ola (NORA). Leagtar amach ann freisin an chaoi a n-idirghníomhaíonn na hOibritheoirí leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) i gcás géarchéime in earnáil an fhuinnimh.

Comhoibriú le DCEE agus GIS

D'oibrigh EirGrid le DCEE agus le Seirbhís Faisnéise an Rialtais chun an foghrúpa Cumarsáide maidir le hÉigeandáil Fuinnimh a bhunú, ar foghrúpa é a ghníomhachtaítear faoin nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) i gcás éigeandála náisiúnta. Leantar den fhoghrúpa sin a fheidhmiú nuair a dhéantar cleachtaí ilpháirtithe leasmhara leis an NECG.

Comhoibriú le Líonraí BSL agus le GNI maidir le cumarsáid éigeandála

Tá cumarsáid rialta agus thráthúil, arna comhordú le Líonraí BSL (mar OCD) agus le GNI rithábachtach chun freagairt a chinntiú do theagmhais ar an gcóras cumhachta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil an tsoláthair san earnáil fuinnimh. Oibríonn EirGrid go dlúth le Líonraí BSL agus GNI chun prótacail agus

seoladh teachtaireachtaí i dtaca le cumarsáid éigeandála a fheabhsú le haghaidh rioscaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair.

Déanann EirGrid agus Líonraí BSL nuashonrú agus tástáil rialta freisin ar ár gcomhphlean teachtaireachtaí géarchéime, a thacaíonn le freagairt na hearnála fuinnimh ar éigeandálaí córais cumhachta faoin bPlean Cumarsáide Éigeandála don Chóras Cumhachta

Staid an chórais agus cumarsáid ionchais

Eisíonn EirGrid Ionchas Corrlaigh an Chórais dhésheachtainiúil a sholáthraíonn ionchas ceithre lá do chustaiméirí agus do rannpháirtithe sa mhargadh ar staid an chórais maidir le giniúint in-athnuaite agus theirmeach atá ar fáil chun freastal ar an éileamh réamhaisnéise.

Chuir EirGrid tús freisin le tuairisciú ar laghduithe ar an nGlanacmhainn Aistrithe a cuireadh i bhfeidhm ar onnmhairí an Idirnascaire ag amanna nuair a bhí corrlaigh an lae romhainn gann.

D'eiseofaí foláireamh córais agus cumarsáid éigeandála stáid i bhfíor-am i gcás imní faoi shlándáil an tsoláthair. Eiseofar 'Rabhadh Corrlaigh' freisin chuig rannpháirtithe sa mhargadh nuair a sheachnóidh na haonaid Ghinte Éigeandála Shealadaigh atá ar fáil Foláireamh nó córas Éigeandála. Cuirfear rannpháirtithe sa mhargadh ar an eolas freisin faoi rioscaí corrlaigh nuair is gá glaoch ar Aonaid atá ann cheana a Choinneáil (Gob na Muine 1, 2, agus 3).

Cur chun feidhme

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála	Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála: In EirGrid, déanaimid clár ilbhliantúil riosca-ullmhachta agus pleanála éigeandála a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa Phlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn. Ag obair go dlúth lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, is iad sin DCEE, CRU, gníomhaireachtaí na hEarnála Fuinnimh (GNI, ESNB, agus NORA), an Oifig um Pleanáil Éigeandála, custaiméirí, rannpháirtithe sa mhargadh, agus Ranna Earnála an Rialtais, déanaimid cleachtaí - lena n-áirítear cleachtaí oibríochtúla (amhail rannpháirtíochtaí éigeandála idir EirGrid agus Líonraí BSL agus rannpháirtíocht le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh agus gineadóirí), agus cleachtaí comhordaithe éigeandála san earnáil fuinnimh.	Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála: Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do CRU i gcur chun feidhme na gceanglas nuashonraithe den Phlean Ullmhachta Riosca, mar atá sonraithe inár rannán thuas maidir le Riosca-ullmhacht agus pleanáil éigeandála. I ndeireadh na dála, cabhróidh na rannpháirtíochtaí seo le freagairt rianúil a chinntiú i gcás éigeandála náisiúnta a théann i bhfeidhm ar shlándáil an tsoláthair.
Comhoibriú le Líonraí BSL chun ár gcumas a chinntiú chun freagairt do theagmhais ar an gcóras cumhachta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil an tsoláthair	Comhoibriú le Líonraí BSL: Oibríonn EirGrid go dlúth le Líonraí BSL chun prótacail éigeandála a fheabhsú le haghaidh rioscaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair. Chomh maith leis sin, déanann EirGrid agus Líonraí BSL a gcomhphlean	Comhoibriú le Líonraí BSL: Tá cumarsáid rialta agus thráthúil le Líonraí BSL rithabhachtach chun freagairt a chinntiú do theagmhais ar an gcóras cumhachta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil an tsoláthair. Áirítear leis an obair

	teachtaireachtaí géarchéime a nuashonrú agus a thástáil go rialta.	seo forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár gcomhphlean teachtaireachtaí géarchéime chun a chinntiú go seachadfar teachtaireachtaí comhsheasmhacha do lucht féachana níos leithne, lena n-áirítear na meáin agus an pobal i gcoitinne.
Dul i mbun rannpháirtíocht le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) maidir le ceanglais i dtaca le solúbthacht éilimh agus laghdú éilimh éigeandála	Solúbthacht éilimh agus laghdú éilimh éigeandála: Leanfaidh EirGrid agus CRU de bheith ag plé le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) i ndáil le riachtanais maidir le solúbthacht éilimh agus laghdú éilimh éigeandála.	Solúbthacht éilimh agus laghdú éilimh éigeandála: Leis na rannpháirtíochtaí seo, ceadaítear le cumarsáid leanúnach agus thráthúil maidir le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna) agus ciorrú éigeantach ar an éileamh de réir mar a leanaimid orainn ag cothromú an tsoláthair agus an éilimh.
Teachtaireachtaí maidir le Staid agus Lamháil an Chórais	Teachtaireachtaí maidir le Staid agus Lamháil an Chórais: In 2026, leanfaidh EirGrid de theachtaireachtaí maidir le Staid agus Lamháil an Chórais de réir mar is gá, sa chás ina dtéann na lamhálacha in olcas. Leis sin, cinntítear feasacht agus ullmhacht ag rannpháirtithe an mhargaidh, ag LEUnna agus an bpobal i gcoitinne.	Teachtaireachtaí maidir le Staid agus Lamháil an Chórais: Leis na teachtaireachtaí margaidh agus an chumarsáid phoiblí sin, is féidir le páirtithe leasmhara léargas a fháil ar staid an chórais agus aon bhearta is gá a ullmhú mar fhreagairt ar na coinníollacha sin.
Foilsíú tráthúil na tuarascála seachtainiúla um lonchas ar Chorrlaigh Chórais	Tuarascáil lonchais ar Chorrlaigh Chórais: Is tuarascáil faoi dhó sa tseachtain í seo lena soláthraítear comhartha luathrabhaidh maidir le ganntanas an chórais do chustaiméirí éilimh. Foilsítear é an Luan agus ar an Aoine (cé is moite de laethanta saoire bainc).	Tuarascáil lonchais ar Chorrlaigh Chórais: D'fhorbair EirGrid an tionscnamh seo mar fhreagairt ar aiseolas ó chustaiméirí chun rabhadh a thabhairt nuair a bhíonn ganntanas sa chóras; Is dócha go seolfar Aonaid Éilimh (DSU); agus is féidir Ciorrú Éilimh Éigeantach (MDC) a agairt. Tuigimid go bhfuil cumarsáid shoiléir agus chomhsheasmhach ríthábhachtach agus níl sa tuarascáil lonchais ar Chorrlaigh Chórais ach ceann de na bealaí a dhéanaimid iarracht é seo a sholáthar. Ó mhí Iúil 2025 i leith, áirítear sa tuarascáil seo rannchuidiú na nAonad Reatha Coinnithe (Gob na Muine) agus na Giniúna Éigeandála Sealadaí - ag tabhairt léargas do pháirtithe leasmhara ar an rannchuidiú a

		dhéanann na haonaid seo le slándáil an tsoláthair.
Foilsíú tráthúil na tuarascála bliantúla um lonchas Geimhridh	lonchas Geimhridh: Leis an lonchas Geimhridh soláthraítear anailís ar an lonchas slándála soláthair don gheimhreadh atá le teacht.	lonchas Geimhridh: Tugann an tlonchas Geimhridh léargas níos mionsonraithe ná an Measúnú Leormhaitheasa Acmhainní Uile-Oileáin, agus é ag díriú ar an ngeimhreadh atá le teacht. Cuidítear leis an tionscal leictreachais a chur ar an eolas faoin gcothromaíocht atá le teacht idir soláthar agus éileamh agus ag tacú le hullmhú comhpháirteach do na míonna amach romhainn ag an am céanna.
Foilsíú tráthúil an Mheasúnaithe nua Leormhaitheasa Acmhainní Uile-Oileáin	Measúnú Leormhaitheasa Acmhainní Uile-Oileáin: Cuirtear an Measúnú Leormhaitheasa Acmhainní Uile-oileáin, a shonraítear faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/943, in ionad an Ráitis Acmhainne Giniúna bliantúil (GCS) lena ndéantar réamhaisnéis ar shlándáil an tsoláthair sna 10 mbliana amach romhainn. Mar chuid den phróiseas seo, déanaimid teagmháil le páirtithe leasmhara chun dul i gcomhairle maidir leis na hionchuir agus na toimhdí a úsáidimid don mheasúnú agus na torthaí a roinnt leo nuair a bheidh an anailís críochnaithe. Áirítear ann Achoimre i mBéarla Simplí chun inrochtaineacht na faisnéise dár bpáirtithe leasmhara a mhéadú, tar éis dár bpáirtithe leasmhara fáilte dhearfach a chur roimpi agus aiseolas dearfach a thabhairt dúinn san am atá thart.	Measúnú Leormhaitheasa Acmhainní Uile-Oileáin: Tugann an tuarascáil seo deis don tionscal, don rialtas, do rialtóirí agus do pháirtithe leasmhara eile an t-aistriú go fuinneamh in-athnuaite a éascú, ag tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch sa todhchaí, agus ag an am céanna oibriú slán agus athléimneach an chórais leictreachais a chinntiú. Baintear úsáid as torthaí an mheasúnaithe seo freisin chun bonn eolais a chur faoi Cheantanna um Thoilleadh an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM), meicníocht chun a chinntiú go leanfaidh an soláthar leictreachais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag freastal ar an éileamh amach anseo.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le slándáil an tsoláthair, déan teagmháil linn trín [ár leathanach teagmhála anseo](#) (cur ‘Slándáil an tSoláthair’ san ábhar).

Taighde ar Fhuinneamh

Léargas ginearálta

Tá go leor dúshlán casta ag baint le freastal ar éilimh fuinnimh an lae amárach agus teastaíonn claochlú suntasach chun dul i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe. Chun freastal ar éilimh fuinnimh an lae amárach, beidh orainn oibriú go nuálach chun réitigh atá éifeachtach a shainaithint agus raon leathan teicneolaíochtaí nua a ghlacadh chugainn féin ag an am céanna.

Lenár straitéis nuálaíochta agus rannpháirtíochta, sonraítear creat:

- lena sainaithnítear comhlachtaí saineolaithe taighde le haghaidh EirGrid le dul i gcomhpháirtíocht leo.
- lena sainaithnítear Institiúidí Ardoideachais agus eagraíochtaí a dhéanann taighde atá ag cruthú linn tallainne céimithe agus taighdeoirí, chun tacú le hobair EirGrid agus le cuspóirí fadtéarmacha.
- lena dtacaítear le treo an taighde ar fud oileán na hÉireann agus na hEorpa.
- lena mbreathnaítear ar fhorbairtí taighde agus nuálaíochta ar fud an tionscail agus an tsaoil acadúil.
- lena n-éascaítear léargais agus forbairtí a roinnt le foireann EirGrid.
- lena gcoinnítear páirtithe leasmhara ar an eolas agus lena gcothaítear nuálaíocht ar fud ár n-eagraíochta.

Straitéis

Trí rannpháirtíocht fhairsing, tá sé mar aidhm ag EirGrid nuálaíocht a chothú ar fud ár n-eagraíochta chomh maith lena chinntiú go roinnimid agus go bhfaighimid léargas ar an taighde is déanaí chun tacú lenár ndul chun cinn. I measc na gcainéal seo tá boird chomhairleacha tionscail chomh maith le hinstiúidí acadúla, fóraim agus painéil éagsúla.

Coiste Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta ENTSO-E

Tá EirGrid ina bhall de Choiste Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta ENTSO-E (RDIC). Arna bainistiú ag an bhfoireann um Thaighde Fuinnimh, cinntítear leis an rannpháirtíocht seo ionadaíocht na hÉireann maidir le pleanáil straitéiseach nuálaíochta ar fud an Aontais.

Trí RDIC, EirGrid:

- Rannchuidíonn sé leis an Treochlár TFN agus leis an bPlean Cur Chun Feidhme.
- Roinneann sé eolas agus forbraíonn sé comhthionscadail le TSONna eile.
- Tacaíonn sé le caighdeánú agus idir-inoibritheacht do theicneolaíochtaí eangaí amach anseo.
- Cinntíonn sé ailíniú le dea-chleachtais na hEorpa, agus ag an am céanna tacaíonn sé le forbairt beartais náisiúnta agus rialála.

Tuarascáil nuálaíochta

Tugtar léargas sa [Tuarascáil Bhliantúil ar Nuálaíocht](#) ar an dul chun cinn atá déanta ag EirGrid maidir le nuálaíocht agus taighde. Sula bhfoilsítear é, réachtálann EirGrid comhairliúchán, ina dtugtar cuireadh do

pháirtithe leasmhara athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-tuarascáil agus ceisteanna sonracha a fhreagairt.

Foilsítear an tuarascáil gach bliain, agus tugtar forbhreathnú trédhearcach inti ar thionscadail chríochnaithe agus leanúnacha, tosaíochtaí straitéiseacha, agus tionscnaimh atá ag teacht chun cinn.

In 2024, d'fhoilsíomar 17 bpáipéar taighde, d'oibríomar le níos mó ná 20 comhlacht seachtrach agus ghabhamar níos mó ná 90 smaoineamh inár bpróiseas nuálaíochta. Díritear go mion i dtuarascáil 2024 ar 32 tionscadal ar féidir leat léamh fúthu [anseo](#).

Fóram Taighde EirGrid

Is ardán trasfheidhmeach, inmheánach comhroinnte eolais é Fóram Taighde EirGrid a thagann le chéile go míosúil chun tacú le taighde agus nuálaíocht ar fud na heagraíochta, iad a chomhordú agus a thosú. Tá ról lárnach aige maidir le tionscnaimh taighde a ailíniú le Straitéis Nuálaíochta agus Taighde EirGrid, agus comhleanúnachas straitéiseach agus comhoibriú trasrannach a chinntiú. Tá an Fóram comhdhéanta de shaineolaithe ábhair agus toscairí ó réimsí gnó éagsúla. Cé gur ardán comhordaithe inmheánach é an Fóram go príomha, tugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara seachtracha taighde ábhartha a chur i láthair, rud a chothaíonn rannpháirtíocht níos leithne agus malartú eolais. Eisíonn an Fóram Litreacha Tacaíochta freisin le haghaidh taighde seachtrach a bhfuil gealladh fúthu atá ailínithe le spriocanna straitéiseacha.

Litreacha Tacaíochta

Tá traidisiún fada ag EirGrid maidir le tacú le taighde in Institiúidí Ardoideachais (IAnna), in Eagraíochtaí a dhéanann Taighde (RPOna) agus sa tionscal. Mar chuid den obair seo, cuireann EirGrid litreacha tacaíochta ar fáil go rialta dá n-iarratais ar mhaoiniú agus leanfaidh siad ar aghaidh ag déanamh amhlaidh i rith 2026. Trí mheasúnú agus trí litreacha tacaíochta a shíniú do thionscadail atá ábhartha go háirithe don tionscal fuinnimh, tá sé mar aidhm againn taighde a éascú i réimsí nuálacha, ar taighde é a rachaidh ar aghaidh chun tacú le forbairt an chórais cumhachta agus muid ag obair i dtreo ár n-uailmhianta aeráide.

CleanerGrid (Eangach níos Glaine)

Is é CleanerGrid comórtas bliantúil EirGrid do mhic léinn tríú leibhéal. Tugann sé rannpháirtíocht do mhic léinn fochéime agus máistreachta ar fud na hÉireann chun dul i ngleic le dúshláin fhíorshaoil a bhaineann leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Tugtar cuireadh do rannpháirtithe tograí teicniúla a chur isteach agus dul san iomaíocht le haghaidh duaiseanna a bhronntar ar dhaoine aonair agus ar a n-institiúidí araon.

Críochnaíonn an comórtas le babhta ceannais beo in oifigí EirGrid, áit a ndéanann na foirne atá ar an ngearrliosta cur i láthair do phainéal moltóirí ina bhfuil saineolaithe seachtracha. Leis an ócáid, cothaítear idirphlé idir mic léinn, gairmithe agus baill foirne EirGrid, agus taispeántar léi smainteoireacht nuálach atá ailínithe le spriocanna fuinnimh náisiúnta agus AE. Féachann an tionscnamh seo le feasacht a ardú ar an obair a dhéanaimid ag EirGrid, chomh maith le rannpháirtíocht acadúil an chomhlachta a mhéadú agus tacú lenár bhfís fuinnimh inbhuanaithe.

Óstálfaidh EirGrid an babhta deiridh den tríú comórtas CleanerGrid (Eangach níos Glaine) in R1 2026, agus ina dhiaidh sin seolfar an ceathrú comórtas in R4.

Suirbhéanna agus sásraí aiseolais

Gné rithábachtach de straitéis Nuálaíochta agus Taighde EirGrid is ea aiseolas.

In 2026, déanfar athbhreithniú córasach ar léargais a bailíodh ó rannpháirtithe chomórtas CleanerGrid (Eangach níos Glaine), ionadaithe NETT (Líonra na nOiliúnaithe OCT Eorpacha), agus comhpháirtithe acadúla chun bonn eolais a chur faoi tionscnaimh amach anseo agus iad a fheabhsú.

Úsáidfear suirbhéanna iar-imeachta, seisiúin aiseolais neamhfhoirmiúla, agus faisnéisí freisin chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht gníomhaíochtaí rannpháirtíochta, réimsí a shainaitheint le breisiú,

agus riachtanais éiritheacha ó phobail acadúla agus luathghairme a ghabháil. Cinntíonn an lúb aischothaithe go bhfanann cláir nuálaíochta agus taighde EirGrid freagrach, ionchuimsitheach, agus ailínithe le hionchais páirtithe leasmhara. Trí fheabhsúchán leanúnach a leabú inár bpróisis rannpháirtíochta, tá sé mar aidhm againn caidreamh a neartú, rannpháirtíocht a mhéadú, agus luach níos fearr a sheachadadh do na páirtithe leasmhara uile.

Lá oscailte agus imeacht líonraithe PhD

Óstálann EirGrid imeachtaí líonraithe PhD chun ár ngníomhaíochtaí nuálaíochta, tosaíochtaí taighde, agus cosáin ghairme a chur chun cinn. Tacaíonn an cainéal seo le hidirphlé oscailte, comhroinnt eolais agus comhoibriú amach anseo.

Lá taispeána agus insinte tráchtais

Óstálann EirGrid Laethanta Taispeána agus Insinte Tráchtais duine le duine, ag tabhairt cuireadh do mhic léinn agus taighdeoirí a bhfuair a dtionscadail tacaíocht ó EirGrid (e.g. trí litreacha tacaíochta, maoiniú nó comhoibriú). Taispeántar sna himeachtaí seo torthaí an taighde a fhaigheann tacaíocht sheachtrach agus cothaíonn siad idirphlé idir taighdeoirí agus EirGrid.

Líonra OCTanna Eorpacha faoi Oiliúint

In 2026, leanfaidh EirGrid lenár rannpháirtíocht ghníomhach i Líonra OCTanna Eorpacha faoi Oiliúint (NETT) ar tionscnamh comhoibritheach é a nascann gairmithe luathghairme feadh Oibreoirí Chórais Tarchurtha na hEorpa (OCTanna).

Léiríonn NETT cainéal straitéiseach chun malartú eolais trasteorann a chothú, ceannaireacht amach anseo a shaothrú, agus sofheictheacht EirGrid a neartú laistigh d'éiceachóras nuálach na hEorpa. Gach bliain, ainmníonn EirGrid beirt ionadaithe le bheith ar Bhord NETT, ag rannchuidiú le tionscnaimh cosúil le NEWW Talks (imeachtaí ar líne le ceannairí fuinnimh), Comhdháil NETT bhliantúil, agus cláir mhalairte idir-OCT.

Ní hamháin go dtacaíonn na rannpháirtíochtaí seo le forbairt ghairmiúil céimithe EirGrid ach cinntíonn sé freisin go léirítear dearchtaí na hÉireann agus cruth á chur ar thodhchaí an chomhoibrithe fuinnimh san Eoraip. Ceadáíonn na rannpháirtíochtaí seo do EirGrid ár dtiomantas le nuálaíocht, éagsúlacht, agus comhoibriú Eorpach a atreisiú.

Cur chun feidhme

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Comhairliúchán ar an Tuarascáil Nuálaíochta Bhliantúil	Comhairliúchán ar an Tuarascáil Bhliantúil: In R1 2026, rachaidh EirGrid i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir le Tuarascáil Nuálaíochta Bhliantúil 2025.	Comhairliúchán ar an Tuarascáil Bhliantúil: Trí dhul i gcomhairle ar ár dTuarascáil Nuálaíochta Bhliantúil, lorgaimid ionchur riachtanach ó phríomhpháirtithe leasmhara cosúil le hacadóirí, le cabhrú chun cruth agus bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre, agus muid ag leanúint ar aghaidh i dtreo chuspóirí aeráide Rialtais.
Tacú le Teacht chun cinn an tsaoránaigh fuinnimh	Rannpháirtíocht CleanerGrid (Eangach níos Glaine):	Rannpháirtíocht CleanerGrid (Eangach níos Glaine):

trí chomórtas CleanerGrid (Eangach níos Glaine) EirGrid	In 2026, áireofar an méid a leanas ar rannpháirtíochtaí CleanerGrid (Eangach níos Glaine) EirGrid: R1 2026: Mórimeacht deiridh beo a óstáil ag a mbeidh saineolaithe seachtracha mar mholtóirí. R4 2026: An ceathrú comórtas bliantúil CleanerGrid (Eangach níos Glaine) a sheoladh trí aontaí gairme, aoi-léachtaí, meáin shóisialta agus for-rochtain dhíreach.	Comórtas is ea CleanerGrid a reáchtálann EirGrid do mhic léinn tríú leibhéal. Anois ina thríú bliain, chruthaíomar an tionscnamh seo le feasacht a ardú ar an obair a dhéanaimid ag EirGrid, chomh maith le rannpháirtíocht acadúil an chomhlachta a mhéadú agus tacú lenár bhfís fuinnimh inbhuanaithe. In 2026, is é an aidhm atá againn comórtas CleanerGrid (Eangach níos Glaine) a fhás fad is a fhorbraítear caidreamh le hollscoileanna agus mic léinn araon.
Tacú le nuálaíocht agus taighde i réimsí a bhaineann le straitéis nuálaíochta agus taighde EirGrid	Litreacha tacaíochta: Tá traidisiún fada ag EirGrid maidir le tacú le taighde in ollscoileanna chomh maith le heagraíochtaí a dhéanann taighde agus tionscal. Mar chuid den obair seo, cuireann EirGrid litreacha tacaíochta ar fáil go rialta do thaighdeoirí sinsearacha dá n-iarratais ar mhaoiniú agus leanfaidh siad ar aghaidh ag déanamh amhlaidh i rith 2026.	Litreacha tacaíochta: Úsáidtear na litreacha tacaíochta sin le cabhrú le hollscoileanna, eagraíochtaí a dhéanann taighde agus leis an tionscal le linn dóibh iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú. Trí mheasúnú agus trí litreacha tacaíochta a shíniú do thionscadail atá ábhartha go háirithe don tionscal fuinnimh, tá sé mar aidhm againn taighde a éascú i réimsí nuálacha, ar taighde é a rachaidh ar aghaidh chun tacú le forbairt an chórais cumhachta agus muid ag obair i dtreo ár n-uaillmhianta aeráide.
Caidreamh acadúil nua a chothú chun ár gCláir Nuálaíochta Straitéiseacha a fhorbairt tuilleadh laistigh dár straitéis nuálaíochta agus taighde	Cláir Nuálaíochta Straitéiseacha: In 2026, leanfaimid ag déanamh rannpháirtíochta thar roinnt eagraíochtaí a dhéanann taighde, comhlachtaí acadúla agus an tionscal chun dul chun cinn ár gCláir Nuálaíochta Straitéiseacha a chur ar aghaidh chomh maith le tacú lenár gcuspóirí níos leithne maidir le stiúir a ghlacadh ar straitéis nuálaíochta agus taighde EirGrid.	Cláir Nuálaíochta Straitéiseacha: Beidh sé an-dúshlánach ár spriocanna dícharbónaithe a chomhlíonadh, fad is a chuirtear leictreachas slán agus inacmhainne ar fáil, agus ciallaíonn sé sin gur gá dúinn an chaoi a n-oibríonn ár gcórais fuinnimh a sháiniú as an nua. Gabhann Cláir Nuálaíochta Straitéiseacha EirGrid (agus SONI) na réimsí rithabhachtacha nuálaíochta agus taighde ar gá dúinn díriú orthu lena chinntiú gur féidir linn freagairt go héifeachtach do na dúshláin sin.

		Foghlaim tuilleadh faoi na cláir seo inár dTuarascáil Nuálaíochta Bhliantúil 2024 .
Taighde a fhaigheann tacaíocht sheachtrach a thaispeáint agus caidreamh acadúil a neartú	Lá Taispeána agus Insinte Tráchtais: In 2026, óstálfaidh EirGrid Lá Taispeána agus Insinte Tráchtais ina dtabharfar cuireadh do mhic léinn agus taighdeoirí cur i láthair a dhéanamh maidir le hobair a dtacaíonn EirGrid léi.	Lá Taispeána agus Insinte Tráchtais: Taispeántar sna himeachtaí seo torthaí an taighde a fhaigheann tacaíocht sheachtrach agus cothaíonn siad idirphlé idir taighdeoirí agus EirGrid.
Comhoibriú Acadúil a Neartú trí Rannpháirtíocht PhD	Rannpháirtíocht acadúil: In 2026, óstálfaidh EirGrid dhá imeacht rannpháirtíochta acadúla ag díriú ar chomhoibriú amach anseo.	Rannpháirtíocht acadúil: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid malartú faisnéise a éascú idir taighdeoirí, mic léinn PhD agus EirGrid chomh maith le deiseanna líonraithe a chur ar fáil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár gcaidreamh le páirtithe leasmhara nuálaíochta agus taighde, déan teagmháil linn trín [ár leathanach teagmhála anseo](#) (Cuir ‘Nuálaíocht agus Taighde’ san ábhar).

Inbhuanaitheacht

Léargas ginearálta

Cuid dár misean ag EirGrid is ea bheith ceannasach in earnáil leictreachais an oileáin maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú. Agus déanaimid é seo trínár Straitéis Inbhuanaitheachta Grúpa.

Gabhtar gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta EirGrid feadh trí cholún leathana: Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas. Tacaíonn ár ngníomhaíochtaí um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara leis na trí chuspóir a leanas:

1) Gníomhú ar son na haeráide agus claochlú an chórais leictreachais a bhrú chun cinn

Is iad na haidhmeanna atá againn faoin gcolún seo:

- An t-athrú seasmhach chuig córas leictreachais ísealcharbóin a sheachadadh.
- An smaointeoireacht chriticiúil is gá chun an t-athrú sa chóras leictreachais a thacú agus a leabú.
- A chinntiú go gcuirtear oiriúnú don athrú aeráide san áireamh i bpleanáil chun tosaigh ár mbainistíochta sócmhainne.

2) Tiomantas a thabhairt do shochaí inbhuanaithe

Is iad na haidhmeanna atá againn faoin gcolún seo:

- Feasacht shochaíoch a chruthú agus bonn eolais a chur faoi maidir leis na dúshláin atá romhainn agus an ról is féidir linn uile a imirt.
- Tacú le foghlaim agus forbairt scileanna ar fud na sochaí chun an t-athrú a bhaint amach
- Tacú le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht agus iad a chur chun cinn.
- Cultúr sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn.

3) A bheith mar eagraíocht atá freagrach

Is iad na haidhmeanna atá againn faoin gcolún seo:

- Inbhuanaitheacht a leabú tuilleadh i rialachas, cinntí, agus seachadadh ar fud an ghnó.
- Ár lorg carbóin féin a bhainistiú agus a laghdú.
- Na caighdeáin eiticíúla is airde a bhaint amach.
- Trédhearcacht a mhéadú maidir lenár bhfeidhmíocht neamhairgeadais.

Straitéis

Comhpháirtíochtaí agus príomhpháirtithe leasmhara

Bímid i dteagmháil lenár gcomhpháirtithe, lena n-áirítear Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) agus SciFest, chun comhoibriú a chur chun cinn a mbíonn tionscnaimh chomhshaoil, shochaíocha, agus rialachais (ESG) ag a bhfuil tionchar dá mbarr. Trí na comhpháirtíochtaí straitéiseacha seo, tá sé mar aidhm againn athrú bríoch a chruthú trí thacú le pobail, tionscnaimh oideachais inbhuanaithe a chur ar aghaidh, agus cleachtais fhreagracha ghnó a chur chun cinn. Is é an sprioc atá againn an comhoibriú seo a ghiaráil chun ár lorg coise ESG a bhreisiú, luach comhroinnte a chruthú, agus rannchuidiú le sochaí inbhuanaithe agus chothrom.

Ina theannta sin, comhoibríonn EirGrid le réimse páirtithe leasmhara agus piarghrúpaí tionscail chun eolas a mhalartú agus príomhfhoghlaim a bhaineann lenár straitéis inbhuanaitheachta agus ceistanna eile inbhuanaitheachta a chomhroinnt lena n-áirítear tuairisciú inbhuanaitheachta agus ár n-oibleagáidí faoin Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht mar shampla. Tá EirGrid ina bhall de Ghrúpa Fóraim Ceannairí Inbhuanaitheachta Ibec, a thagann le chéile go rialta chun léargas a chomhroinnt agus tairbhe a bhaint as líonra ceannairí inbhuanaitheachta. Leanaimid freisin le rannpháirtíocht rialta le comhlachtaí Leathstáit Tráchtála, le fócas ar leith ar an gCreat Gníomhaíochta Aeráide Leathstáit Tráchtála le NewEra.

Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI):

Tá EirGrid ina chomhpháirtí bródúil ag Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Trína mballraíocht agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh BITCI áirithe cosúil le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, Gealltanais Ardaithe agus an Clár Gníomhaíochta don Oideachas, léirimid ár dtiomantas d'oibríochtaí gnó freagracha agus rannpháirtíocht phobail. Bíonn rannpháirtíocht rialta againn le BITCI trí nuashonruithe ráithiúla agus riachtanais éagsúla atá sonrach don chlár.

SciFest:

Cuireann clár ETIM SciFest oideachas eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM) chun cinn agus cuireann sé ardán ar fáil do mhic léinn chun a n-imscrúduithe eolaíocha a chur i láthair ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Is Comhpháirtí Tionscadail é EirGrid le SciFest ina léirítear Gradam Aeráide Níos Glaine EirGrid a bhronntar ag SciFest@School, SciFest@College agus ag an gCluiche Ceannais Náisiúnta SciFest.

Cur chun feidhme

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	SciFest: In 2026, leanfaimid dár gcomhpháirtíocht le SciFest. Áireofar imeachtaí agus gradaim éagsúla le rannpháirtíocht.	SciFest: Trínár rannpháirtíochtaí, táimid ag leanúint ag tacú le scoláirí dara leibhéal chun a smaointe a fhiosrú agus a fhorbairt a bhaineann le todhchaí fuinnimh níos glaine, agus muid ag obair chun an córas cumhachta a athrú.
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	Clár um Rochtain ar an Áit Oibre DCU: Rannpháirtíocht rialta le leanúint ar aghaidh i gcaitheamh 2026 mar aon le hintéirneach samhraidh.	Clár um Rochtain ar an Áit Oibre DCU: Tá sé mar aidhm lenár gcomhpháirtíocht le hlontaobhas Oideachais DCU maidir lena gClár um Rochtain ar an Áit Oibre an t-oideachas a dhéanamh inrochtana agus indéanta do dhaoine óga ó chúlraí faoi ghannionadaíocht. Mar chuid dár gcomhpháirtíocht, tabharfaidh mac léinn ó Chlár um Rochtain ar an Áit Oibre DCU faoi intéirneacht in EirGrid le linn

		shamhradh 2026, ag cur taithí ghairmiúil thar a bheith luachmhar ar fáil agus ag forbairt scileanna tábhachtacha a bheifear in ann a chur i bhfeidhm nuair a fhilléann siad ar a mbliain deiridh den staidéar.
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	Clár píolótach le AHEAD: Chun EirGrid a chur chun cinn tuilleadh mar áit oibre éagsúil agus ionchuimsitheach, táimid ag obair le AHEAD chun a gclár Willing Able and Mentored (WAM) a chur ar fáil ar bhonn píolótach in EirGrid. Leanfaidh rannpháirtíocht rialta ar aghaidh in 2026 chun an clár seo a leabú tuilleadh, mar aon le tionscnaimh bhreise arna réachtáil ag an gcomhlacht céanna.	Clár píolótach le AHEAD: Eagraíocht seachbhrabúsach neamhspleách is ea AHEAD a chuireann rochtain chun cinn ar an margadh saothair do chéimithe faoi mhíchumas. Trí oibriú le AHEAD, tá sé mar aidhm ag EirGrid ár n-acmhainneacht a fhorbairt chun míchumas a chomhtháthú san áit oibre príomhshrutha. D'éirigh linn céimí innealtóireachta amháin a earcú tríd an gclár seo in 2025, agus tá sé mar aidhm againn céimí amháin ar a laghad a earcú tríd an sruth seo in 2026.
Tiomanta do shochaí inbhuanaithe	Coláiste Pobail Achadh Eibhlín, Baile Átha Cliath [BITCI]: Leanfaimid lenár gclár meantóireachta ('Domhan na hOibre') le scoláirí dara bliain trí Chlár Gníomhaíochtaí don Oideachas de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Áireofar ar rannpháirtíocht seisiúin cheardlainne ar réimse topaicí lena n-áirítear seisiún 'Lá i Saol' in Oifigí EirGrid, ceardlann maidir le cumhacht in-athnuaite agus cleachtais inbhuanaithe agus forbairt scileanna tábhachtacha saoil. Anuas air sin, tá suíochán pobail ag EirGrid ar an mbord a leanfaidh ar aghaidh i rith 2026.	Coláiste Pobail Achadh Eibhlín, Baile Átha Cliath: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé mar aidhm ag EirGrid cabhrú le mic léinn dearchtaí nua agus éagsúla a fheiceáil fad is a fheabhsaítear cumarsáid, féinmhuinín agus a spéis in STEM a spreagadh. Cuidíonn na rannpháirtíochtaí seo linn ár gcomhpháirtíochtaí le pobail áitiúla a bhreisiú agus daoine óga ó chútraí faoi ghannionadaíocht a chumhachtú.
Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe	Marian College (BITCI): Tar éis clár píolótach rathúil in 2025, leanfaimid lenár gclár meantóireachta (ar a dtugtar 'Domhan na hOibre') le scoláirí dara bliain trí Chlár Gníomhaíochtaí don Oideachas de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Áireofar ar rannpháirtíocht seisiúin cheardlainne ar réimse topaicí lena n-áirítear seisiún 'Lá i Saol' in Oifigí EirGrid, ceardlanna maidir le cumhacht in-athnuaite agus cleachtais	Marian College (BITCI): Trí na rannpháirtíochtaí seo, cabhraímid le mic léinn dearchtaí nua agus éagsúla a fheiceáil fad is a fheabhsaítear cumarsáid, féinmhuinín agus a spéis in STEM a spreagadh. Cuidíonn na rannpháirtíochtaí seo linn ár gcomhpháirtíochtaí le pobail áitiúla a bhreisiú i gceantar Baile Átha Cliath a

	inbhuanaithe chomh maith le forbairt scileanna tábhachtacha saoil.	Chumhachtú agus daoine óga ó chúlraí faoi ghannionadaíocht a chumhachtú.
Tiomanta do shocháí inbhuanaithe	Gealltanais Ardaíthe (BITCI): Beidh cumarsáid trí ríomhphoist, cruinnithe, comhroinnt sonraí agus comhroinnt léargais le cuideachtaí eile i gceist le rannpháirtíocht in 2026	Gealltanais Ardaíthe (BITCI): Gealltanais BITCI is ea Gealltanais Ardaíthe chun tacú le gnólachtaí chun áit oibre níos ionchuimsithí a fhorbairt. Mar shínitheoir leis an ngealltanais seo, táimid ag súil leanúint ag tacú le Gealltanais Ardaíthe in 2026.
Tiomanta do Shocháí Inbhuanaithe	Electric Aid: In 2026, reáchtálfaidh ElectricAid 6 chruinniú agus CCB amháin, chomh maith le réimse ceardlann agus cruinnithe breise le tacú le gnéithe cosúil le pleanáil agus ballraíocht.	Electric Aid: Ciste ceartais shóisialta agus forbartha idir EirGrid agus fostaithe BSL is ea Electric Aid. Is é an príomhrud a spreagann Electric Aid díriú ar spriocanna forbartha inbhuanaithe na , agus bhí tionchar suntasach ag go leor de na tionscadail ar fud an domhain ar spriocanna forbartha cosúil le huisce glan agus sláintíocht, oideachas d'ardchaighdeán, deireadh leis an ocras agus fuinneamh inacmhainne, glan.
Tiomanta do Shocháí Inbhuanaithe	Clár Intéirneachta Múinteoirí STEM: Tá EirGrid tiomanta do bheith rannpháirteach i gclár Intéirneacht Múinteoirí STEM (STInt) arís in 2026. Fógrófar ár róil go luath in 2026 trí Thairseach STInt.	Clár Intéirneachta Múinteoirí STEM: Clár náisiúnta is ea Clár STInt a chuireann DCU ar fáil chun intéirneachtaí samhraidh íoctha a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i róil STEM. Tá sé i gceist againn 1-2 mhúinteoirí a earcú ag tosú i Meitheamh 2026.
Tiomanta do Shocháí Inbhuanaithe:	Rannpháirtíocht le Foróige: In 2026, tá sé mar aidhm againn leanúint ag obair le Foróige ar raon tionscadal spriocdhírithe do dhaoine óga timpeall ar Bhaile Átha Cliath.	Rannpháirtíocht le Foróige: Trí na rannpháirtíochtaí seo, tá sé d'aidhm ag EirGrid difear a dhéanamh ach tacú le daoine óga ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath páirt a ghlacadh i gclár agus in idirghabhálacha lena gcuirtear chun cinn ceannaireacht, rannpháirtíocht shibhialta, forbairt pobail, agus lena bhforbraítear scileanna fadhbréitigh.
Tiomanta do Shocháí Inbhuanaithe	Téama an Fhuinnimh Tar éis na chéad bhliana acadúla ag EirGrid mar urraitheoir ar théama an Fhuinnimh de chuid Chlár na Scoileanna	Téama an Fhuinnimh Is é aidhm Chlár na Scoileanna Glasa ná feasacht a ardú ar shaincheisteanna comhshaoil trí

	Glasa ag An Taisce, tá sé i gceist againn dul i mbun rannpháirtíocht le meánscoileanna agus le bunscoileanna ar fud na tithe, le 103 scoil ag glacadh páirt sa téama don bhliain 2026. Mar chuid den chomhpháirtíocht, beidh EirGrid ag glacadh páirt i roinnt ceardlanna fuinnimh agus i bhféile seachtaine ar líne maidir le téama an fhuinnimh, i measc gníomhaíochtaí eile.	staidéir sa seomra ranga agus amuigh faoin aer agus chun an t-eolas sin a thiontú ina ghníomh dearfach ar son an chomhshaoil sa scoil agus sa phobal i gcoitinne. Tríd na rannpháirtíochtaí seo, féachfaimid le feasacht a chothú maidir le ról EirGrid ó thaobh eangach leictreachais na hÉireann a bhainistiú agus a oibriú, chomh maith le caidrimh a threisiú sna háiteanna a bhfuilimid i mbun fheabhsú na heangaí, nó a bhfuil feabhsú eangaí beartaithe iontu.
Gníomhú ar son na haeráide agus claochlú na heangaí leictreachais a bhrú chun cinn	Tionscnamh na Spriocanna Eolaíochtbhunaithe: In 2026, táimid ag súil le leanúint dár rannpháirtíocht leis an tionscnamh Spriocanna Eolaíocht-Bhunaithe chun a chinntiú go mbíonn spriocanna carbóin EirGrid fiúntach, intomhaiste agus go dtagann siad le dea-chleachtas.	Tionscnamh na Spriocanna Eolaíochtbhunaithe: Trí leanúint dár rannpháirtíocht, cuideofar linn spriocanna laghdaithe astaíochtaí a leagan síos i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus a áirithiú gur féidir le EirGrid, le himeacht ama, dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a thomhas agus a léiriú.
Gnó atá freagrach	Monatóireacht agus Tuairisciú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI): Leanfar leis an rannpháirtíocht seo i gcaitheamh 2026.	Monatóireacht agus Tuairisciú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI): Leis an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), cuirtear ar a gcumas do chomhlachtaí poiblí sonraí maidir le fuinneamh, astaíochtaí agus sonraí bainteacha a thuairisciú do SEAI gach uile bhliain ionas gur féidir leis dul chun cinn gach eagraíochta i dtreo na spriocanna beartais fuinnimh agus aeráide a rianú.
Gnó atá Freagrach	Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach [BITCI]: Tar éis athdheimhniú ionchais sa cheathrú ráithe de 2025, leanfaimid lenár rannpháirtíocht le BITCI i gcaitheamh 2026.	Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach: Ó bhí 2010 ann, tá EirGrid creidiúnaithe le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, ar creidiúnú neamhspleách seachtrach é ar an gcaoi a mbíonn EirGrid ag idirghníomhú leis an margadh, leis an ionad oibre, leis an gcomhshaol agus leis na pobail a mbíimid i

		dteagmháil leo agus mar mheasúnú ar ár gcur chuige straitéiseach i leith na hinbhuanaitheachta. A bhuí le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, cuirtear ár mbranda agus ár gclú chun feabhais agus sa mhullach air sin, bíonn tóir orainn mar fhostóir ar an margadh.
Gnó atá freagrach	Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leath-Stáit (CSS-CAF) (NewERA): Leanfar leis an rannpháirtíocht seo i gcaitheamh 2026.	Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leath-Stáit (CSS-CAF) (NewERA): I mí Lúnasa 2022, d'fhormheas an Rialtas Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don earnáil tráchtála leathstáit, arna fhorbairt ag an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA), i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Beidh feidhm ag an gcreat maidir leis an uile chuideachta tráchtála leathstáit agus cumhdaítear cúig thiomantas ann: • Rialachas cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide. • Sprioc um thomhas agus laghdú astaíochtaí. • Luacháil astaíochtaí i mbreithmheas infheistíochta. • Geilleagar ciorclach agus soláthar glas. • Nochtuithe a bhaineann leis an aeráid. Chun stádas cur i bhfeidhm an Chreata a ghabháil agus monatóireacht a dhéanamh air, iarrann NewERA ionchuir go bliantúil. Déantar na freagairtí sin a chur i dtoll a chéile ansin i dtuarascáil cur i bhfeidhm lena soláthraítear léargas ginearálta ar fheidhmíocht na

		gcuideachtaí tráchtála leathstáit in aghaidh na gcúig thiomantas.
Gnó atá freagrach	Comhartha um Thaisteal níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI): Cuireann ÚNI Plean Taistil ar fáil ar bhonn bliain féilire lena dtreorófar ár dtionscnaimh agus ár gcumarsáid i gcaitheamh na bliana 2026.	Comhartha um Thaisteal níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI): In 2026, leanfaimid orainn ag obair ar fheabhsuithe inár mbonneagar chun fostaithe a spreagadh leis an turas chun na hoibre a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe ar mhaithe lenár Leibhéal Óir den Chomhartha um Thaisteal níos Cliste a choinneáil.
Gnó atá freagrach	Suirbhé ar Úsáid Fuinnimh Gnólachtaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO): In 2026, leanfaidh EirGrid de shonraí ábhartha maidir le húsáid fuinnimh a sholáthar don suirbhé bliantúil ar Úsáid Fuinnimh Gnólachtaí.	Suirbhé ar Úsáid Fuinnimh Gnólachtaí ó CSO: In 2026, leanfaimid de shonraí ábhartha maidir le húsáid fuinnimh a sholáthar don suirbhé bliantúil ar Úsáid Fuinnimh Gnólachtaí. Tá gá leis na sonraí sin chun meastachán a dhéanamh ar an ídiú agus ar an gcostas fuinnimh iomlán sna hearnálacha uile de gheilleagar na hÉireann chun Cothromaíocht Fuinnimh na hÉireann a ríomh agus cloí le tuairisciú éigeantach na hÉireann ar Staidreamh Fuinnimh faoi Rialachán AE.

I gcomhair tuileadh eolais ar rannpháirtíocht inbhuanaitheachta, seol ríomhphost chuig sustainability@eirgrid.com

Pleanáil straitéiseach agus líonraí a bheidh ann amach anseo

Léargas ginearálta

Mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) d'Éirinn, tá ról uathúil ag EirGrid maidir lenár gcóras cumhachta a athrú ó bhonn chun cabhrú freastal ar riachtanais an lae inniu agus na todhchaí. De réir mar a leanaimid orainn ag obair i dtreo 80% dár bhfuinneamh a fháil ó fhoinsí in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais, is amhlaidh freisin atáimid ag obair i dtreo na gcuspóirí aeráide náisiúnta a bhaint amach idir seo agus 2050. Is mór an dúshlán a bheidh os ár gcomhair chun na spriocanna dícharbónaithe sin a chomhlíonadh, agus soláthar slán leictreachais a chur a fáil an tráth céanna. Tá comhoibriú leanúnach leis na páirtithe leasmhara uile dár gcuid rithábachtach le go bhféadfaidh EirGrid an córas cumhachta a athrú ó bhonn do na glúnta atá le teacht.

In 2026, tá na nithe seo a leanas i measc na gcuspóirí atá againn maidir le pleanáil straitéiseach agus gréasáin amach anseo:

Pleanáil gréasáin neodraigh

Sa mhullach ar [Chásanna Fuinnimh an Lae Amárach, 2023](#), agus ag forbairt ar [Ár dToghchaí Leictreachais a Mhúnlú](#), tá fiosrú déanta ag EirGrid ar chásanna den chuma a d'fhéadfadh a bheidh ar réimse éilimh agus giniúna cumhachta na hÉireann amach anseo. Agus méadú ag teacht ar an éileamh ar leictreachas maille le dul i bhfód méadaitheach foinsí in-athnuaite inathraitheacha ar an gcóras, is léir go mbeidh forbairt nach beag ar thoilleadh an ghréasáin agus ar sholúbthacht an chórais ag teastáil in Éirinn.

In 2026, déanfaimid forbairt ar an anailís a rinneamar roimhe seo agus cuirfimid i bhfeidhm ar leibhéal réigiúnach agus gréasáin í, ar an gcladach agus amach ón gcósta araon, agus anseo in Éirinn agus idirnasctha leis na tíortha is comharsana linn.

Agus muid ag obair in éindí le páirtithe leasmhara, tá sé beartaithe ag EirGrid tabhairt faoi staidéar chun béim a leagan ar scála an toillte gréasáin nua atá ag teastáil ar mhaithe le córas cumhachta iomlán dícharbónaithe in Éirinn. Le himeacht aimsire, bainfear úsáid as an tuiscint atá againn ar thoilleadh an ghréasáin chun pleananna a fhorbairt don ghréasán tarchuir amach anseo. Leis an staidéar sin cuimseofar idir ghnéithe ar an gcladach agus ghnéithe amach ón gcósta den ghréasán leictreachais agus déanfar comhéadan leis an líonra gáis. Chun é sin a fhorbairt, rachaidh EirGrid i dteagmháil agus i gcomhairle le páirtithe leasmhara, mar shampla, maidir le príomh-ionchuir agus príomhroghanna lena mbreithniú. Is é is dóichí go gcuimseofar leis sin cruinnithe duine le duine maille le cinn fhíorúla, seimineáir ghréasáin, comhdhálacha agus ceardlanna le páirtithe leasmhara chun cur is cúiteamh agus fiosrú a dhéanamh maidir leis na dearaí féideartha don eangach amach anseo lena bhféadfar bonn eolais a chur faoi phleanáil gréasáin chomh fada amach leis na blianta 2040 agus 2050.

Forbairt ar hidrigin ghlas agus stóráil fuinnimh

In 2026, beartaíonn EirGrid leanúint d'idirphlé a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara chun an fhéidearthacht a bhaineann le hidrigin ghlas agus stóráil fuinnimh in Éirinn a fhiosrú. Déanfar fiosrú leis sin ar idirghníomhaíocht hidrigine leis an gcóras leictreachais amach anseo, an fhéidearthacht a bhaineann léi chun breosla a sholáthar do ghineadóirí buactha, mar aon le forbairt níos leithne an gheilleagair hidrigine.

Is é is dóichí go gcuimseofar leis an rannpháirtíocht cruinnithe agus ceardlanna leis an Rialtas, le Líonraí Gáis Éireann, SEAI agus institiúidí acadúla, chun tuiscint a fháil ar na héilimh agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le hidrigin ghlas agus breoslaí in-athnuaite gaolmhara a tháirgeadh, a tharchur, a stóráil agus a sholáthar, mar aon le roghanna eile chun fuinneamh a stóráil.

Beidh na rannpháirtíochtaí sin ag teacht le forbairt phleananna EirGrid maidir le neodracht gréasáin mar a thairiscítear thuas agus cuirfidh siad bonn eolais faoi na pleananna céanna.

Comhoibriú idirnáisiúnta

In 2026, oibreoidh EirGrid le ENTSO-E agus le OCTanna eile chun an chéad Phlean Forbartha Gréasáin Deich mBliana eile a fhorbairt.

Ina theannta sin, leanfaidh EirGrid den teagmháil leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) chun breithniú a dhéanamh ar phleanáil straitéiseach agus anailís cháis maidir le forbairt agus feidhmiú na gcóras cumhachta amach anseo. Meastar go gcuimseofar leis sin breithniú ar mhargaí fuinnimh agus ceisteanna maidir le slándáil an tsoláthair le haghaidh na gcóras cumhachta dícharbónaithe.

Taighde agus staidéir maidir leis an gcóras cumhachta

In 2026, leanfaidh EirGrid an teagmháil leis an saol acadúil agus le comhlachtaí a thugann faoi thaighde is ábhartha maidir le pleanáil straitéiseach le haghaidh ghréasáin tarchuir agus chórais fuinnimh na hÉireann. Áireofar leis sin rannpháirtíochtaí le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus le comhlachtaí forbartha, le cumainn tionsclaíocha agus le hinstiúidí acadúla.

Leanfaidh EirGrid de pháirt a ghlacadh in athbhreithnithe teicniúla ar an gcumas agus ar an ullmhacht amach ón gcósta i gcomhar le SEAI, leis an Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach (EPRI) agus le sainmhonaróirí trealaimh Srutha Dhírigh Ardvoltais (HVDC). I gcomhar le SEAI agus le páirtithe leasmhara eile, tacóidh EirGrid le forbairt a dhéanamh ar an Straitéis maidir leis an gCóras Leictreachais Dícharbónaithe (DESS) de chuid SEAI.

Taispeántar le staidéir go meastar go dtiocfaidh fás ar an éileamh ar leictreachas ar feadh an aistrithe fuinnimh. Rachaidh EirGrid i dteagmháil le comhlachtaí reachtúla agus tionsclaíocha chun fiosrú a dhéanamh ar an éileamh ar fhuinneamh amach anseo, go háirithe i ndáil le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUnna), cuir i gcás ionaid sonraí, iompair leictrithe agus téamh

Straitéis

Bainfidh EirGrid leas as raon bealaí chun rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a bhaint amach. Tá súil againn leis go gcuimseofar leis na bealaí sin fóraim bhunaithe, cuir i gcás Comhairle Chomhairleach ‘Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú’, an Tascfhórsa um Sheachadadh Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta agus an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta.

Déanfaimid breithniú ansin ar mheithleacha agus ceardlanna tionsclaíocha breise a fhorbairt chun cur agus cúiteamh a dhéanamh i leith tograí coincheapa, éisteacht le páirtithe leasmhara agus a gcuid ionchuir agus aiseolais a lorg freisin.

Chun raon na rannpháirtíochta a leathnú chuig spriocphobail níos leithne, féadfaimid seimineáir ghréasáin ar leith a óstáil freisin le linn comhairliúcháin agus ina dhiaidh sin.

I gcás príomhpháirtithe leasmhara, cuir i gcás an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, CRU agus roinnt comhlachtaí tionscail, déanfaimid cruinnithe rialta a sceidealú chun an fhaisnéis is déanaí maidir le dul chun cinn a chur ar fáil. Déanfaimid iarracht iad sin a chur ar fáil trí chainéil sheanbhunaithe agus cinn atá ann cheana chun an fhorbairt ar phleanáil straitéiseach na ngréasán tarchuir amach anseo a chomhordú.

Tar éis an chomhairliúcháin maidir le gréasáin neodrach a thabhairt i gcrích, foilseoidh an tuarascáil deiridh ina gcuirfear plean i láthair le haghaidh gréasán neodrach. Déanfar cur agus cúiteamh i leith mholtaí na tuarascála deiridh le páirtithe leasmhara arna roghnú sula bhfoilseofar í.

Cur chun feidhme

Spriocanna:	Rannpháirtíochtaí pleanáilte le haghaidh 2026:	Torthaí beartaithe:
Pleanáil chomhpháirteach um oibriú córais	Pleanáil chomhpháirteach um oibriú córais: In 2026, oibreoidh EirGrid le Líonraí Gáis Éireann chun pleanáil an chórais cumhachta agus na gcóras gáis dícharbónaithe a bheidh ann amach anseo a chomhordú.	Pleanáil chomhpháirteach um oibriú córais: Trí bheith ag obair le Líonraí Gáis Éireann, táimid ag féachaint le comhordú a dhéanamh ar fhorbairt ár bpleananna comhpháirteacha fadtéarmacha le haghaidh leictreachas agus bhonneagar gáis na hÉireann.
Tionscadail feabhsaithe eangaí	Naisc leis an eangach: In 2026, leanfaidh EirGrid de bheith ag obair le Líonraí BSL (mar OCD) ar thionscadail feabhsaithe eangaí.	Naisc leis an eangach: Trínár rannpháirtíocht leanúnach le Líonraí BSL, tá sé d’aidhm ag EirGrid naisc leis an eangach amach anseo a phleanáil agus a sholáthar go rathúil.
Tionscadail amach ón gcósta agus tionscadail idirnasctha	Tionscadail amach ón gcósta agus tionscadail idirnasctha: In 2026, leanfaidh EirGrid dár rannpháirtíocht maidir le tionscadail amach ón gcósta (fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, naisc ghathacha agus idirnascairí) le Wind Energy Ireland agus CRU.	Tionscadail amach ón gcósta agus tionscadail idirnasctha: Trí bhíthin na rannpháirtíochtaí sin, tá sé d’aidhm ag EirGrid pleanáil agus soláthar rathúil tionscadal amach ón gcósta lena nasctar leis an eangach ar an gcladach a chinntiú.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár bpleanáil straitéiseach agus faoinár ngréasáin amach anseo, déan teagmháil linn tríd [ár leathanach teagmhála anseo](#) (le ‘Gréasáin Amach Anseo’ san ábhar).

Aguisíní: Comhairliúcháin atá beartaithe le haghaidh 2026

Tabhair faoi deara go liostaítear gach mír de réir spriocphobail agus ansin de réir bliain féilire:

C1 = Eanáir - Márta

C2 = Aibreán - Meitheamh

C3 = Iúil - Meán Fómhair

C4 = Deireadh Fómhair - Nollaig

Comhairliúcháin atá Beartaithe 2026

Teideal:	Léargas ginearálta:	Ionchais:
Téarmaí Tagartha maidir le Sceidealú agus Seoladh	Téarmaí tagartha i gcomhair na n-íniúchtaí maidir le sceidealú agus seoladh lena gcuimhdeáítear dhá bhliain, foilsítear le haghaidh comhairliúcháin poiblí agus tionscail iad. Clúdaíonn sé tréimhse dhá bhliain agus foilsítear é le haghaidh comhairliúcháin phoiblí agus tionscail.	Eanáir 2026
Comhairliúcháin ar an Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin	Cuirtear an ráiteas faoi chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara lena chinntiú go mbíonn sé cothrom le dáta agus ábhartha i gcónaí.	Aibreán 2026
Comhairliúcháin ar an bhFachtóir Coigeartuithe Fadfhógra (LNAF) agus ar an bhFachtóir Maolaithe Éagothroime Córais (SIFF)	Is paraiméadair iad LNAF agus SIFF a úsáidtear sa phróiseas maidir le sceidealú agus seoladh lena bhféadfaí tosaíocht a thabhairt d'aonaid lena ngabhann agaí fógra níos giorra (LNAF) nó tiomantas a choigeartú bunaithe ar Innéacs Éagothroime an Easnamh Córais (SIFF). Náid atá sna paraiméadair ach tá siad faoi réir athbhreithniú leanúnach agus coigeartú féideartha sa todhchaí.	Meitheamh 2026
Dátaí Spéise don Iniúchadh ar Sceidealú agus Seoladh 2025	Suirbhé don tionscal chun aon dáta ar leith a d'fhéadfadh na hiniúcháir a chur san áireamh a shainaithint.	Eanáir 2026
Cóid Ghréasáin Eorpacha	Leis na Cóid Ghréasáin Eorpacha ceanglaítear ar an OCT dul i gcomhairle maidir le sonrú na bparaiméadar neamh-uileghabhálach agus/nó neamhéigeantach.	Le deimhniú - is le dátaí éifeachtacha na gCód Gréasán Eorpach a thiomáinfear é sin
Plean Cosanta Córais	Nuashonrú ar an bplean le heisiúint le haghaidh comhairliúcháin.	Bealtaine 2026
Modheolaíocht Ríomha an Chroí-Toillte Fhadtéarmaigh	Baineann na príomhathruithe le comhtháthú EirGrid, nósanna imeachta tacachumais, réitigh theicniúla maidir le coigeartú minRAM ar leibhéal CNEC agus réitigh maidir le cuimsiú LTA a bhaint.	Cuireadh tús leis in 2025 agus leanfar leis go dtí tús 2026

Comhairliúchán ar Tharaifí	Comhairliúchán ar an bhFachtóir Coigeartaithe Caillteanais Tarchuir, Comhairliúchán ar Mhuirir Chórais Eile, Comhairliúchán ar Mhuirir maidir le hÚsáid Tarchuir Gineadóra an Chórais, Comhairliúchán ar Mhuirir maidir le hÚsáid Tarchuir Éilimh an Chórais, Muirir Tástála Gineadóra, Taraif DS3 (Seirbhísí Córais).	Bealtaine-Lúnasa gach bliain
Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht (TBF)	Cuirtear tuairisciú soiléir agus inrochtana ar fáil do chustaiméirí, don tionscal agus do pháirtithe leasmhara maidir le hoibriú, forbairt agus cothabháil an chórais tarchurtha don bhliain.	Lúnasa 2026
Tuarascáil ar Infheistíocht, Pleanáil agus Seachadadh (IPS)	Cuirtear léargas ginearálta ar fáil do pháirtithe leasmhara faoi dhul chun cinn maidir le forbairt agus seachadadh bonneagair ar fud na dtionscadal tarchuir.	Lúnasa 2026
Comhairliúcháin ar Phlean Ilbhlianta Dhreasachtaí PR6	Baineann sé seo le comhairliúcháin a bhíonn ar siúl inar féidir le páirtithe leasmhara aiseolas a chur ar fáil maidir leis na dreasachtaí lena dtiomáintear EirGrid don phlean ilbhlianta (26-30).	Lúnasa 2026
Athsholáthar 220kV Inse Chór-An Poll Beag CP1157	Comhairliúchán poiblí mar chuid de Chéim 5 maidir le Tollán Cáblaí faoi Chathair Bhaile Átha Cliath ó Inse Chór san Iarthar go dtí stáisiún nua an Phoill Bhig i gceantair an chalafoirt.	Idir deireadh 2025 agus tús 2026
Comhairliúchán Chéim 4A PUOSC	Conairí cáblaí ar an gcladach, amach ón gcósta, criosanna OSS, crios Líonta Talún, crios nasctha eangaí (áirítear iascaigh leis an gcomhairliúchán).	Eanáir 2026
Measúnú ar Leorgacht Acmhainní Uile-Oileáin 2027-2036 - Ionchuir agus Toimhdí	Dul i gcomhairle maidir le modheolaíocht, ionchuir agus toimhdí le haghaidh AIRAA 2027-2036.	Eanáir 2026
Ríomh an Toillte don lá roimh ré i gCroí-Thoilleadh CCR	Comhairliúchán maidir le modheolaíocht CCR.	Meán Fómhair 2026
Tuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta 2025	Dul i gcomhairle maidir leis an dréacht tosaigh de Thuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta 2025 agus é a fhoilsiú.	Eanáir 2026
Plean Forbartha Tarchurtha (PFT)	Comhairliúchán tionsclaíochta ag CRU chun aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara seachtracha éagsúla maidir leis an dréacht-inneachar agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair laistigh den PFT.	Eanáir 2026

Ráiteas Réamhaisnéise Tarchuir Deich mBlíana (TYTFS)	Comhairliúchán tionsclaíochta ag CRU chun aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara seachtracha éagsúla maidir leis an dréacht-inneachar agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair laistigh den TYTFS.	Aibreán 2026
Tuarascáil 2025 ar Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara NSEE	Comhairliúchán poiblí maidir le Tuarascáil 2025 ar Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara an Lónra a fhoilsiú.	Márta 2026
Athbhreithniú Bliantúil ar an Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin, 2026	Na hathruithe atá beartaithe a leagan faoi bhráid na n-údarás rialála lena bhformheas.	Aibreán 2026
Plean um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 2027	Leagtar amach sa tuarascáil seo ár bplean /straitéis maidir le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara i gcaitheamh na bliana féilire atá le teacht	Deireadh Fómhair 2026
Athbhreithniú Bliantúil ar an Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin, 2026; ina leagtar athruithe atá beartaithe faoi bhráid na n-údarás rialála lena bhformheas	D'ullmhaigh EirGrid agus SONI an Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin de réir a gcuid oibleagáidí ábhartha faoi Cheadúnas an Oibritheora Córais Tarchurtha	Aibreán 2026